



TAIGHDE

Tuarascáil Bhliantúil 2005 ***agus ráitis airgeadais***



EOLAS



TIONCHAR



www.teagasc.ie

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2005 THEAGASC AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

Don Aire Talmhaíochta agus Bia de bhua Alt 13 den

De bhua Alt 13 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988, cuireann Údarás Theagasc a thuarascáil ar fáil don tréimhse idir 1 Eanáir, 2005 agus 31 Nollaig, 2005.

Tá leagan Béarla den tuarascáil seo ar fáil freisin.

Sonraí Teagmhála:

Teagasc
Páirc na Darach
Ceatharlach
Co. Cheatharlach
Teileafón: 059 917 0200;
Facs: 0599182097;
ríomhphost: publications@teagasc.ie

Clár na nÁbhar

Ráiteas Misin	4
Ráiteas an Chathaoirligh	5
Athbhreithniú an Stiúirthóra	6-8

Léargas ar Theagasc

Eolas faoi Theagasc	9
Baill d'Údarás Theagasc	10
Ballraíocht ar Choiste Údarás Theagasc	11
Bainistíocht Shinsearach Theagasc	12
Theagasc in 2005	13-14
Réamhrá an Tuarascála Bliantúla	15
Léarscáil Suíomh.....	16
Cairt Eagraíochta	17

Gníomhaíochtaí in 2005

Spríoc 1: Iomaíochas agus Nuáil i dTalmhaíocht	18-29
Spríoc 2: Iomaíochas, Nuáil, Sábháilteacht agus Caighdeán Bia	30-35
Spríoc 3: Córais Inbhuanaithe Talmhaíochta	36-41
Spríoc 4: Inmharthanacht Tuaithe.....	42-45
Spríoc 5: Cumais Oibríochta agus Nuachóiriú	46-52
Príomhnaisc.....	53-54
Cur i bhFeidhm, Monatóireacht agus Tuairisciú	55
Comhlíonadh le hOibleagáidí Reachtúla	56

Ráitis Airgeadais

Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	58
Ráiteas ar Rialúchán Inmheánach Airgeadais	59
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis	60
Beartais Chuntasaíochta	1-62
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	63
Ráiteas ar Ghnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána	63
Clár Comhardaithe	64
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	65
Nótaí a bhaineann leis na Ráitis Airgeadais 66-76	

Aguisíní

1. Giorrúcháin sa téacs	77
2. Táscairí Feidhmíochta agus Dul Chun Cinn	78-95

RÁITEAS MISIN

Eolas nua a chruthú agus a chur i bhfeidhm ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe talmhaíochta agus an tionscail phróiseála bia le cur ar a chumas freagairt go brabúsach ar éilimh agus ceanglais tomhaltóirí agus cur le geilleagar agus sochaí tuaithe bríomhaire.



RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH



Bhí tionchar ag athruithe beartais bunúsacha ar thalmhaíocht in Éirinn in 2005. Cuireadh comhaontú leasaithe CBT Lucsamburg i bhfeidhm ó thús na bliana. Ba í an fhorbairt ba mhó agus a raibh an tionchar is mó aici scaradh fóirdheontas díreach feirmeoirí ó tháirgeadh. Chuir sé seo deireadh leis an oibleagáid a bhí ar fheirmeoirí rudaí a tháirgeadh d'fhonn cáiliú dá n-íocaíochtaí fóirdheontais. Ina ionad, rinneadh íocaíocht shingil i mí na Nollag agus in athuair cuireadh an bhéim ar an toradh ar féidir leis an margadh a fháil ó tháirgí.

Tharla a lán athruithe i dTeagasc freisin, le linn don eagraíocht freagairt agus dul in oiriúint don timpeallacht feirmeoireachta athraithe seo ar bhealach pleanáilte agus tomhaiste. Ciallóidh atheagrú ar gcúrsaí oideachais agus oiliúna, mar aon le hathstruchtúrú ar seirbhísí comhairleacha, go mbeimid, mar eagraíocht, in ann freastal ar bhealach níos fearr ar riachtanais ár gcliant amach anseo.

De thoradh na hinfeistíochta atá déanta againn in áiseanna taighde biteicneolaíochta nua táimid ar thús cadhnaíochta i dtaobh taighde bia agus talmhaíochta. Baineann fiorthábhacht le taighde laistigh de Theagasc agus laistigh de thalmhaíocht in Éirinn. Tá ár gcláir thaighde talmhaíochta dírithe ar éifeachtachtaí ar fheirmeacha a fheabhsú. De réir a chéile beidh ár gcláir thaighde bia ag díriú ar bhia don tsláinte agus nuáil sa tionscal bia. De réir mar a bheidh níos mó tionchair ag an margadh ar fheirmeoireacht agus ar an tionscal agraibhia, beidh taighde atá ar siúl ag Teagasc ag soláthar réiteach don timpeallacht nua seo.

I rith na bliana, d'oibrigh Teagasc i gcomhar le roinnt comhlachtaí poiblí, eagraíochtaí, daoine aonair agus cuideachtaí san earnáil agraibhia. Tá na naisc seo rithábhachtach maidir le seachadadh éifeachtach agus éifeachtúil ar seirbhísí do chliaint agus do pháirtithe leasmhara a chinntiú. D'éirigh thar barr le hobair ar raon comhchlár idir an eagraíocht agus roinnt comharchumann

agus cuideachtaí bia. Baineann tábhacht leis na naisc seo leis an earnáil tráchtála agus cuireann siad lenár gcumas freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí. Tá ár gcomhoibriú le hollscoileanna agus institiúidí taighde, anseo in Éirinn agus thar lear, rithábhachtach ó thaobh faisnéis a roinnt agus cur leis an mbonn eolais laistigh den eagraíocht trí chéile.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don chúnamh agus tacaíocht a thug an tAire Talmhaíochta agus Bia, Mary Coughlan TD, mar aon leis an mbeirt Airí Stáit sa Roinn sin, John Browne TD agus Brendan Smith TD. Guím gach rath ar John Browne lena chúram nua mar Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha. Tréasláim le Mary Wallace TD ar a ceapachán mar Aire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia, agus táim ag tnúth le leanúint leis an dea-ghaolmhaireacht oibre atá eadrainn.

Thug Ard-Rúnaí na Roinne Talmhaíochta agus Bia, Tom Moran, agus a oifigigh cúnaimh fiorthábhachtach maidir le raon saincheistanna do Theagasc i rith na bliana.

Is í an tsócmaínn is tábhachtaí atá ag Teagasc na baill foirne agus an méid eolais atá ag na baill foirne éagsúla agus an fhoireann uile le chéile. Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl don Stiúrthóir, Jim Flanagan, an fhoireann bainistíochta agus na baill foirne uile as ucht a ndúthrachta agus tiomantais dá gcuid oibre le bliain anuas.

Ar deireadh, is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl as ucht an mhéid ama agus tiomantais a thug mo leathbhádóirí ar an Údarás don eagraíocht in 2005.

An Dr Tom O'Dwyer
Cathaoirleach

ATHBHREITHNIÚ AN STIÚRTHÓRA



Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2005 maidir leis na spriocanna agus cuspóirí a bhí leagtha amach ag an eagraíocht i Ráiteas Straitéise 2005-2007 a bhaint amach. Go háirithe, cabhróidh ár n-iarrachtaí taighde i dtalmháocht agus bia le feabhsúcháin bhreise in iomaíochas an tionscail. Bhí an bhéim i dtaighde déiríochta agus mairteola ar bhrabúsacht a mhéadú trí bhainistíocht agus rialú costais níos fearr. Cuireadh béim ar leith ar chlár phóraithe níos fearr a fhorbairt.

Léirigh Páirc Uí Mhórdha má úsáidtear ba le IPE ard go méadóidh brabús ar fheirmeacha trí chostais a laghdú agus feabhas a chur ar tháirgiúlacht thar shaolré na n-ainmhithe. Rinne Ionad Taighde na Gráinsí dhá mhórstaidéar chun Innéacs Póraithe Mairteola an Irish Cattle Breeding Federation (ICBF) a dhearbhu.

Léiríonn ár gclár taighde caorach gur cheart a bheith ag dul i dtreo meáchan breithe níos airde agus dréachtú níos luaithe uan tógtha trí chóras beathaithe geimhridh lasmuigh, córas atá á bhainistiú mar is ceart.

Léirigh scaradh na bhfóirdheontas in earnáil na ngránach go bhfuil na corrlaigh san earnáil sin an-íseal. Thug an taighde a rinneamar i bPáirc na Darach le fios gur féidir le táirgeachtaí cruithneachta geimhridh i gcóras ionchuir ísil a bheith chomh táirgiúil céanna le gnáthchóras ionchuir, rud a fhágann corrlach níos airde don saothróir.

Paitinníodh dhá chineál práta nua i rith na bliana, práta amháin le frithsheasmhacht den scoth in aghaidh dúchana, práta a bhféadfadh ról suntasach a bheith aige amach anseo, go háirithe ar aonaid orgánacha.

Tá an Stiúrthóireacht Chomhairleach athstruchtúrúraithe ar mhaithe le níos mó speisialtóireachta agus comhtháthú níos fearr leis na Stiúrthóireachtaí Taighde agus Oilíúna a éascú. Tá foireann chomhairleach ainmnithe le dul i mbun ceithre sheirbhís: Gnó agus Teicneolaíocht; Dea-Chleachtas

Feirmeoireachta; Forbairt Tuaithe agus Oideachas Aosach. Tá struchtúr nua ina bhfuil 18 Bainisteoir Ceantair ann tagtha in ionad na sean-rannán contae. Ciallóidh sé seo go mbeidh deis níos fearr ag an eagraíocht freastal ar riachtanais ár gcliant uile, agus le bliain anuas tá méadú 20% go 40,700 tagtha ar an líon cliant.

Cuireadh tús leis an gCóras Feirme Íocaíochta Singile in 2005. Eagraíodh feachtas mór mar chuid den Chóras nua seo chun insint d'fheirmeoirí faoi shonraí na scéime agus cabhrú leo a dteidlíochtaí a bhunú agus a éileamh. Tá buíochas tuillte ag ár bhfoireann as ucht an bhealaigh ghairmiúil ar éirigh leo an tseirbhís thábhachtach seo a sheachadadh.

Lean an tóir a bhí ar sheirbhísí pleanála REPS 3 ag méadú. Chabhraigh ár gClár Roghanna do Theaghlach Feirme le os cionn 2,500 teaghlach feirme smaoineamh ar na deiseanna atá acu agus cinní daingne a dhéanamh maidir leis na blianta amach anseo.

In 2005 bunaíodh Aonaid Forbartha foraoiseachta, muc agus gairneoireachta. Tá taighde i gceist sna haonaid nua seo mar aon le foirne comhairleacha ag obair i gcomhar lena chéile chun seirbhís chomhtháite a sholáthar dár gcustaiméirí.

Rinneadh athbhreithniú ar na cláir oideachais agus oilíúna agus tá na moltaí a tháinig chun cinn ón athbhreithniú sin á gcur i bhfeidhm. Aithníodh an gá atá le níos mó solúbthachta i leith ár gcláir oilíúna a sheachadadh d'fhonn freastal ar riachtanais athraitheacha custaiméirí. Is éard atá i gceist leis seo oiliúint a chomhtháthú leis na feidhmeanna comhairleacha agus taighde. I measc na bpríomhathruithe a moladh bhí gá le socrúcháin oibre níos giorra do mhic léinn, mar aon le taitní oibre a fháil ar an bhfeirm bhaile.

Taighde Bia Nuálaíoch

Tharla forbairtí suimiúla agus nuálaíochta i dtaighde bia in 2005. D'oibrigh Ionad Taighde Bia Pháirc Uí Mhórdha (ITBPM) agus Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh (ITBBÁ) mar chuid den stiúrthóireacht chéanna. De réir a chéile tá tomhaltóirí ag díriú ar an ról atá ag bia i ndea-shláinte. Cuireadh tús le tionscnamh taighde nua, 'Foods for Health' agus is cuid den chlár 'Vision' nua do thaighde san eagraíocht atá ann. Rinne scrúdú iniúchadh ar na leasanna sláinte poitéinsiúla a bhaineann le hAigéad Líonoiléach Comhchuingeach, comhpháirt de shail bhainne atá le fáil i raon bianna cosúil le cáis, táirgí muiceola agus mairteoil.

Cuireadh tús le clár taighde nua a raibh sé mar aidhm leis teicneolaíocht a fhorbairt chun bianna a fhoirmiú a bhí dírithe ar dhaoine murtallacha.

Cabhróidh dhá thionscadal cáise leis an tionscal déiríochta chun deiseanna a aithint le roghanna eile a sholáthar seachas

cáiseanna traidisiúnta, cáiseanna cosúil le céadar agus mozzarella. Tá anailís ar mhargadh na Ríochta Aontaithe i gceist le staidéar amháin, anailís a bhfuil sí mar aidhm léi deiseanna chun cáiseanna ardtoirte breisluacha a aimsiú. Is é an Dairy Research Trust atá ag soláthar maoinithe don tionscadal seo.

Baineadh amach a lán den aistriú teicneolaíochta ó ITBPM agus ITBBÁ trí thaighde a bhí coimisiúnaithe ag cuideachtaí bia agus bhain cuideachtaí bia, go háirithe sa tionscal déiríochta, níos mó úsáide as Moorepark Technology Ltd.

Osclaíodh an t-ionad biteicneolaíochta nua i bPáirc Uí Mhórdha go hoifigiúil, rud a léirigh ár ndiongbháilteacht leanúint le bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh taighde de. Tá straitéis fhoirmiúil curtha le chéile ag ITBPM dá chlár biteicneolaíochta ainmhithe. Tá stóras DNA ollmhór san ionad, ina bhfuil samplaí de os cionn 3,500 bó, 220 tarbh cruthaithe agus 180 muc.

Cuireadh cúrsa oiliúna sábháilteachta agus sláinteachais bhia ar fáil trí mheán na Rúisise, na Laitise agus na Polainnise, rud

a thugann léargas ar an meascán náisiúntachtaí atá ag obair sa tionscal gairneoireachta anois.

Talmhaíocht Inbhuanaithe

Dhírigh an clár comhairleach timpeallachta ar éifeachtacht agus seachadadh seirbhísí do chliant REPS a fheabhsú. Díríodh aird ar leith ar chaighdeán uisce trí úsáid cothaitheach éifeachtúil a chur chun cinn mar aon le bainistíocht aoiligh níos fearr.

D'ullmhaigh baill foirne Theagasc 4,500 plean REPS 3 an bhliain seo caite mar aon le cabhrú le cliant €107 milliún a éileamh in íocaíochtaí REPS i rith na bliana. I mí an Mheithimh forbraíodh agus cuireadh tús le córas pleanála REPS ar an nGréasán, eREPS.

Próiseáladh os cionn 1,050 scéim bainistíochta dramháola feirme, mar aon le 500 scéim sláinteachais déiríochta. Le chéile, thacaigh na pleananna seo le cliant chun €15 milliún a éileamh i ndeontais agus léargas atá iontu ar thiomantas na ndaoine a bhfuil baint acu le feirmeoireacht dá ngnóthaí amach anseo.



ATHBHREITHNIÚ AN STIÚRTHÓRA AR LEAN.

Thug taighde a rinneadh le déanaí le fios go bhféadfaí an méid fosfair a laghdú gan cur isteach ar tháirgeachtaí féir. Úsáideadh na torthaí seo le tacú le hullmhú chlár gníomhaíochta na hÉireann i leith cuir i bhfeidhm na Treorach Níotrátí.

Aimsíodh go raibh an-tábhacht ag baint le difríochtaí idir cineálacha ithreach i dtaobh úsáide fosfair agus nítrigine do thalamh féaraigh. Ciallóidh toradh an taighde seo go mbainfeadh tuilleadh éifeachtachtaí fós amach in úsáid na níotrátí seo.

Tá Teagasc ag obair i gcomhar le UCD ar thionscadal taighde chun gnáthóga na Boirne a chur ar léarscáil. Tá léarscáil de na cineálacha leathana gnáthóg sa Bhoirinn cruthaithe ag baint úsáide as íomháineachas satailíte. Tá an chéad mheastachán de cheantar a bhfuil tionchar ag ionradh scrobarnaí air curtha ar fáil ag an léarscáil seo.

Ceantair Thuaithe Inbhuanaithe

Príomhaidhm atá ag an Rialtas is ea geilleagar tuaithe iomaíche agus atá inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de a chruthú. Rinne Ionad Taighde um Gheilleagar Tuaithe Theagasc, i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Má Nuad agus Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath staidéar fadbheathnaitheachta le haimsiú an bhféadfaí an cuspóir seo a bhaint amach faoi láthair. D'aimsigh an taighde gur baol d'inmharthanacht eacnamaíoch agus inbhuanaitheacht fhadtréimhseach ceantar tuaithe í forbairt réigiúnach neamhchothramaithe, mar aon leis an tionchar atá ag domhandú. Ba í an chonclúid a bhí ar an taighde seo go leanfadh an t-íslíú leanúnach sa líon feirmeoirí lánaimseartha mar aon le hathstruchtúrú na hearnála agrairbhia.

Thug an Suirbhé Feirme Náisiúnta le fios gur mhéadaigh an meán-ioncam teaghlaigh feirme 5.4%, ardú go dtí €15,537 in 2004. I gcás feirmeacha lánaimseartha, mhéadaigh ioncam 8% go €30,650, leis na torthaí is airde á gcruthú ag feirmeoirí déiríochta. Ar 78% de na feirmeacha, bhí foinsí eile ioncaim ag an bhfeirmeoir agus/nó céile, rud a d'fhág nach raibh ach 20% de na feirmeacha ag brath ar fheirmeoireacht amháin dá n-ioncam.

Rinne an tIonad Taighde um Gheilleagar Tuaithe taighde ar iomaíochas talmhaíochta in Éirinn agus léiríodh go raibh an seasamh iomaíoch do tháirgeadh bainne thar a bheith dearfach nuair a cuireadh figiúirí le chéile ar bhonn costas iomlán airgid thirim. Bhí comharthaí foláirimh ann áfach don fheirm déiríochta Éireannaí ar mheánmhéid nuair a measadh na costais eacnamaíocha iomlána.

Eagraíocht Nua-Aimseartha

Tá Teagasc tiomanta do sheirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar dá chustaiméirí agus aithním an tseirbhís den scoth



atá á cur ar fáil ag ár bhfoireann faoi láthair. Foilsíodh Cairt Chustaiméirí anuraidh ina ndearnadh cur síos ar na caighdeáin seirbhíse ar féidir lenár gcustaiméirí a bheith ag súil leo. Bunaíodh 13 foireann tráchtarra chun comhairle agus aiseolas a sholáthar faoi thaighde agus seirbhísí comhairleacha na heagraíochta agus áirítear ionchur an 13 foireann sin i bpleananna gnó 2006.

Bhunaigh an eagraíocht aonad oiliúna agus forbartha foirne le cinntiú go gcothaíonn an fhoireann an t-ardleibhéal seirbhíse seo.

I rith 2005 díscaoileadh roinnt maoinne nach raibh ag teastáil do phríomhchlár. Athinfheistíodh an €6.5 milliún a fuarthas ar mhaithe le háiseanna agus infrastruchtúr a fheabhsú. Nuair a áiríodh Deontas i gCabhair ón Stát, bhí ciste de €8 milliún ar fáil agus úsáideadh é chun áis comhdhála agus oiliúna nua a thógáil ag ITBBÁ, áiseanna oifige ag Caisleán Bhaile Sheonach, oifigí breise i mBaile Átha an Rí, áiseanna saotharlainne nua i bPáirc na Darach agus áiseanna bleáin agus taighde nua i bPáirc Uí Mhórdha. Úsáideadh infheistíocht de €4.5 milliún chun an infrastruchtúr TFC a fheabhsú.

Cuirfidh na hinfeistíochtaí seo ar chumas Theagasc leanúint le heolas a fháil agus a sheachadadh do na hearnálacha talmhaíochta agus bia amach anseo.

Jim Flanagan
Stiúrthóir

EOLAS FAOI THEAGASC



Is é Teagasc – an tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia – an comhlacht náisiúnta a sholáthraíonn taighde comhtháite, seirbhísí comhairleacha agus oiliúna don tionscal talmhaíochta agus bia mar aon le pobail tuaithe. Bunaíodh Teagasc i mí Mheán Fómhair 1988 faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988.

Maoinítear an eagraíocht trí Dheontas i gCabhair ón Stát; an Plean Forbartha Náisiúnta 2000 go 2006; táillí do thaighde, seirbhísí comhairleacha agus oiliúna; ioncam ó chlár thaighde iomaíochta náisiúnta agus AE agus ioncam ó ghníomhaíochtaí feirmeoireachta agus tobhaigh thráchtarraí.

Údarás ar a bhfuil 11 ball atá i gceannas ar Theagasc. Is í an tAire Talmhaíochta agus Bia a cheapann an Cathaoirleach agus cúig ghnáthbhall agus ceapann an tAire na baill eile tar éis ainmniúchán a fháil ó eagraíochtaí ar leith.

In 2005, soláthraíodh seirbhísí taighde in ocht n-ionad tiomanta a d'áirigh bia, déiríocht, mairteoil, caoirigh, barra curáíochta, gairneoireacht, timpeallacht, eacnamaíocht agus forbairt tuaithe.

Chuir comhairleoirí áitiúla agus speisialtóirí réigiúnacha ó líonra d'ionaid réigiúnacha, chontae agus áitiúla comhairle neamhspleách ar fheirmeoirí agus daoine a bhfuil cónaí orthu faoin tuath. Múinteoirí agus teicneoirí in ocht gcoláiste, mar aon le hionaid oiliúna agus taighde áitiúla a chuir oiliúint ar fáil d'iontrálaithe óga, feirmeoirí fásta, daoine atá ag cur fúthu faoin tuath agus don tionscal bia.

In 2005, d'fhostaigh Teagasc 1,579 ball foirne, baill foirne buana agus ar chonradh san áireamh. Is éard a bhí i gceist leis an bhfigiúr sin 762 ball foirne gairmiúil, 221 ball foirne teicniúil, 279 ball foirne riaracháin/cléireachais agus 317 ball foirne feirme/baile.

Ceanncheathrú Theagasc, Páirc na Darach, Ceatharlach.

BAILL D'ÚDARÁS THEAGASC



An Dr Tom O'Dwyer

Bhí roinnt post tábhachtach ag an gCathaoirleach le Coimisiún an AE sa Bhruiséil, lena n-áirítear Stiúrthóir Táirgí Beostoic, Príomhstiúrthóir Oideachais, Oiliúna agus Óige agus Chef de Cabinet do dhá Choimisinéir AE.



An tUasal James Beecher

Rúnaí Cúnta leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia.



An tUasal James Brett

Stiúrthóir Bainistíochta, Brett Group, Callainn, Co. Chill Chainnigh.



An tUasal Ruaidhrí Deasy*

Feirmeoir agus Leas-Uachtarán Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann.



An tUasal Joe Fitzgerald

Feirmeoir agus ball den Choiste Déiríochta agus Comhairle Náisiúnta Chumann Soláthraithe Baine Uachtarlainne.



An tUasal Stephen Flynn

Oifigeach Teicniúil le Teagasc ag Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh, Baile Átha Cliath ag déanamh ionadaíochta ar fhoireann Theagasc.



An tOllamh Patrick Fottrell

Iar-Uachtarán ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Cathaoirleach, Fondúireacht Eolaíochta Éireann.



An tUasal Jerry Henchy

Príomhfheidhmeannach, Dairygold Co-operative Society Ltd.



An tUasal Patrick J. Kelly

Feirmeoir agus iar-Chathaoirleach Náisiúnta Mhacra na Feirme.



An tUasal Anna May McHugh

Stiúrthóir Bainistíochta, An Cumann Treabhdóireachta Náisiúnta.



An tUasal Michael O'Dwyer

Feirmeoir agus iar-Uachtarán ar Chumann Comhareagrais na hÉireann Teoranta.

* Ó 2006 i leith is é Derek Deane, Leas-Uachtarán ar Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann atá i mbun an ról seo.

BALLRAÍOCHT AR CHOISTÍ ÚDARÁS THEAGASC

Coiste Luacha Saothair agus Maoin

An Dr Tom O'Dwyer (Cathaoirleach)
An tUasal James Beecher
An tUasal James Brett
An tUasal Anna May McHugh

Coiste Iniúchta

An tUasal Michael O'Dwyer (Cathaoirleach)
An tUasal James Beecher
An tUasal Jerry Henchy
An Dr Tom O'Dwyer
An tUasal Ronan Tierney (Comhairleoir don Choiste)

Coiste Comhairleach agus Oiliúna

An tUasal Joe Fitzgerald (Cathaoirleach)
An tUasal Ruaidhrí Deasy
An tUasal Stephen Flynn
An tUasal Patrick J. Kelly
An tUasal Anna May McHugh
An tUasal Michael O'Dwyer

Coiste Pearsanra agus Airgeadais

An Dr Tom O'Dwyer (Cathaoirleach)
An tUasal James Beecher
An tUasal James Brett
An tOllamh Patrick Fottrell

Coiste Taighde

An tOllamh Patrick Fottrell (Cathaoirleach)
An tUasal James Beecher
An tUasal Ruaidhrí Deasy
An tUasal Stephen Flynn
An tUasal Jerry Henchy
An tUasal Patrick J. Kelly

BAINISTÍOCHT SHINSEARACH THEAGASC



An tUasal Jim Flanagan
Stiúrthóir



An Dr Liam Donnelly
Ceann na Stiúrthóireachta Taighde Bia



An tUasal Pat Boyle
Ceann na Stiúrthóireachta Seirbhísí
Comhairleacha



An tUasal Tom Kirley
Ceann na Stiúrthóireachta Riaracháin



An tUasal Donal Carey
Ceann na Stiúrthóireachta Oiliúna
agus Forbartha



An tUasal Peter Seery
(Cailleadh é i mí Márta 2006)
Ceann na Stiúrthóireachta Seirbhísí
Bainistíochta



An Dr Seamus Crosse
Ceann na Stiúrthóireachta Taighde
Talmhaíochta

TEAGASC IN 2005

Feachtas Comhairleach ÍFS

In 2005 chabhraigh Teagasc leis an líon is mó feirmeoirí riamh lena n-iarraibís don Scéim Íocaíochta Singile. Bhí ról lárnach ag an eagraíocht maidir le cabhrú le feirmeoirí a dteidlíochtaí agus íocaíochtaí ar fiú €1.3 billiún iad a fháil. Tríd is tríd, in 2005 d'ardaigh líon cliant comhairleach na heagraíochta 20% go 40,700.

Úsáid a bhaint as Féar d'fhonn Costéifeachtúlacht a Fheabhsú

Rinneadh tuilleadh dul cinn trí iomaíochas táirgthe déiríochta agus mairteola a fheabhsú trí úsáid níos fearr a bhaint as féar innilte. Léirigh taighde gur féidir le hardú 10% sa mhéid féir innilte san aiste bia costais táirgthe bainne a laghdú 2.5 cent an lítir. Ar fheirmeacha mairteola, féadfaidh féar innilte tacú le os cionn 70% de mhéadú le linn shaolré an ainmhithe mairteola. Laghdaítear costais do gach lá breise a bhfuil ainmhithe ar féarach.



Ríomhcholáiste Bunaithe

Tá Ríomhcholáiste bunaithe ag Teagasc mar fhreagairt ar an éileamh a bhí ag mic léinn ar bhealaí níos solúbtha lena n-oiliúint a chríochnú. Beart amháin atá anseo a tháinig chun cinn ó athbhreithniú cuimsitheach a rinneadh ar sholáthar oiliúna agus oideachais san eagraíocht. Is cinnte go mbeidh an-tóir ar ríomhfhoghlaim amach anseo agus tá Teagasc le tuilleadh forbairt a dhéanamh ar an réimse seo.

Ionad Biteicneolaíochta Pháirc Uí Mhórdha Oscailte

D'oscail an tAire Talmhaíochta agus Bia, Mary Coughlan TD, Ionad Biteicneolaíochta Pháirc Uí Mhórdha go hoifigiúil i mí Bealtaine. Is ionann an fhorbairt seo agus céim nua san fhorbairt ag Ionad Taighde Bia Pháirc Uí Mhórdha. Tá spás sna saotharlanna nua do 40 taighdeoir ag obair ar réimsí cosúil le bianna feidhmiúla, caighdeán agus sábháilteacht

bia mar aon le forbairt uirlisí géineolaíochta móilíneacha do phóru ainmhithe.

Bunachar Sonraí Iarmhar Bia Náisiúnta Forbartha

D'fhorbair an Roinn Sábháilteachta Bia ag Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh bunachar sonraí iarmhar bia náisiúnta ar líne. Soláthraíonn an bunachar sonraí foinse amháin do shonraí faoi iarmhair cheimiceacha i mbia Éireannach. D'fhonn cabhrú le húsáideoirí na sonraí a thuiscint, tá bailiúchán forleathan d'fhaisnéis ar fáil tríd an láithreán Gréasáin, lena n-áirítear sonraí faoi rialacháin, sonraíochtaí agus noirm a bhaineann le hiarmhair i mbia.



Tógadh an grianghraf seo nuair a seoladh bunachar sonraí BSIBN (ó chlé): An Dr Liam Donnelly, Ceann na Stiúrthóireachta Taighde Bia, Teagasc; An Dr. Michael O'Keeffe, Teagasc; An Dr. Clare Thorpe, An Roinn Talmhaíochta agus Bia agus an Dr. Iona Pratt, ÚSBÉ.

An Earnáil Déiríochta ag Díriú ar IPE

Leanadh le roinnt tionscnamh le feabhas a chur ar bhrabús trí phóru déiríochta níos fearr agus go háirithe leanúint le tacú le comórtas IPE 100. Bhí an 25 iomaitheoir a cuireadh ar an ngearrliosta do chuairt feirme a fháil ina háirithe le IPE ard agus brabús coiteann atá 1.8 c/lítear níos airde ná gnáthchliant Theagasc. I measc na dtionscnamh eile a rinneadh sa réimse seo bhí laethanta oscailte ar éirigh go breá leo ag Páirc Uí Mhórdha agus ar fheirm an bhuaiteora sa Cheapaigh i gCo. Phort Láirge.

Roghanna do Theaghlaigh Feirme

Sheol an tAire Talmhaíochta agus Bia, Mary Coughlan TD, an Clár Roghanna do Theaghlaigh Feirme go hoifigiúil ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Tá an clár seo deartha le cabhrú le feirmeoirí agus a dteaghlaigh féachaint

TEAGASC IN 2005 AR LEAN

ar na dúshláin atá rompu agus na deiseanna is fearr atá ann a mheas. In 2005, chabhraigh an Clár le os cionn 2,500 feirmeoir.

Áiseanna Oiliúna Nua

Rinneadh infheistíocht bhreise maidir le háiseanna oiliúna agus oideachais a fheabhsú i roinnt coláistí. D'oscail an Taoiseach, Bertie Ahern TD, seomraí léachta agus saotharlanna oiliúna ríomhaireachta nua go hoifigiúil i gColáiste Chill an Dátúnaigh i mí Mheán Fómhair. Tógadh áis comhdhála agus oiliúna nua ag Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh.

Comhdháil Eorpach um Shábháilteacht Bia agus Cothú

D'éagraigh Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh mórchomhdháil Eorpach faoin eolaíocht a bhaineann le sábháilteacht bia agus cothaithe i bPáirc an Chrócaigh i mí na Nollag. Is cuid de shé imeacht a eagraíodh faoi scáth tionscadail Shéú Clár Creata an AE a bhí sa chomhdháil (Líonra Faisnéise Bainistíochta Riosca an Aontais Eorpaigh (EU-RAIN)).

Níotráití

I rith 2005, sholáthair Teagasc comhairle agus faisnéis don Roinn Talmhaíochta agus Bia agus don Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil chun an Ionstraim Reachtúil a chuireann an Treoir Níotráití i bhfeidhm in Éirinn a dhréachtú.



An Taoiseach Bertie Ahern TD, ag oscailt oifigiúil na n-áiseanna nua i gCill an Dátúnaigh



D'fhreastail na daoine seo a leanas ar an gcomhdháil Eorpach Bia, Sábháilteachta agus Cothaithe (ó chlé): Declan Troy, Ceann Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh; Bláithín Maunsell agus Declan Bolton, eagraithe na comhdhála agus John Treacy, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Spóirt na hÉireann, Baile Átha Cliath (agus fear a bhuaigh bonn Oilimpeach), a labhair faoin tábhacht a bhaineann le spóirt agus gníomhaíocht fhisiciúil ó thaobh sláinte de.

RÉAMHRÁ

De réir a chéile tá aitheantas á thabhairt i mbeartas rialtais do thacaíocht eolas-bhunaithe mar phríomhghné maidir le hiomaíochas na hÉireann a chothabháil in earnálacha uile an gheilleagair, na tionscail talmhaíochta agus bhia san áireamh. Ar aon dul leis sin, díreoidh tacaíocht phoiblí ar sholáthar tacaíochta d'oidreachas, oiliúint agus taighde & forbairt mar bhealach le buntáiste comparáideach na hÉireann san earnáil agraibhia ar mhargaí na cruinne a chinntiú.

Ós rud é gurb é Teagasc an príomhsholáthróir de sheirbhísí eolais-bhunaithe don earnáil agraibhia, agus tríd an gcáil eolaíoch agus neamhchlaontachta atá air, tá seasamh

ceannródaíoch aige i bhforbairt an tionscail. Ar aon dul leis an bhfís náisiúnta chun cultúr i dtreo nuálaíochta a chruthú, déanfaidh an eagraíocht gach iarracht cur lena chumas agus feidhmíocht féin, mar bhunús le cur le cumas teicneolaíochta an tionscail a mhéadú.

Tá Tuarascáil Bhliantúil 2005 bunaithe ar na spriocanna atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise 2005-2007 Theagasc. Tá achoimre de na príomhrudaí a baineadh amach in 2005 sna réimsí taighde, oiliúna agus seirbhísí comhairleacha le fáil sna leathanaigh amach romhainn, agus tá léargas ar dhul chun cinn bunaithe ar tháscairí feidhmíochta leagtha amach in Aguisín 2.




LÉARSCÁIL SUÍOMH

Ionaid Theagasc

- Príomh-Oifig
- Ionad Forbartha
- ▲ Ionad Taighde Bia
- Ionad Taighde Talmhaíochta
- Oifig Chomhairleach Áitiúil
- Stáisiún Taighde
- ▲ Coláiste Theagasc
- ▲ Coláiste Príobháideach



CAIRT EAGRAÍOCHTA



SPRIOC I

IOMAÍOCHAS AGUS NUÁIL I D'TALMHAÍOCHT

Tacú le forbairt earnáil talmhaíochta iomaíche, nuálaíoch agus earnáil atá dírithe ar thomhaltóirí.

D'fhonn an sprioc seo a bhaint amach, cuireann Teagasc straitéisí taighde, comhairleacha, oideachais agus oiliúna i bhfeidhm ar mhaithe le forbairt talmhaíochta príomhúla, gairneoireacht agus foraoiseacht san áireamh.

Díríonn na straitéisí taighde ar fhaisnéis eolaíoch agus teicneolaíochtaí a chruthú do raon fiontar feirme atá deartha ar mhaithe le táirgiúlacht feabhsaithe, costais táirgthe laghdaithe agus luach méadaithe aschuir a bhaint amach.

Tá sé mar aidhm le cúrsaí oiliúna tríú leibhéal agus ar leibhéal gairmoiliúna na scileanna cleachtas is fearr a thabhairt d'iontrálaithe óga atá ag dul i mbun talmhaíochta agus gairneoireachta ionas go mbeidh siad in ann tabhairt faoi fheirmeoireacht nua-aimseartha.

Díríonn na straitéisí comhairleacha ar na teicneolaíochtaí laghdaithe costais is déanaí a aistriú agus treoirphleananna a tháirgeadh ó thaighde agus cleachtas bhainistíochta feirmeoireachta nua-aimseartha d'earnáil na feirmeoireachta tráchtála.

TAIGHDE TALMHAÍOCHTA

Déiríocht

IPE athbhreithnithe

Chuir taighdeoirí i bPáirc Uí Mhórdha le forbairt an Innéacs Póraithe Eacnamaíoch (IPE) athbhreithnithe a sheol ICBF. Tá trí fho-innéacs nua le fáil san innéacs: feidhmíocht breithe, feidhmíocht mairteola agus sláinte. Baineann feidhmíocht breithe le cumas an ainmhithe sliocht inmharthana a tháirgeadh le híosmhéid deacrachta breithe agus tréimhse iompair ghearr. Aithníonn ardfheidhmíocht mairteola ainmhithe a dtáirgeann a síolrach meáchain chonablaigh níos troime ar chruth agus scór saille den chéad scoth. Baineann tréithe sláinte le bacáil agus maisíteas. Seo a leanas na meánna coibhneasta san innéacs IPE nua agus athbhreithnithe: táirgeadh bainne, 48%; torthúlacht agus marthanas, 31%; feidhmíocht breithe, 8%; feidhmíocht mairteola, 7% agus sláinte, 6%.

Ba le IPE ard

Léirigh torthaí ó Pháirc Uí Mhórdha go mbíonn brabús feirme ardaíthe ann mar thoradh ar chostais laghdaithe agus táirgiúlacht feabhsaithe le linn saolré ainmhithe ó bha le IPE ard. Thar chúig bliana, bhain áirí le IPE ard ráta toirchis den chéad scoth amach ar an gcéad seirbheáil, ráta sé seachtaine ionlao agus ráta toirchis iomláin tar éis 13 seachtaine d'Inseamhnú Saorga (IS), rátaí de 62%, 74% agus 93%, faoi seach. Léirigh anailís eacnamaíoch den staidéar gur chruthaigh áirí le IPE ard beagnach €9,000 níos mó brabúis ná áirí le IPE níos ísle ar chuóta de 50,000 galún. Ar leibhéal feirme, is é an bealach is éifeachtúla gur féidir le feirmeoirí rátaí arda de dhul chun cinn géiniteach a bhaint amach aithreacha le IPE ard a úsáid.

Lachtadh fada

Mar thoradh ar úsáid IS, i gcomhar le cláir roghnúcháin géiniteacha díana, tá méadú suntasach tagtha ar tháirgeadh bainne bó déiríochta. Ach chomh maith leis an méadú seo tháinig laghdú suntasach ar fheidhmíocht atáirgeach, foinse ollmhór de chaillteanas airgeadais. Rinneadh staidéar i bPáirc Uí Mhórdha chun ról lachta fhada i gcostas rátaí arda folmha in áirithe breithe earraigh séasúracha a íslíú. Bhí meántáirgeadh bainne sa chéad lachtadh (go dtí an 1 Nollaig) cothrom le 6,254 kg bainne, 467 kg saill móide próitéin (4.04% saill agus 3.42% próitéin) in 264 lá, agus taifeadadh 330 lá sa lachtadh fada ina raibh meántáirgeadh bainne breise cothrom le 4,932 kg de bhainne, 406 kg de shaill móide próitéin (4.35% saill agus 3.87% próitéin).

Seamair Bhán ar thalamh féaraigh

Tá cur chuige nach mbaineann mórán costais leis maidir le seamair bhán á thabhairt isteach agus a chothabháil ar

thalamh féaraigh bhuaín forbartha ag taighdeoirí i bPáirc Uí Mhórdha. I gceist leis seo tá an iomarca síolta seimre a chur ar choinleacht sadhlais tar éis an chéad bharr sadhlais. Le dhá bhliain anuas, tá an cur chuige seo á thástáil ar 30 feirm ar fud na tíre. D'éirigh le thart ar 70% de na feirmeacha.



Iomadú Seamar Bán in áiseanna tí gloine ag Páirc na Darach. Is í Melanie Febrer, Comhalta Walsh, atá le feiceáil sa ghrianghraf seo.

Tionscnamh Taighde Thuaidh-Theas

In 2005, comhaontaíodh ar thionscnamh taighde nua idir Ionad Taighde Déiríochta Pháirc Uí Mhórdha, Seirbhís Chomhairleach Theagasc, Institiúid Taighde Talmhaíochta Thuaisceart Éireann, Coláiste Greenmount, Scoil Talmhaíochta, Bia-Eolaíochta agus Tréidliachta Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Tá an clár dírithe ar na fachtóirí tábhachtacha atá riachtanach d'fheirmeoireacht déiríochta brabúsaí ó Thuaidh agus ó Dheas a aithint. Is é a bheidh mar aidhm leis an taighde aird a tharraingt ar na bunchúiseanna atá le héagsúlacht i mbrabús feirme, cúiseanna a bhaineann le timpeallacht ina bhfuil cuóta socraithe (cosúil le deisceart na hÉireann) chomh maith le timpeallacht ina bhfuil cuótaí atá á léasú (cosúil le Tuaisceart Éireann). Úsáidfeair na sonraí a bhaileofar ón staidéar chun comparáid a dhéanamh idir fheidhmíocht reatha agus feidhmíocht spriocdhírithé ar bhonn míosúil agus cuirfidh sé treoir shoiléir ar fáil maidir leis na háiteanna ar féidir brabúsacht a bhaint amach.

Tharraing suirbhé IS aird ar an dúshlán póraithe

In 2005 rinneadh suirbhé breise laistigh den Suirbhé Feirme Náisiúnta chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcúis a bhí leis an leibhéal íseal úsáide IS laistigh d'áirithe déiríochta in Éirinn. Meastar go bhfuil an ráta de mhéadú géiniteach laistigh den áirí faoi láthair cothrom le thart ar €5/bó/bliain; ag baint úsáide as uaschlár póraithe d'fhéadfadh sé seo a bheith cúig huairé níos airde. Tá an ráta de dhul chun cinn géiniteach íseal mar nach bhfuil mórán úsáide á baint as SI. Faoi láthair, meastar nár póraíodh ach 35% de na hainmhithe

TAIGHDE TALMHAÍOCHTA AR LEAN

a bhí ag teacht isteach sna háirithe déiríochta ó aithreacha SI. Tharraing an suirbhé aird ar an bpointe gurb é an critéar is tábhachtaí a d'úsáid feirmeoirí chun aithreacha IS a roghnú an tinnéacs IPE.

Treochtaí aimseartha i gcaighdeán bainne

Gearrann an córas íocaíochta bainne shrathaigh atá in úsáid in Éirinn pionós ar fheirmeoirí atá ag soláthar bainne le hardchomhaireamh ceall sómach (ACS) agus/nó ardhchomhaireamh iomlán baictéarach (AIB). Rinneadh anailís ar luachanna bulcbhainne ACS agus AIB idir 1994 agus 2004 ó thrí phróiseálaí bainne Éireannacha. Laghdaigh bulcbhainne ACS idir 1994 (317,701 ACS/ml) agus 2000 (228,411 ACS/ml), agus ina dhiaidh sin mhéadaigh sé ag ráta bliantúil 5,000 ACS/ml go 250,913 ACS/ml. Idir 2000 agus 2004 mhéadaigh an céatadán de bhailiúcháin bhainne le ACS > 250,000 ACS/ml ó 0.44% go 0.51%. Bhí treocht ghinearálta ann gur laghdaigh AIB thar thréimhse an staidéir.

Mairteoil

Tá íocaíocht reatha do chonablaigh mairteola bunaithe ar ghreille rangaithe EUROP/Fat. Ach d'fhéadfadh modh íocaíochta eile, cosúil le modh bunaithe ar tháirgeacht feola nó áighí sonraithe, léargas níos fearr a thabhairt ar fhíorluach tráchtála conablaigh. Faoi láthair tá Ionad Taighde Mairteola na Gráinsí ag tabhairt faoi staidéir ina roghnaítear thart ar 500 conablaigh ó ghreille rangaithe EUROP/Fat agus déantar iad a dhioscadh go hiomlán. I gcomhar leis an Ionad Bia, Baile an Ásaigh, tá roinnt conablaigh á scanadh, ag baint úsáide as tomagrafaíocht ríomhaire (TR) X-gha, mar iarracht comhdhéanamh conablaigh a réamhinsint. Léirigh réamhthorthaí gur mhéadaigh méadú d'aonad amháin i gcruith conablaigh, ar scála cúig phointe ag an scór saille céanna, luach an chonablaigh 19 c/kg. Tharla sé seo mar gheall ar mhéadú 4.1% i bhfeoil conablaigh, laghdú saille 1.8% agus laghdú cnáimhe 2.3%. Laghdaigh méadú d'aonad amháin i scór saille, ar scála cúig phointe, luach conablaigh 7.5 c/kg.

Córas Innéacs Mairteola

Tá dhá mhórstaidéar ar siúl sa Ghráinseach chun an córas innéacs mairteola ICBF a seoladh le déanaí a dhearbhu. Sa chéad staidéar, aimsíodh os cionn 120 ainmhí fireann ó 20 athair (10 athair ar innéacs mairteola airde agus 10 athair ar innéacs mairteola ísle) ó fheirmeacha ag an gcéim scoite agus a tugadh chomh fada leis an nGráinseach. Tá na hainmhithe á dtógáil i gcórais táirgthe tarbh nó bullán. Táthar ag tabhairt faoi thomhais ar iontógáil bia, ráta fáis agus raon ainmhithe cnámharlaigh agus beo. Nuair a bheidh na hainmhithe á sléachtadh baileofar na sonraí dioscáta iomlána faoin gconablaigh agus déanfar comparáid idir an t-*aschur* conablaigh theoiriciúil bunaithe ar a innéacs mairteola agus na torthaí conablaigh iarbhir. Sa dara staidéar, ag baint úsáide as gamhna ón áirí déiríochta, úsáidtear 130 sliocht ó aithreacha le hinnéacs mairteola airde nó ísle don ráta fáis. Tógfar na

hainmhithe fireanna seo mar mhairteoil. Bainfear úsáid as na sonraí ón dá staidéar seo chun an córas innéacs mairteola nua a dhearbhu.

Beathú Geimhridh

Príomhchodanna d'eacnamaíocht táirgthe mairteola iad costais bheathaithe gheimhridh. Cuid shuntasach de na costais seo é praghas comhchruinnithe. Tá tionchar mór ag comhdhéanamh na gcóimheas comhchruinnithe ar phraghas, agus tá difríocht mhór le feiceáil idir chodanna agus meascáin shimplí agus choimpléascacha. D'aimsigh staidéar ollmhór a rinneadh ag féachaint ar chineál comhchruinnithe, áit ar baineadh úsáid as ceithre chomhábhar, ainneoin an bunaithe ar eorna nó grán bhí nó laíon a bhí na codanna nó meascán daoibh, go raibh an fheidhmíocht mar an gcéanna. Bhí an toradh seo cosúil is cuma má bhí na codanna ag fáil beatha ar bhonn srianta nó *ad libitum*. Is iad na himpleachtaí a bhaineann leis an staidéar seo go bhfuil scóip bhreise ag táirgeoirí codanna costéifeachtúla a sholáthar agus gur féidir feidhmíocht chosúil a bhaint amach leis na codanna seo.

Córais Táirgthe Brabúsacha

I ndiaidh scaradh préimheanna ó ainmhithe ní mór go mbeadh córais táirgthe mairteola brabúsach gan phréimheanna, ach ní mór go mbeidh córais níos solúbtha ná mar a bhí go dtí seo. I gcás táirgthe mairteola áit a dtáinig laonna ón áirí déiríochta, meastar gur féidir ealláí Aberdeen Angus x Freaslannach a thógáil mura bhfuil siad ar féarach má tá na meáchain chonablaigh uile níos mó ná 250 kg. Is féidir ealláí Hereford x Freaslannach a chríochnú as féarach freisin, ach tá sé níos deacra ná le crosáil Angus, agus ní mór go mbeadh na meáchain chonablaigh uile níos mó ná 270 kg. Tá sé deacair crosáil Belgian Blue a thógáil seachas ar féarach agus fiú amháin nuair a thógtar iad laistigh, bíonn leibhéal íseal raimhre sna conablaigh.



TAIGHDE TALMHAÍOCHTA AR LEAN

Caoirigh

I gcás táirgthe caorach, féadfaidh cleachtais bhainistíochta caorach i rith an gheimhridh tionchar mór a bheith acu ar mheáchain bhreithe uan, rud a bhfuil fiorthábhacht eacnamaíoch ag baint leis. Le blianta beaga anuas rinneadh scrúdú ar an rogha a bhain le caoirigh a choinneáil taobh amuigh i rith an gheimhridh mar chuid de chóras innilte rialaithe. Gné amháin a bhaineann leis an gcóras seo is ea an méadú a tháinig ar mheáchan breithe uan leis an gcóras innilte geimhridh lasmuigh. Léirigh comparáidí a rinneadh idir chaoirigh i gcóiríocht a bhí lomartha le linn dóibh a bheith i gcóiríocht nó nach raibh lomartha go raibh an meáchan breithe 0.6 kg níos troime ná na huain a bhí lomartha le linn a bheith i gcóiríocht. Bhí an tionchar céanna ag innilt geimhridh d'uain neamhlomartha ar mheáchan breithe uan agus a bhí ag lomairt uan atá á gcoimeád i gcóiríocht. Bhí difríochtaí de thart ar 2 kg sa mheáchan beo ag scoitheadh mar thoradh ar na difríochtaí seo sa mheáchan breithe. Chiallóidh an difríocht dheireanach a luadh go mbeadh uain réidh do dhréachtú 14 lá níos túisce. Tá an poitéinseal ag an toradh seo luach eacnamaíoch mór a bheith ag baint leis i gcás táirgeoirí caorach.

Clár Taighde Barr

Is éard a bhí sa chlár taighde barr 35 tionscadal taighde agus 20 foilseachán measúnaithe táirgthe mar aon le 86 sliocht teicniúil agus sleachta eile a raibh tóir orthu. Eagraíodh dhá lá oscailte agus reáchtáladh comhdháil barr náisiúnta i gCeatharlach. Bronnadh dhá phaitinn do chineálacha nua prátaí i bPáirc na Darach agus choimisiúnaigh an tionscal sé iniúchadh taighde nua.

Go ginearálta, níor fheil an séasúr do bharr curaíochta agus laghdáíodh táirgeachtaí na bpríomhbharr curaíochta go suntasach, go páirteach de bharr srianta aimsire. Laghdáíodh táirgeachtaí gránach agus bhí an caighdeán gránach i bhfad níos éagsúla i gcomparáid le blianta roimhe sin. Cuireadh isteach ar tháirgeacht eorna an earraigh den chuid is mó agus meascán d'fhachtóirí ba chúis leis na meáin táirgeachtaí a laghdú. Laghdáíodh táirgeachtaí prátaí freisin agus bhí an brú galair ó dhúchan prátaí go dona ar fad.

Tá obair ag leanúint ar aghaidh ar chórais táirgthe barr níos éifeachtúla a fhorbairt atá deartha le cur le hiomaíochas agus caighdeán agus sábháilteacht táirgí a fheabhsú, agus ag an am céanna inbhuanaitheacht fhadtréimhseach táirgthe a éascú. D'éirigh go maith le trialacha chun córais chostais laghdaithe a fhorbairt do ghránaigh. De thoradh leibhéal níos ísle ionchur a úsáid i gcórais táirgthe cruithneachta geimhridh sábháladh an t-uafás airgid agus feabhsáíodh corrlaigh tháirgthe a bhain le córais ionchuir traidisiúnta. Bhí táirgeachtaí cruithneachta i gcórais ionchuir ísle cosúil leis na gnáth-ionchuir a raibh corrlach táirgthe feabhsaithe de €98/heicteár mar thoradh orthu. Baineadh amach freagairtí táirgeachtaí de cheithre nó cúig thona an heicteáir i gclár rialaithe galair i gcruithneacht

geimhridh, le corrlach os cionn na gcostas idir €190 agus €250 an heicteáir.

Biteicneolaíocht

Dhírigh an clár biteicneolaíochta plandaí ar theicnící móilíneach-bhunaithe a chuirfidh le héifeachtúlacht na gclár póraithe rathúil atá i bhfeidhm ar fhéar, seamair agus prátaí. Rinneadh staidéar ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag barra géinathraithe ar an timpeallacht agus úsáideadh an obair chun treoirínte cómhhaireachta a thiomús d'Éirinn, treoirínte a chiallaíonn go mbeidh plandaí géinathraithe agus plandaí nach bhfuil géinathraithe in ann cómhhaireachtaíl gan mórán baol dá chéile.

Feirmeoireacht Orgánach

Leanadh le staidéir ar chórais feirmeoireachta orgánacha in 2005. Thaispeáin torthaí gur tháirg cruithneacht geimhridh 6.4 t/ha, agus tháirg barra coirce 6.0 t/ha. Tháirg Setanta, cineál nua práta atá póraithe ag Teagasc agus ag a bhfuil frithsheasmhacht den scoth in aghaidh dúchana, 41.4 t/ha agus is fiú d'fheirmeoirí orgánacha súil a choinneáil ar an gcineál seo práta amach anseo.

Bithbhreoslaí

Thaispeáin staidéir a rinneadh ar bharr nach n-úsáidtear mar ábhar bia go bhféadfadh feirmeoirí cur ar bhealach suntasach le soláthar fuinnimh náisiúnta na hÉireann agus fiú amháin dá mbeadh 1% de thalamh feirme curtha ar leataobh do tháirgeadh bithbhreosla, go bhféadfaí thart ar 1% den riachtanas fuinnimh náisiúnta a chomhlíonadh. Dhírigh staidéir ar bhithbhreoslaí leachtacha agus soladacha agus an poitéinseal a bhain leo.



Baint an bhairr fuinnimh miscanthus, nó féar eilifinte, i bPáirc na Darach.

OILIÚINT AGUS OIDEACHAS

In 2005 chríochnaigh an Fóram Oideachais agus Oiliúna athbhreithniú ar an soláthar oideachais agus oiliúna. Seo a leanas na príomh-mholtaí a rinneadh:

- Go mbeadh socrúcháin oibre níos giorra trí thús a chur le socrúcháin dea-struchtúraithe ar fheirmeacha baile a mbeadh daoine éagsúla ag tacú leo agus á soláthar.
- Cáilíocht neamh-talmhaíochta ar Leibhéal 6 a sholáthar do mhic léinn in ionad na gcúrsaí reatha 100-uair agus 80-uair, cáilíocht a mbeadh Ard-Teastas i bhFeirmeoireacht le fáil uaithi, agus a mbeadh socrúchán ar fheirm bhaile agus tástáil inniúlachta i gceist ann.
- Feidhm oiliúna Theagasc a chomhtháthú le feidhmeanna comhairleacha agus taighde.
- Cur le ról na gcoláistí tríd an infrastruchtúr coláiste a aontú d'fhonn tacú le feidhmeanna eile Theagasc agus an infrastruchtúr coláiste a úsáid chun seachadadh clár ó ghníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile a éascú.
- Oiliúint bunaithe ar obair a sholáthar d'oibrithe, go háirithe dírithe ar na daoine a bhfuil baint acu leis na hearnála muc, gairneoireachta agus foraoiseachta. Lena chois sin, cláir a fhorbairt atá dírithe ar riachtanais oideachais agus oiliúna oibrithe eachtracha.

Tá plean cuir i bhfeidhm ullmhaithe agus tá na moltaí á gcur i bhfeidhm.

Ríomhcholáiste

Bhunaigh an eagraíocht Ríomhcholáiste ag Cionn Sáile agus ceapadh ceathrar ball foirne chun cúrsaí ar líne a sholáthar - cúrsaí talmhaíochta, gairneoireachta agus táirgthe bia. Faoi láthair tá os cionn 240 mac léinn ag críochnú cúrsaí. Chomh maith leis an gceathrar príomhbhall foirne, tá 24 Ríomh-Theagascóir oilte chun tacaíocht a sholáthar do mhic léinn. Tá nasc idir an coláiste agus coláiste Carmarthenshire sa Bhreatain Bheag, a sholáthraíonn Timpeallacht Foghlama Fíorúla (TFF) do na cúrsaí uile atá ar líne anois.

I measc na bpleananna beartaithe don Ríomhcholáiste tá cur leis an líon daoine atá ag tabhairt faoin gclár oiliúna talmhaíochta 180-uair ar líne, agus tá an méid daoine agus is féidir cláraithe d'Eanáir 2006. I measc na bhforbairtí a dhéanfar amach anseo beidh rolladh amach na ngrúpaí plé ar líne, forbairt na gcúrsaí gairneoireachta ar líne agus comhoibriú le hIonad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh maidir le seachadadh oiliúna sábháilteachta bia.



Mary Durnin, Riarthóir; Mairead Kirk, Comhordaitheoir an Ríomhcholáiste; An Taoiseach, Bertie Ahern TD; Thomas Harty agus Carmel Finlay, Oifigigh Forbartha an Ríomhcholáiste ag seoladh Ríomhcholáiste nua Theagasc i mí na Samhna.

Oiliúint Feirmeoirí Aosach

In 2005, chríochnaigh 8,884 feirmeoir aosach cláir oiliúna (17% bean) agus, astu seo bronnadh teastais FETAC ar 5,782 duine. Ba é an catagóir ba mhó na cúrsaí oiliúna REPS, cúrsaí a raibh 4,218 duine páirteach iontu. Chríochnaigh 781 rannpháirtí an Teastas 100-uair i dTalmhaíocht, agus lean na rannpháirtithe sin ar aghaidh chun an Teastas 80-uair i mBainistíocht Feirme a chríochnú. Chríochnaigh 280 duine an clár ar líne tríd an Ríomhcholáiste.

Cuireadh an Teastas Gairmoiliúna i dTalmhaíocht ar fáil d'fheirmeoirí páirt-aimseartha i 14 ionad agus ghlac 447 feirmeoir páirt iontu. Bíonn na cláir seo ar siúl san oíche nó ag an deireadh seachtaine den chuid is mó agus in ionaid áitiúla d'fhonn freastal ar riachtanais feirmeoirí páirtaimseartha.

Cuireadh modúil oiliúna d'aoisigh ar fáil sna réimsí seo a leanas: teicneolaíocht agus gnó, inmharthanacht tuaithe, sláinte agus sábháilteacht, foraoiseacht, fiontair mhalartacha, teicneolaíocht faisnéise agus lotnaidicídí.

Oideachas agus Oiliúint Daoine Óga

Cuireadh cláir oiliúna i dtalmhaíocht, gairneoireacht, síolrúchán agus traenáil capall agus foraoiseacht ar fáil in ocht gcoláiste agus i roinnt ionad áitiúil. Cuireadh ardchúrsaí speisialaithe ar fáil freisin i mbainistíocht áirithe déiríochta, bainistíocht innealra agus barr, bainistíocht feirme, bainistíocht stoic thirim agus meicniú talmhaíochta. Chláraigh 456 mac léinn do chláir bhreis-oiliúna in 2005, rud a chiallaigh go raibh 2,640 mac léinn páirteach sna cláir trí chéile.



Frank Murphy, Príomhoide Choláiste Chill an Dátúnaigh ag labhairt le grúpa mac léinn ag an lá oscailte faoi ghairmeacha beatha.

Chomh maith leis sin tá baint ag Teagasc le 11 clár oiliúna ardleibhéal i gcomhar le hInstitiúidí Teicneolaíochta éagsúla. D'áirigh na cláir seo réimsí cosúil le: talmhaíocht, gairneoireacht, eolaíocht talmhaíochta, agraighnó, staidéir eachaí agus meicniú talmhaíochta. Chláraigh 237 mac léinn in 2005 agus bhí 670 mac léinn ar fad páirteach sna cláir.

Príomhchodanna de na cláir thuasluaite iad rochtain, aistriú agus dul chun cinn. Féadfaidh rannpháirtithe i gcláir bhreiseoiliúna aistriú chuig cúrsaí ardleibhéal má éiríonn leo pas le tuilleanas nó pas le gradam a bhaint amach, agus féadfaidh na mic léinn uile ardleibhéal dul ar aghaidh chomh fada le Leibhéal 8 (leibhéal céime onóraí) ar an gCreat

Náisiúnta Cáilíochtaí, agus níos faide ná sin más mian leo.

In 2005 d'éirigh le Teagasc Comhaontú Dearbhaithe Cáilíochta FETAC mar sholáthróir oiliúna a fháil.

Aonaid Forbartha

Bunaíodh aonaid forbartha foraoiseachta, muc agus gairneoireachta in 2005 chun taighde comhtháite agus seirbhísí comhairleacha a sholáthar. Roimhe seo cuireadh na seirbhísí seo ar fáil mar sheirbhísí ar leith trí stiúirtheoireachtaí taighde agus comhairleacha faoi seach.



Aistriú teicneolaíochta tanaithe foraoiseachta i mbun oibre san Fhiacail, Co. an Chláir.

Forbairt Foraoiseachta

Cuireann an clár forbartha foraoiseachta cur agus bainistíocht foraoisí feirme inbhuanaithe agus táirgeadh brabúsach adhmaid agus táirgí eile ar ardchaighdeán chun cinn.

I measc na hoibre a bhí i gceist sa chlár taighde foraoiseachta bhí roghnú agus feabhsú Beithe Éireannaí, agraforaoiseacht, fuinseog a fheabhsú agus caomhnú crann ársa. Críochnaíodh triail choillínir a mhair dhá bhliain agus a d'áirigh eallaí agus crainn ag Caisleán Bhaile Sheonach.

I rith 2005, bhunaigh thart ar 1,000 úinéir talún thart ar 10,000 heicteár d'fhoraois feirme nua.

Tá modúl foraoiseachta san áireamh i mbeagnach gach cúrsa atá á réachtáil ag Teagasc anois; mar shampla ar chúrsaí a bhaineann le REPS agus Teastas Gairmoilúna sa Talmhaíocht.

Rinneadh athbhreithniú ar an Suirbhé Feirme Náisiúnta chun foraoiseacht a áireamh mar fhiontar feirme príomhshrutha, agus tá an anailís fiontar atá á déanamh cosúil leis an anailís atá á déanamh do tháirgeadh déiríochta agus eallaí. Tá comhtháthú foraoiseachta sa Suirbhé Feirme Náisiúnta fós ar siúl.

Forbraíodh Foraoisí Feirme Monatóireachta (ar aon dul le feirmeacha monatóireachta d'fhiontar eile) chun léargas a thabhairt d'fheirmeoirí ar na tairbhí a bhaineann le tanú agus bainistíocht foraoise inbhuanaithe ón gcéad chéim tanaithe ar aghaidh. Léiríodh d'fheirmeoirí REPS go bhfuil tairbhí le fáil acu ó choillearnacha atá á mbainistiú go hinbhuanaithe a bhunú.

Rinneadh gníomhaíochtaí comhairle, oiliúna agus bolscaireachta maidir le breosla adhmaid agus nithe gaolmhara agus an poitéinseal a bhain leo maidir le hioncain a mhéadú ó fhoraoisí feirme.

Forbairt Muc

Is éard atá i gceist leis an gclár forbartha muc taighde comhtháite, comhairle agus clár oiliúna atá deartha go speisialta don earnáil. Is iad na cuspóirí atá leis an gclár costas aonaid a laghdú agus caighdeán táirgthe muiceola a fheabhsú, agus ag an am céanna an tionchar timpeallachta a laghdú agus leas ainmhithe a fheabhsú.

Áiríonn an clár taighde muc raon leathan topaicí a bhaineann le cothú, bainistíocht agus caighdeán feola, le béim leanúnach ar leas ainmhithe, sábháilteacht bia agus íoslaghdú an tionchair timpeallachta a bhaineann le táirgeadh.

Rinneadh staidéar ar dhrochrátaí fáis mhuc ar fheirmeacha tráchtála i gcomhair le INRA (Institute National de la Recherche Agronomique) sa Fhrainc agus rinneadh tionscadal ar bheathú a athrú d'fhonn tionchar a imirt ar líon na snáithíní matáin ag am breithe, agus dá bhrí sin tionchar a bheith aige ar chaighdeán feola, leis an Royal Veterinary College i Londain.

Leanadh leis an measúnacht ar bhearta rialaithe *Salmonella* ar 12 feirm tráchtála muc. Is cosúil gurb iad na feirmeacha atá ag baint úsáide as forlón aistí bia le haigéid orgánacha is mó a bhfuil ag éirí leo maidir leis an gcéatadán de mhuca *Salmonella*-dearfacha a laghdú.

Ba í an phríomhghníomhaíocht chomhairleach a bhí ann seirbhís ghnó agus teicneolaíochta a sholáthar do chliaint atá ar conradh. Is é an córas próiseála sonraí de mhonatóireacht feidhmíochta, PIGSYS, an bonn d'fhormhór na gcinní gnó. Léirigh anailís a rinneadh ar thaifid go bhfuil ag éirí thar barr le táirgeoirí muc atá ag úsáid an chórais.

Reachtáil Teagasc an 11ú Comhdháil d'Fheirmeoirí Muc i dtrí ionad (Cill Chainnigh, An Longfort agus Mainistir Fhear Maí).

Forbairt Gairneoireachta



Dhírigh tionscadal taighde ag Cionn Sáile ar an luach cothaitheach a bhaineann le sútha talún.

Bunaíodh ceithre fhoireann tráchtarraí ag déanamh ionadaíochta ar an tionscal, an Roinn Talmhaíochta agus Bia agus Bord Bia, agus bhí baint acu le cur i bhfeidhm agus luacháil chlár 2005 agus pleanáil do chlár 2006.

Tá 1,012 saothróir in Éirinn ag táirgeadh táirge le luach de €276 milliún ag geata na feirme. Tá conarthaí comhairleacha ag Teagasc le 71% díobh seo.

Chríochnaigh comhairleoirí gairneoireachta 140 plean gnó d'íarratais ar chúnaimh deontais. Rinneadh an infheistíocht is mó i meicniú, rud ba chúis le héifeachtacht mhéadaithe agus áiseanna feabhsaithe d'fhonn comhlíonadh le caihdeáin dearbhaithe cáilíochta. Bhí an infheistíocht bheartaithe iomláin cothrom le €17 milliún.

Beacáin

Cé gur laghdaigh an líon táirgeoirí beacán ó 177 go 130 in 2005, d'fhan an luach aschuir seasmhach ag thart ar €110 milliún. Tá an 10% is fearr de na saothróirí ag baint amach táirgeachtaí beacán de 340kg/tona de mhúirín agus tá 400kg/tona de mhúirín bainte amach ag roinnt saothróirí. Níl mórán difríochta le sonrú nuair a dhéantar comparáid idir na táirgeachtaí seo agus na táirgeoirí Eorpacha is fearr.

Tá tionscadail taighde dírithe ar chaighdeán agus saincheisteanna paiteolaíochta agus tá tacaíocht leanúnach á soláthar do shainchomhairleoirí beacán. Mar thoradh ar thaighde a rinneadh i gCionn Sáile ar chomhábhair mhúirín agus bearta rialaitheacha bitheolaíochta atá á gcur san áireamh tá forbairt tráchtála déanta le mórsholáthóirí mhúirín. Tá

méideanna móra de mhúirín beacáin spionta á n-úsáid i bhfoirmilthe nua mhúirín anois. Tá cliant tábhachtach atá ar conradh ag fáil tacaíochta ó chomhiarrachtaí na foirne beacáin.

Stoc Plandlainne

Tá stoc plandlainne saor ó víris agus baictéir táirgthe ag foireann an stoic plandlainne rud a chiallaíonn go bhfuil stoic shláintiúla nua plandaí ar fáil don earnáil anois. Tá trialacha ar luacháil saothróg labhras á ndéanamh le Coláiste Bhaile an Bhairínigh anois, agus tá cleachtadh tagarmharcála eacnamaíche bunaithe ar phlandlanna críochnaithe. Sholáthair an sainchomhairleoir náisiúnta seirbhís chomhairleachta do Shaothróirí Chill Dara, mar aon le bheith páirteach i ngrúpa plé agus comhdháil agus lá oscailte faoi stoc plandlainne náisiúnta a eagrú.

Thaispeáin úinéirí cuid de phríomh-phlandlanna na hÉireann 12 planda nua ag comhdháil náisiúnta stoic plandlainne Theagasc/Bhord Bia. Ciallóidh na plandaí nua seo go mbeidh raon níos mó tor ar fáil don earnáil tírdhreachaithe agus go dtiocfaidh feabhas ar an méid atá á fháil ar ais ag táirgeoirí stoic plandlainne.

Bogthorthaí

Chomhordaigh an Saineolaí Bogthorthaí tionscadal taighde i gCionn Sáile a bhí dírithe ar luach cothaitheach sútha talún, mar aon le comhairle a chur ar Ghrúpa Táirgeoira Saothróirí Torthaí Loch Garman.

I measc na bpríomhcheanglas a bhaineann le prótacail táirgí úra do na hasraonta miondíola móra tá Bainistíocht Chomhtháite Lotnaidí (BCL). Chuir Teagasc córas tuartha lotnaidí i bhfeidhm ar fud na tíre, córas a bhí ar fáil do 150 saothróir. Bíonn an fhaisnéis ar fáil go seachtainiúil agus is féidir le saothróirí an fhaisnéis a íoslódáil trí úsáid a bhaint as an idirlíon agus téacsteachtaireachtaí.

Glasraí

Is í an phríomhghné a bhaineann leis an earnáil mhéanach atá ag fás friotaíocht mhéadaithe d'úsáid móna agus an tsuim mhéadaithe atá i ngairneoireacht orgánach. Tá tionscadal taighde ar siúl faoi luacháil ar raon ábhar a d'fhéadfaí a úsáid in ionad nó mar mhalairtí nó páirtmhalairtí do mhóin. Rinneadh staidéar ar na héifeachtaí a bhain le coscairí galair féideartha agus méadaitheoirí fáis a úsáid le plandaí atá ag fás, mar shampla *Bacillus subtilis*.

Rinneadh iniúchadh ar pharaisít fhungasach de larbha feithidí *Metarhizium anisopliae* a úsáid chun smacht a choinneáil ar ghobacháin finiúna agus cuileoga *Sciarid*. Cuireadh torthaí an tionscadail seo i bhfeidhm nuair a bhí mhúirín á fhoirmliú ag an earnáil tráchtála.

SEIRBHÍS CHOMHAIRLEACH



John Maher, Saineolaí Déiríochta Pháirc Uí Mhórdha, ag labhairt ag lá oscailte bhuaiteoir IPE in Iarthar Phort Láirge.

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis an tSeirbhís Chomhairleach a athdhírú ar mhaithe le freastal ar riachtanais athraitheacha feirmeoirí agus daoine atá ina gcónaí faoin tuath. In 2005, cinneadh an leibhéal speisialtóireachta a mhéadú trí bhaill foirne a chur ag obair sna réimsí cláir seo a leanas: Gnó agus Teicneolaíocht; Dea-Chleachtas Feirmeoireachta; Forbairt Tuaithe agus Oideachas Aosach.

Cuireadh struchtúr bainistíochta nua ina raibh 18 Aonad Bainistíochta Ceantair (ABC), seachas 28 contae (péire i gCorcaigh agus Tiobraid Árann), i bhfeidhm go hiomlán in 2005. Bhí éifeachtachtaí níos fearr agus baineadh amach mais chriticiúil mar thoradh air seo.

Mhéadaigh líon cliant 20% go 40,700. Bhí formhór na ngníomhaíochtaí comhairleacha dírithe ar iarratais don Scéim Íocaíochta Feirme Singile nua agus REPS 3. Cuireadh an

Clár nua a seoladh le déanaí, Roghanna do Theaghlaigh Feirme, san áireamh i ngníomhaíochtaí comhairleacha agus d'éirigh go breá leis maidir le feirmeoirí agus teaghlaigh feirme a bheith páirteach i straitéis agus plean a fhorbairt don am amach anseo.

D'éagraigh an tseirbhís roinnt imeachtaí móra náisiúnta, lena n-áirítear siúlóid feirme faoin Innéacs Póraithe Eacnamaíoch Náisiúnta (IPE) i bPort Láirge, imeacht TFC i gCill an Dátúnaigh agus comhchruinnithe Íocaíochta Feirme Singile leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia (d'fhreastail 12,000 duine ar 50 cruinniú).

Tugann anailís a rinneadh ar na sonraí Monatóireachta Brabúis Eallaí le fios go raibh éifeachtacht feabhsaithe cothrom leis an méadú 12.5-15% in aghaidh na bliana i mbrabúis na bhfeirmeacha rannpháirteacha. Tacaíonn sé seo leis an ngá atá ann do chlár comhairleach láidir gnó

SEIRBHÍS CHOMHAIRLEACH AR LEAN

agus teicneolaíochta do thionscal na n-eallaí.

In 2005 tharla an tionchar ollmhór ar fheirmeacha curaíochta mar gheall ar an mbéim a bhí ar chostais sheasta a laghdú, eadhon costais chonacra agus léasaithe talún a laghdú. Chuir comhairleoirí Theagasc comhdhlúthú teidlíochtaí chun cinn. Tháinig laghdú 25% ar chostais chonacra. Chuir sé seo €14 milliún le corrlaigh feirmeoirí curaíochta.

Bhí tionchar suntasach ag seachadadh seirbhíse REPS do 19,800 feirmeoir ar bhrabúsacht agus scileanna agus cumas feirmeoirí gníomhaíochtaí feirmeoireachta tráchtála a nascadh le feabhsú na timpeallachta.

Cuireadh dianchlár comhairleach i bhfeidhm ar fheirmeacha monatóireachta eallaí agus é mar aidhm cur leis an líon feirmeacha monatóireachta a bhfuil ag éirí leo costas aonaid de €1.30 an chileagram nó níos lú a bhaint amach; d'éirigh le 44% d'fheirmeacha an sprioc sin a bhaint amach (41% d'fheirmeacha diúil agus 49% d'fheirmeacha neamhphóraithe).

Chabhraigh comhairleoirí le 34,000 feirmeoir, ar bhonn duine le duine, le hiarratais don Scéim Iocaíochta Feirme Singile. Tríd is tríd, tugadh cabhair do 44,761 feirmeoir i rith na tréimhse iarratais; theastaigh cabhair bhreise ó 6,804 feirmeoir le comhairliúcháin ina dhiaidh sin arís faoi oidhreacht, easpa/iomarca éileamh, earráidí, comhdhlúthú agus araile.

Foirne Tráchtearraí

Le linn dó a bheith mar chuspóir ábharthacht na gclár a chothabháil mar aon le comhtháthú feabhsaithe comhairle agus taighde, bunaíodh seacht bhfoireann tráchtearraí in 2005, a rinne ionadaíocht ar dhéiríocht, mairteoil, caoirigh, barra, timpeallacht, forbairt tuaithe agus bainistíocht feirme. Is éard a bhí mar phointe tosaigh ag an gclár athstruchtúrtha agus an próiseas cuir i bhfeidhm seo, foireann tráchtearraí choiteann taighde agus chomhairligh agus ar deireadh cuireadh plean gnó i bhfeidhm.

Sholáthair na foirne tráchtearraí an bonn d'fhorbairt cláir; rinne siad athbhreithniú ar chlár reatha agus sholáthair siad luacháil thábhachtach agus chuiditheach ar chlár thaighde agus chomhairleacha. I measc na ndaoine a bhí ar na foirne bhí thart ar ochtar feirmeoirí ó aonaid bhainistíochta chomhairleacha dhifriúla, idir seisear agus ochtar feidhmeannach tionscail, baill foirne ón Roinn Talmhaíochta agus Bia, Stiúrthóirí Comhairle agus Taighde, Ceann an Ionaid Taighde agus bainisteoir Cláir Chomhairligh. Chas an seacht bhfoireann tráchtearraí ar a chéile sa tréimhse idir Dheireadh Fómhair/Shamhain tráth ar oibrigh na Foirne

Forbartha Comhchláir ar na moltaí. Is éard a bhí sna foirne seo ionadaithe éagsúla, idir bhainisteoirí taighde agus bhainisteoirí foirne agus chomhairleacha agus baill foirne a d'athraigh saincheisteanna na bhfoirne tráchtearraí go gníomhaíochtaí laistigh den phlean gnó ábhartha.



Déiríocht

Lean an laghdú a bhí ag teacht ar líon feirmeacha déiríochta agus is éard a bhí mar thoradh air sin meánmhéid cuóta ag ardú go 222,700L. Tháinig feabhas 19% ar bhrabús, mar a léirigh na Monatóirí Brabúis Déiríochta a rinneadh ar fheirmeacha monatóireachta. Baineadh amach feabhas €6/bó in IPE.

Tá 100 feirm monatóireachta déiríochta ar fud na tíre. Baineadh an tuafás úsáide as na feirmeacha seo in 2005 do shiúlóidí feirme, grúpaí plé, oiliúint comhairleoirí, luacháil ar fheidhmíocht agus luacháil ar na roghanna a bheidh ann amach anseo d'fheirmeoirí.

D'fhreastail os cionn 5,000 feirmeoir ar dhá lá oscailte i bPáirc Uí Mhórdha agus d'fhreastail 2,000 feirmeoir ar shiúlóid feirme ar fheirm an bhuaiteora IPE i bPort Láirge. D'fhreastail os cionn 1,100 feirmeoir ar Chomhdhálacha Déiríochta Náisiúnta i bPort Láirge agus sa Chabhán.

Forbraíodh cairt póraithe nua agus seoladh chuig os cionn 3,000 feirmeoir í; cuireadh os cionn 1,000 ar ais chun anailís a dhéanamh orthu. Eisíodh os cionn 900 féilire pleanála do rialú costais agus ba cheart go mbeadh méadú sa líon Monatóireachtaí Brabúis Déiríochta in 2006 mar thoradh air seo mar aon le méadú i mbrabús feirmeacha aonair.

SEIRBHÍS CHOMHAIRLEACH AR LEAN

Stoc Tirim

Ó 1993 go 2004 bhí córais táirgthe eallaí agus caorach in Éirinn faoi thionchar mór agus ag brath go mór ar íocaíochtaí díreacha ainmhí-bhunaithe. Bhí praghsanna táirgí cobhsaí nó ag titim agus bhí costais táirgthe ag méadú, dá bhrí sin is éard a bhí i gceist leis an dúshlán a bhain le corrlaigh a uasmhéadú meascán d'íocaíochtaí díreacha a bharrfheabhsú agus ag an am céanna córais táirgthe éifeachtúla a chothabháil. Ar leibhéal náisiúnta, taispeánann an Suirbhé Feirme Náisiúnta gur fhan an bhrabúsacht ar fheirmeacha eallaí statach ó 2001 go 2004. Ach in 2005 áfach, mhéadaigh feirmeacha stoic thirim atá ag críochnú le Monatóireacht Brabúis Stoic Thirim an brabús 44% thar an tréimhse chéanna trí bliana. Ó 2001 bhí an méadú bliantúil ar bhrabús ar fheirmeacha Monatóireachta Brabúis idir 12.5 agus 15%. Aimsíodh an méadú brabúis ó mheascán de phréimheanna níos éifeachtúla a fháil agus éifeachtúlacht táirgthe feabhsaithe. Aimsíodh na méaduithe brabúis uile de 14.4% idir 2003 agus 2004 ó éifeachtacht táirgthe méadaithe.

In 2004 d'éirigh le beagnach 60% d'fheirmeacha Monatóireachta Brabúis Stoic Thirim brabús thar a bheith sásúil de 600 an heicteáir nó níos mó a bhaint amach. Laghdaigh costais choiteanna (seachas obair, ús agus cíos talún) in aghaidh an chileagraim de bheomheáchan mairteola 9% sa tréimhse idir 2001 agus 2004. In 2004, d'éirigh le beagnach 60% d'fheirmeacha Monatóireachta Brabúis Stoic Thirim Theagasc an sprioc de chostais choiteanna de €1.30 an chileagraim nó níos lú a bhaint amach.

Spreagadh a bhí san athrú go dtí an Íocaíocht Feirme Singile in 2005 d'fheirmeoirí stoic thirim a n-íarrachtaí bainistíochta a ath-imscaradh i dtreo saothrú féir agus póraithe agus riar ainmhithe agus díriú ar tháirgeadh ar aon dul le ceanglais mhargaidh. Ní raibh ag éirí chomh maith céanna le córais chaorach a bhí á réachtáil go héifeachtúil, córais a raibh na préimheanna bunaithe ar ainmhithe iontu, i gcomparáid le córais eallaí, córais a mbeidh an buntáiste acu tar éis scartha, de réir mar ar féidir le caoirigh corrlach níos airde a chruthú gan préimheanna san áireamh. In 2004 d'éirigh le os cionn 36% de thréada caorach le monatóirí brabúis glanchorrach a bhaint amach a bhí sa bhreis ar €500 an heicteáir agus d'éirigh le beagnach dhá dtrian d'fhiontair chaorach 100% nó níos mó d'fháltais phréimheanna a choimeád mar bhrabús in 2004.

Thaispeáin an Suirbhé Feirme Náisiúnta gur ardaigh an ráta scoite do chaoirigh 5% i bhfeirmeacha a ndearnadh Suirbhé orthu agus 7% ar fheirmeacha a raibh monatóir brabúis caorach iontu.

Leanadh le comhchláir idir Dawn Meats Partnership, Wexford Marts, Galway Livestock Marts, GVM Livestock & Property Sales agus Monaghan Quality Cattle Group.

Ar fheirmeacha monatóireachta brabúis, d'éirigh le 44% d'fheirmeacha eallaí sprioc-aonad costais de €1.30 an chileagraim nó níos lú a bhaint amach. D'éirigh le 49% d'fheirmeacha caorach ráta scoite de 140% nó níos mó a bhaint amach. Críochnaíodh monatóirí brabúis do 303 feirm eallaí agus 109 feirm caorach – áiríodh sonraí ó 227 feirm eallaí agus 66 feirm caorach in anailís chomparáideach agus foilsíodh torthaí i mí Mheán Fómhair 2005.



Paul Flanagan agus Mary Coffey, taighdeoirí Theagasc, i ngarraí síolta ola ráibe i bPáirc na Darach. Tá suim múscaite in úsáid talún do bharráid do bhithbhreoslaí.

D'oibrigh speisialtóirí eallaí agus ICBF le chéile ar thuarascálacha breithe nua agus tuarascálacha feidhmíochta mairteola a fhorbairt, tuarascálacha a bhí ar fáil ar líne do chliant ar theastaigh uathu eolas a fháil faoi imeachtaí ainmhithe. Is féidir leis an gcomhairleoir tuarascálacha táirgthe breithe agus mairteola a chruthú do chliant ar leith agus tá na sonraí seo úsáideach maidir le comhairle aonair a chur ar fáil agus cruinnithe a eagrú le grúpaí plé mar aon le siúlóidí/léiriúcháin feirme. Theastaigh ó bheagnach 2,000 cliant díuil eolas a fháil faoi thaifead imeachtaí ainmhithe in 2005

SEIRBHÍS CHOMHAIRLEACH AR LEAN

agus bhí 1,300 tuarascáil bhreithe ar fáil faoi mhí an Mheithimh 2005. Taifeadadh gur thug os cionn 2,400 comhairleoir mairteola cuairt ar rannóg tuarascálacha mairteola ICBF in 2005.

Curaíocht

Bliain dheacair ó thaobh táirgiúlachta ba ea 2005, bliain ina raibh táirgeachtaí gránach go maith faoin méid a raibh súil leis agus mar thoradh air seo táirgeadh 1.9 milliún tona. Léirigh os cionn 100 monatóir brabúis gur laghdaigh corrlaigh curaíochta de bharr táirgeachtaí laghdaithe. Lena chois sin, bhí corrlaigh thar a bheith íseal de thoradh táirgiúlachta grán mar thoradh ar scaradh iocaíochtaí. Léirigh leasú an réimis siúcra go mbeadh tréimhse dhúshlánach ann do phróiseáil siúcra in Éirinn, ach bhain féidearthachtaí le táirgeadh bitheatánóil agus pacáiste cúitimh réasúnaigh.

Bhí suim in athuair in úsáidí talún nua, go háirithe bithfhuinneamh. Rinneadh luacháil ar shíolta ola ráibe do bhithbhreoslaí agus foilsíodh treoirínte táirgthe agus bileoga faisnéise.

Bhí laghdú sa líon saothróirí prátaí, ach d'éirigh leis na saothróirí a bhí ann brabúsacht mhéadaithe a bhaint amach dóibh féin.

I measc na dtosaíochtaí a bhí ar an gclár comhairleach do bharr curaíochta in 2005 bhí cabhrú le saothróirí an méid agus ab fhéidir leo a bhaint as a n-íocaíochtaí Feirme Singile agus táirgeachtaí agus caighdeán den scoth a bhaint amach ag an gcostas is ísle agus is féidir. Cuireadh teicneolaíocht dea-chleachtais agus measúnú airgeadais chun cinn agus léiríodh an méid sin ar fheirmeacha monatóireachta agus i bhfógraí cumarsáide.

Forbraíodh clár taifeadta barr ar an ríomhaire - e-crops - agus cuireadh i bhfeidhm ar bhonn píolótach ar 60 feirm é. Soláthróidh sé seo sonraí úsáideacha don chlár Monatóireachta Brabúis.

Cháiligh 21 rannpháirtí le teastais FETAC tar éis an Chúrsa Cosanta Plandaí dar teideal BASIS a dhéanamh; clár a mhair 10 lá.

Tacaíodh agus cuireadh an Scéim um Áirithiú Gráinní na hÉireann (SÁGÉ) chun cinn. Tá thart ar 85% den ghrán atá á thrádáil anois dearbhaithe mar ghrán deimhnithe faoi SÁGÉ. Tá beagnach 6,000 as 16,000 táirgeoir ar fad páirteach sa scéim anois.

SPRIOC 2

IOMAÍOCHAS, NUÁIL, SÁBHÁILTEACHT AGUS CAIGHDEÁN BIA

Tacú le forbairt earnáil bia atá dírithe ar an margadh, atá iomaíoch agus nuálaíoch agus earnáil a chomhlíonann na caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta is airde, go háirithe san 'earnáil bianna sláinte' atá ag forbairt.

Cuireann an eagraíocht straitéisí taighde i bhfeidhm a bhaineann le raon réimsí eolaíochta agus teicneolaíochta don tionscal bia, go háirithe an tionscal feola, déiríochta agus comhábhar bia mar aon le sábháilteacht bia agus soláthraíonn sí seirbhís aistrithe teicneolaíochta agus cúrsaí oiliúna don tionscal.

TAIGHDE BIA

Tugann an Stiúrtóireacht Bia, ina bhfuil Ionad Taighde Bia Pháirc Uí Mhórdha (ITBPM – Ionad Taighde na dTáirgí Déiríochta tráth) agus Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh (ITBBÁ - An tIonad Bia Náisiúnta tráth), faoi raon cuimsitheach gníomhaíochtaí, lena n-áirítear taighde poiblí agus príobháideach, oiliúint, seirbhísí comhairleacha agus teicniúla. I measc na dtéamaí clár atá ann tá sábháilteacht bia, comhábhair bhia, teicneolaíocht feola, bianna ullmhaithe, táirgí déiríochta agus bianna feidhmiúla.

Ba í 2005 an chéad bhliain ar oibrigh an dá ionad bia mar chuid den stiúrtóireacht chéanna agus sa bhliain seo freisin cuireadh tús le próiseas de chomhtháthú méadaithe an chláir, a dhírigh ar réimsí comhleasa, eadhon sábháilteacht bia, eolaíocht bhítheach, margáíocht bia, comhábhair bhia agus aistriú teicneolaíochta.

Chaith an Stiúrtóireacht a lán ama ar phleanáil straitéiseach in 2005. Ullmhaíodh mórthionscadal nua taighde 'Foods for Health' mar chuid de chlár nua taighde Theagasc, clár ar a dtugtar 'Vision'. Chomhordaigh an Stiúrtóireacht dhá thogra tionscadail chomhtháite do mhaoiniú Clár Creata AE, eadhon 'Milk Bioactives' agus 'ProSafeBeef'. Tá forbairt nua déanta ag Moorepark Technology Ltd. a bhaineann le modúil chustaiméirí ar an láthair a chruthú d'fhonn freastal ar úsáideoirí fadtréimhseacha seirbhísí monarchan píolótacha na cuideachta.

Ba í an tAire Talmhaíochta agus Bia a d'oscail Ionad Bíteicneolaíochta Pháirc Uí Mhórdha go hoifigiúil. Díreoidh an t-ionad nua ar na réimsí taighde seo a leanas: sláinte, blas bia agus sábháilteacht bia.

Chomh maith leis sin sholáthair na saotharlanna clár nua i ngéineolaíocht mhóilíneach ar mhaithe le cabhrú le beostoc feabhsaithe a roghnú. Bhí taighdeoirí ón Ionad Cógasbhítheach Cothaitheach – comhchlár maoinithe le Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh - ag obair sna saotharlanna nua.

Taighde Feola

Córas bainistíochta mairteola PRCDB

Tá ITBBÁ i mbun tástáil a dhéanamh ar chóras bainistíochta cáilíochta do sheachadadh comhsheasmhachta i gcaighdeán ithe (blastacht) de mhairteoil Éireannach. Feidhm de tháirgeadh, próiseáil, agus modh cócaireachta é blastacht mairteola. I mBaile an Ásaigh, cuireadh tús le trialacha tomhaltóirí ar bhlastacht bunaithe ar chlár Caighdeán Feola na hAstráile. Is é is aidhm leis an gclár plean do Phointe

Rialúcháin Chriticiúil um Dhearbhú Blastachta (ar a dtugtar PRCDB) a fhorbairt do thionscal mairteola na hÉireann.



Cnámhú te - baintear an stiall-luan ón gconablaigh laistigh de dhá uair tar éis maraithe.

Uaineoil

D'fhorbair ITBBÁ modh uathoibríthe d'anailís bhithchoiscis chun conablaigh uaineola a mheas. Réamh-mheasadh meáchan trua saor ó shaill agus céatadán saille go maith ag baint úsáide as an modh seo. Comhdáidh paitinn shealadach agus aimsíodh comhairleoir le staidéar a dhéanamh ar an bpoitéinseal margaidh a bhaineann leis an trealamh grádaithe. Tá iniúchadh á dhéanamh ar scanadh X-gha TR agus an cumas a bhaineann leis le comhdhéanamh ard san innéacs feola trua i gconablaigh uaineola a thomhas agus uain a rialú mar aon leis an ngaol idir ghráid EUROP

TAIGHDE BIA AR LEAN

agus méid trua agus saille i gconblaigh a aimsiú.

Táirgí Muiceola Níos Sláintiúla

Rinne Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh agus Aonad Táirgthe Muc Pháirc Uí Mhórdha dhá staidéar atá deartha le leibhéal d'Aigéad Líonóiléach Comhchuingeach (CLA) i muiceoil a ardú. Aigéad sailleach úr atá i CLA a bhfuil airíonna feabhsaithe sláinte aige. Is éard a bhí i gceist le staidéar amháin ispiní a tháirgeadh ó mhuca trua agus raimhre a raibh aistí bia acu a bhí forlonta le CLA. Is éard a bhí i gceist leis an dara staidéar CLA a chur san áireamh le linn an phróisis táirgthe mar chuid de dhéanamh ispiní.

Táirgí Feola Breisluacha

Forbraíodh straitéis ar mhaithe le barrfheabhsú próiseála táirgí feola breisluacha. Is éard a bhí i gceist anseo úsáid a bhaint as matáin nach raibh a dóthain úsáide á baint astu, comhábhair fheidhmiúla a chur san áireamh, réamhchóireáil fhisiceach matán, athfhoirmiú matán, réimis phróiseála 'téigh & dáil' agus táirgí a phacáistiú. Rinneadh na gníomhaíochtaí seo i gcomhar le próiseálaithe SME.

Rianú

Trí chomhoibriú le UCD, léiríonn taighde atá déanta go dtí seo go bhfuil poitéinseal ag baint le teicneolaíocht iseatóip chobhsaí i mairteoil idirdhealaitheach bunaithe ar chúla cothaithe agus suíomh geografach.

Taighde ar Tháirgí Déiríochta

Cáis

Is iad Cédair agus Mozzarella ar bheagán maothais an dá chineál cáise is mó atá á dtáirgeadh i dtionscal cáise na hÉireann. Is cáiseanna tráchtearra ardoirte iad an dá chineál cáise seo, agus is cosúil gurb iad a bheidh mar bhonn don tionscail amach anseo, ach fós féin tá sé riachtanach go mbeidh éagsúlacht táirgí ar fáil, cosúil le cáiseanna níos speisialaithe agus cáiseanna ardluacha. Chuige seo, cuireadh tús le dhá thionscadal in 2005. Tá an chéad chéim den dá thionscadal dírithe ar anailís a dhéanamh ar mhargadh na Ríochta Aontaithe chun na cineálacha cáise leis an bpoitéinseal is fearr a aithint. Tá ceann de na tionscadail seo, atá á mhaoiniú tríd an Dairy Research Trust, ag déanamh iniúchta ar an margadh d'fhonn an fhorbairt poitéinsil a bhaineann le cáiseanna ardoirte, ardluacha a aimsiú. Tá suirbhéanna déanta ar mhargadh na Ríochta Aontaithe agus aithníodh deiseanna do mhalairtí ar Chéadar. Déanfaidh an dara tionscadal, atá á dhéanamh i gcomhar le Coleg Menai sa Bhreatain Bheag agus atá á mhaoiniú trí chlár Interreg IIIA na hÉireann/na Breataine Bige, iniúchadh ar an margadh d'fhonn teacht ar nideog do shainfheoil agus saincháiseanna, sa Ríocht Aontaithe go háirithe.



Is léir dúinn ó thaighde atá déanta go bhfuil sé riachtanach go mbeadh cáiseanna níos speisialaithe agus cáiseanna ardluacha ar fáil.

Sábháilteacht Bia

I mí Meithimh 2005, sheol ITBBÁ láithreán Gréasáin Bhunachar Sonraí Iarmhar Bia Náisiúnta a bhí ar fáil d'eolaithe, an tionscal bia, pearsanra rialála agus don phobal. Foinse sonraí atá sa bhunachar sonraí ar féidir a úsáid chun stádas iarmhair bia a aimsiú agus féadfar é a úsáid i ngíomhaíochtaí bainistíochta riosca freisin.

Mycobacterium avium Paratuberculosis (MAP) is cúis le galar Johné in eallaí agus síltear go bhfuil sé nasctha freisin leis an ngalar Crohn a fhaigheann daoine. Cúis imní atá anseo sa tionscal déiríochta mar gheall ar an bhfianaise atá ann nach ndéanann an próiseas paistearacháin dochar dó. Léirigh taighde a rinneadh ag ITBPM nach cosúil go bhfuil sé seo fíor.

Le déanaí aithníodh *Enterobacter sakazakii* mar ghníomhaire cúiseach de mheiningíteas nua-naíoch. Éileoidh rialachán AE nua a fhoilseofar go luath nach mbeidh an phataigin seo le fáil i mbianna. In 2005 d'fhorbair ITBPM modh Imoibrithe Shlabhrúil Pholaiméaráise Fhíor-Ama (RT-PCR) chun an t-organach seo a aithint.

Reáchtáladh tionscadal a bhí dírithe ar thacaíocht a sholáthar faoi shaincheisteanna a bhain le caighdeán do dhéantóirí cáiseanna feirme. Forbraíodh agus reáchtáladh cúrsa FETAC-deimhnithe faoi dhéanamh cáise ag baint úsáide as saíneolas teicniúil agus áiseanna monarchan píolótacha ag ITBPM.

E. coli O157:H7

Tugann múnlaí measúnachta riosca cainníochtúla miocróbacha measúnacht den riosca sláinte phoiblí a bhaineann le pataigin bhia-iompartha agus tugann sé léargas ar conas an riosca a bhainistiú go straitéiseach sa bhiashlabhra. In 2005, chríochnaigh ITBBÁ, i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, an chéad mheasúnacht riosca náisiúnta ar phataigin bhia-iompartha in Éirinn (*E. coli* O157:H7 i mburgair mhairteola a tháirgtear i bPoblacht na hÉireann). Is féidir leis na príomhpháirtithe leasmhara i mbainistiocht sábháilteachta mairteola an múnla aschur a úsáid anois chun an riosca a bhaineann leis an bpataigin seo a bhainistiú.

Meastar gurb iad eallaí an phríomhfhoinsé de *E. coli* O157. Ach léiríonn taighde a rinneadh in ITBBÁ le déanaí gur iompróirí den phataigin seo iad caoirigh (2.4%) agus muca (0.24%) freisin. Léiríonn na cineálacha baictéara-fagacha (CB32 agus 8) agus próifiliú géiniteach tosaigh d'fhachtóirí toimhdean aitheanta agus nimhneacha go bhfuil an cumas acu tinneas daonna a chruthú.

Léirigh taighde a rinneadh ar fhachtóirí a bhfuil tionchar acu ar mharthanais agus iompar *E. coli* O157:H7 in eallaí go bhfuil an dáileog inoclaithé do *E. coli* O157:H7 íseal agus go n-athraítear airíonna na pataigine nuair a théann sí trí phutóg an ainmhí, rud is cúis le deis mharthanais níos fearr, rud a chabhraíonn le hiompar agus marthanacht na mbaictéar seo ar an bhfeirm.

Toradh suntasach eile a aimsíodh ba ea gur braitheadh speicis VTEC neamh-O157 cíteatocsaineacha iomadúla nár aimsíodh in eallaí nó sa timpeallacht Éireannach roimhe sin. Léiríodh nach ndearna go leor antaibheathach éagsúil dochar ar bith dóibh ach oiread. Tá impleachtaí ag an bhfionnachtain seo ar fhíortharlú an ghalair ó *E. coli* cíteatocsaineach in Éirinn agus d'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige ar shláinte phoiblí amach anseo.

Bianna Feidhmiúla

Comhchuid atá le fáil i mbainne go nádúrtha agus a mbaineann tréithe sláinte maithe leis is ea Aigéad Líonoiléach Comhchuingeach (CLA). Tá ITBPM i mbun taighde a dhéanamh ar an gcomhdhúil seo le blianta fada. In 2005, táirgeadh miocróib phróbhithéacha trí innealtóireacht ghéiniteach chun CLA a tháirgeadh – próiseas atá paitinnithe. Chomh maith leis sin táirgeadh cáis a raibh leibhéal ard CLA inti. Tá ollscoil san Iodáil ag baint úsáide as an gcáis seo sa chéad mhórhthriail dhaonna dá chineál chun iniúchadh a dhéanamh ar na héifeachtaí sláinte a bhaineann le CLA.

Ag ITBPM rinneadh obair freisin ar úsáid réamhbhithí i mbainne foirmle do naíonáin. Is carbaihiodráití indiléáite iad réamhbhithí a spreagann fás bifidbhaictéar sa stéig.

Cuireadh tús le clár taighde nua i rith na bliana, clár atá dírithe ar bhonn teicneolaíoch a fhorbairt do dhéantús bianna foirmilite atá dírithe ar dhaoine murtallacha.

Dhírigh taighdeoirí ag ITBBÁ, i gcomhar le hIonad Taighde na Gráinsí, ar na hairíonna sláintiúla a bhaineann le mairteoil Éireannach a fheabhsú. Faightear na leibhéil is airde CLA sa stiall-luan nuair a chuirtear meascán d'ola lus na gréine agus ola éisc i gcomhar le Vitimín E san áireamh i mbia aiste eallaí atá ar féarach. Tá táirge mairteola mionaithe le leibhéal ard CLA ann le tabhairt do lucht ob-ob - samhail creimire de mhurtallacht dhaonna, diaibéiteas agus frithsheasmhacht insline. Tá sé seo á chur san áireamh i mbeatha lucht chun comparáid a dhéanamh idir bheatha treisithe lucht le CLA sintéiseach agus aigéad vaicéineach.

Táirgí Bia Eile

Aráin saor ó Ghlútan



Tá An Dr Eimear Gallagher, Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh, páirteach i dtaighde ar aráin saor ó ghlútan agus táirgí orgánacha.

Galar céiliach a thugtar ar éadulaingt ghlútain i measc daoine. Léirigh staidéir atá déanta roimhe seo go bhfuil seilfré ghearr ag aráin nach bhfuil glútan iontu. Ag baint úsáide as amaláis einsime úire ón Eilvéis, d'éirigh le taighdeoirí ag ITBBÁ boige grabhróg a mhéadú beagnach 50% agus ceithre lá a chur le seilfré an aráin.

Iasc

Tá soláthairtí gnáthspeiceas iasc ag laghdú agus de réir a chéile tá níos mó tábhachta ag baint le speicis nach bhfuil mórán úsáide á baint astu. Léirigh tionscadal a d'fhéach ar luach a chur le speicis nach bhfuil mórán úsáide á baint astu trí reo-fhuarú agus pacáistiú in atmaisféar modhnaithe go bhfuil an meascán seo feiliúnach le cur le seilfré codanna réamhphacáistithe roinnt speiceas iasc.

Forbairtí sna hEolaíochtaí Bitheacha



Anailíseoir aigéid núicléasaigh i bPáirc Uí Mhórdha a úsáidtear chun caighdeán DNA a thomhas. Sa ghrianghraf seo tá Olivia McAuliffe, Oifigeach Taighde sa Roinn Biteicneolaíochta.

In 2005, thug ITBPM a straitéis dá chlár biteicneolaíochta ainmhithe chun críche. Is éard a bhí mar thoradh ar an straitéis seo comhtháthú eolaithe ón dá ionad ar champas Pháirc Uí Mhórdha.

Tástáladh go leor ainmhithe do mhalairtí géiniteacha ag baint úsáide as meascán de ghnáth-theicnící agus teicnící difriúla. Aithníodh roinnt Polamorfacht Núicléitíde Singile (marcóirí géiniteacha), a d'fhéadfaí a lua le feiniotóipá tábhachtacha, cosúil le scór colainne agus so-ghabháltacht i leith maistítis.

Ina theannta sin bhí ITBPM ag féachaint ar léiriú na géine, mar shampla, i rith babhta maistítis, ag baint úsáide as teicnící RNA. Tá an teicníc barrfheabhsaithe ag an ionad do roinnt cineálacha samplaí; lena n-áirítear fuil, fíochán agus cealla sómacha bainne. Tá stóras DNA ollmhór san ionad, ina bhfuil samplaí de os cionn 3,500 bó (cúig phór tráchtála éagsúla), 220 tarbh cruthaithe agus 180 muc.

Rinneadh iniúchadh ar chultúr próbhitheach (*Lactobacillus lactis*) do chóireáil maistítis mar mhalairt ar úsáid antaibheathach.

Eolaíochtaí Bitheacha Feola

Tá Clár Taighde Bitheolaíochta Móilíní agus Caighdeán Feola bunaithe in ITBBÁ. Tá dul chun cinn déanta ar úsáid teicnící biteicneolaíochta nua maidir le taighde ar chaighdeán bia. Tá iniúchadh á dhéanamh ar thréithe móilíneacha sa mhatán a bhaineann le táirgeadh caighdeán feola comhsheasmhaí. Roghnaíodh géinte do mhaoithe, saill ionmhatánach agus acmhainn choinnithe uisce agus cruthaíodh leabharlanna cDNA, a úsáidfead chun géinte a bhaineann le caighdeán a aithint agus a dhearbhu. Cuid de chomhobair atá ar siúl go leanúnach le UCD agus An Diagnóslann Náisiúnta (NDC) i nGaillimh é an taighde. Tá iniúchadh ar mharcóirí DNA ag leanúint ar aghaidh, d'fhonn minicíochta géinitíopa agus naisc le caighdeán ithe san áirí Éireannach a aimsiú. Léirigh staidéir phróitéamaíochta bithmharcóirí poitéinsiúla do chaighdeán. Féadfar na marcóirí seo a úsáid mar bhonn do thástálacha diagnóiseacha imdhíon-bhunaithe do chaighdeán a úsáidfead amach anseo. Ina theannta sin, forbraíodh imdhíon-mheas do mharcóir poitéinseal amháin do mhaoithe mairteola i gcomhar leis an NDC.

Taighde Tomhaltóirí

Mar chuid den chlár ar fud an AE a bhfuil 39 comhpháirtí ann, rinne an fhoireann ITBBÁ iniúchadh ar imní tomhaltóirí faoi leas ainmhithe, an cineál faisnéise a theastaíonn agus straitéisí éifeachtacha cumarsáide agus faisnéise.

Lean an ITBBÁ le hobair i réimse stíleanna beatha tomhaltóirí nuair a rinneadh staidéar ar chodanna Bia atá Bainteach le Síil Bheatha (FRL) sna margaí sainbhianna sa Ríocht Aontaithe. Uirlis atá san FRL a úsáidtear chun margaí bia a dheighilt óna chéile bunaithe ar dhearcaí tomhaltóirí i leith ceannaigh, ullmhúcháin agus ithe táirgí bia.



Aistriú Teicneolaíochta agus Oiliúint

Rinneadh a lán den aistriú teicneolaíochta ó ITBPM agus ITBBÁ trí thaighde rúnda coimisiúnaithe ag cuideachtaí bia. Bhí ITBPM páirteach in a lán gníomhaíochtaí conartha biteicneolaíochta le cuideachtaí bia agus comhábhar náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Mhéadaigh an úsáid a bhí á baint as Moorepark Technology Ltd., cuideachta atá ar thús cadhnaíochta maidir le haistriú cláir theicneolaíochta cuideachtaí bia. Cuideachtaí ilnáisiúnta agus an tionscal déiríochta ba chúis leis an úsáid mhéadaithe seo a baineadh as Moorepark Technology Ltd.

Lean ITBBÁ le sainchlár oiliúna teicniúla a sholáthar don tionscal bia agus eagraíochtaí rialála bia. In 2005, oileadh os cionn 1,500 pearsanra, ar leibhéal bainistíochta den chuid is mó.

D'fhorbair baill foirne cúrsaí oiliúna nua i reachtaíocht bia agus chríochnaigh siad oiliúint do Chaighdeán Oiliúna Tionscail Feola FÁS don earnáil muiceola. Cuireadh tús le hobair ar chlár oiliúna d'earnáil na gcaorach agus na n-uan. Cuireadh PRADB agus oiliúint Iniúcháin Sábháilteachta Bia ar fáil do os cionn 50 cigire ón Roinn Talmhaíochta agus Bia sna réimsí a bhain le déiríocht, éanlaithe clóis agus beatha ainmhithe. Cuireadh an oiliúint ar fáil chun críche reachtaíochta nua AE a chur i bhfeidhm, an Pacáiste Sláinteachais (EC 852/853) atá i bhfeidhm ó mhí Eanáir 2006.

D'fhorbair an ITBBÁ cúrsa oiliúna sábháilteachta agus sláinteachais bhia i Rúisis, Laitvis agus Polainnis don earnáil gairneoireachta. Bhí an cúrsa ar fáil freisin d'earnálacha bia eile ar a raibh daoine nach náisiúnaigh iad fostaithe.

Bhí baill foirne páirteach go gníomhach i gcoistí teicniúla sna heagraíochtaí seo a leanas: ÚCNÉ, ÚSBÉ, FÁS, Bord Bia agus Fiontraíocht Éireann.

Chuir an Stiúrthóireacht Taighde Bia neart foilseachán agus tuarascálacha le chéile, lena n-áirítear 104 foilseachán sna hirisí eolaíochta idirnáisiúnta, agus bhí dhá fhoilseachán ó ITBPM le fáil na hirisí mór le rá *Proceedings of the National Academy of Science* agus *Nature Reviews*.



SPRIOC 3

CÓRAIS TALMHAÍOCHTA INBHUANAITHE

Córais táirgthe talmhaíochta agus bia atá inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta, leasa ainmhithe, sábháilteachta ceirde agus timpeallachta oibre a fhorbairt.

Is é atá mar aidhm le straitéisí Taighde Theagasc faisnéis agus teicneolaíochtaí eolaíoch nua a fhorbairt don earnáil talmhaíochta, rud a chuireann ar chumas feirmeoirí a bheith i mbun feirmeoireachta ar bhealach inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de, ar bhealach a chuireann caomhnú na timpeallachta tuaithe chun cinn, a fheabhsaíonn leas ainmhithe feirme agus a chabhraíonn le timpeallacht oibre sábháilte agus sláintiúla a fhorbairt.

Áirítear dea-chleachtas maidir le sábháilteacht cheirde, leas ainmhithe agus cleachtais feirmeoireachta atá inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta sna cúrsaí oiliúna iomlána.

Déantar straitéisí comhairleacha ar mhaithe le tacú le forbairt feirmeoireachta inbhuanaithe trí sholáthar seirbhísí pleanála agus tacaíochta REPS, pleanáil bainistíochta cothaitheach agus seirbhísí pleanála dramháiola feirme, mar aon le haistriú teicneolaíochtaí ó thaighde.

TAIGHDE TALMHAÍOCHTA



Éifeachtacht Cothaitheach

Tá taighde agranamaíoch agus timpeallachta ar fhosfar (P) agus nítrigin (N) dírithe ar éifeachtacht chothaitheach a bharrfheabhsú chun deis a thabhairt d'fheirmeoirí uastáirgeachtaí eacnamaíocha a bhaint amach le cailteanais íosta don timpeallacht. Tugann torthaí taighde a rinneadh le déanaí le fios go bhféadfadh talmhaíocht níos lú úsáide a bhaint as P gan cur isteach ar tháirgeachtaí féir. Tugann torthaí ar thriail náisiúnta ithreacha a bhí ar siúl ar feadh ceithre bliana le fios go bhfuil riachtanais P i seacht as na n-ocht gcineál ithreach an-íseal in Innéacs 3. Thaispeáin an turgnamh go raibh éagsúlacht i bhfreagairt táirgeachta cineálacha ithreacha ar leibhéal leasacháin P. Ach dá mbeadh táirgeacht féir agus leibhéal luibhre P le cur san áireamh, d'fhéadfadh duine comhairle leasacháin P do leibhéal dhifriúla P in ithreacha a bheith inbhuanaithe ó thaobh agranamaíochta agus timpeallachta de. Úsáideadh na torthaí seo le tacú le hullmhú Chlár Gníomhaíochta na hÉireann i leith cuir i bhfeidhm na Treorach Níotráití.

Níl toradh an taighde nítrigine chomh cinnte céanna mar gur aimsíodh go raibh an méid agus tomhas ama de scaoileadh nítrigine ó ithreacha trí mhianrú thar a bheith spleách ar chineál ithreach agus mionaeráid. Rangaítear cumas ithreacha chun cúlra N a sholáthar i dtír chatagóir leathana mar seo a leanas:

(i) ithreacha le hardacmhainn ar féidir leo mianrú agus meán de 165 kg/ha de N a sholáthar;

(ii) ithreacha le cumas meánach leibhéal cúlra N de 140 kg/ha a sholáthar ón N atá le fáil i bplandaí; agus,

(iii) ithreacha le cumas íseal leibhéal N cúlra a sholáthar le meán de 115 kg/ha bunaithe ar an 50% de na hiithreacha scaoilte is ísle.

Measfar an rangú seo mar bhonn do mholtaí nua sa chéad eagrán eile de lámhleabhar comhairle cothaitheach Theagasc.

Aimsíodh gur phríomhghné a bhí i ndifríochtaí idir cineálacha ithreacha maidir le húsáid fosfair agus nítrigine do thalamh féaraigh agus cinnteoidh toradh an taighde seo go mbeidh sé indéanta éifeachtachtaí breise a bhaint amach in úsáid na gcothaitheach seo.

Gáis Cheaptha Teasa

Thaispeáin taighde a rinneadh ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa go súnn talamh féaraigh carbón agus d'fhéadfadh sé seo a bheith ina fhachtóir tábhachtach sa mhéid gáis cheaptha teasa atá in Éirinn. Lean taighde le haird a tharraingt ar an tábhacht a bhain le sil-leagan paiste fuail san fhómhar nuair a bhíonn iontógáil laghdaithe ó fhéar agus dá bhí sin, foscanna nítrigine méadaithe d'aer agus uisce.

TAIGHDE TALMHAÍOCHTA AR LEAN

Cailteanais Chothaitheach in Uisce

Léiríodh an tábhacht a bhaineann le clúdach féir ar thalamh curaíochta i rith an fhómhair agus an gheimhridh trí láisteadh níotráite laghdaithe agus úsáid phoitéinsiúil de nítrigin leithlisithe san earrach. Tá tús curtha le réamhthaighde chun ról na hithreach i soláthairtí uisce óil a chosaint ó mhicroorgánaigh phataigineacha agus, i gcásanna a mbaineann ardriosca leo, tá seans dáiríre ann go bhféadfaí an phataigin a aistriú go huisce óil.

Feabhsú Tírdhreacha agus Bithéagsúlacht



Is é An Bhoirinn i gCo. an Chláir an réimse is fairsinge d'aolchloch in Éirinn.

Den chéad uair d'éirigh le taighde comhoibritheach idir UCD agus Teagasc íomháineachas satailíte a úsáid chun suirbhé agus léarscáil a dhéanamh ar an raon leathan cineálacha gnáthóga atá le fáil sa Bhoirinn, Co. an Chláir. Chomh maith leis sin tugann an léarscáil an chéad mheastachán faoin gceantar den Bhoirinn a bhfuil tionchar ag ionradh scrobarnaí air – atá ar cheann de na baoil is mó atá ann do ghnáthóga tosaíochta AE sa cheantar. Ciallóidh comparáidí a dhéanfar idir an suirbhé seo agus suirbhéanna cosúla amach anseo go mbeidh sé indéanta athruithe i ngnáthóga sa Bhoirinn a thomhas.

Chabhraigh taighde chun gnéithe timpeallachta cainníochtúla a aithint agus a roghnú do chlár monatóireachta ar féidir é a chomhtháthú i luacháil chomhshaoil ar REPS. Chabhródh a leithéid de shonraí leis an bpróiseas luachála ina iarrachtaí a aimsiú an bhfuil cuspóirí na scéime á mbaint amach agus

athruithe ar bith a aithint a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun an bhearna idir aidhmeanna beartais agus torthaí nó tionchair bheartais a chlúdach. Tá sé riachtanach a léiriú go gcruthaíonn íocaíochtaí agraithimpeallachta an leibhéal beartaithe de bhuntáistí comhshaoil chun luach ar airgead a léiriú do cháiniocóirí náisiúnta agus AE a mhaoiníonn na scéimeanna agus chun fianaise a sholáthar d'éifeachtúlacht a leithéid de scéimeanna.



OIDÉACHAS AGUS OILIÚINT

Sábháilteacht feirme

Is éard a bhí i gClár Comhairleach agus Oiliúna um Shábháilteacht Feirme 2005 iarracht cur ar chumas feirmeoirí na caighdeáin sábháilteachta feirme is fearr a bheith acu agus comhlíonadh leis na riachtanais reachtúla sláinte agus sábháilteachta.

Reachtáladh seimineár náisiúnta ar shláinte agus sábháilteacht cheirde in Inis, Co. an Chláir i gcomhar leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus an tIonad do Shábháilteacht agus Sláinte sa Láthair Oibre, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

I mí na Samhna seoladh tionscadal sábháilteachta feirme nua i gcomhar leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Tacóidh an tionscadal sin leis an gcuspóir atá ag an bPlean Sábháilteachta Feirme Náisiúnta - is é sin a chinntiú nach mbeadh leath an méid timpistí feirme ag tarlú, agus beidh an tionscadal seo ar siúl ar feadh tréimhse trí bliana. Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh a chinntiú go gcríochnaíonn agus go gcuireann feirmeoirí le triúr fostaithe nó níos lú measúnacht riosca feirme atá éasca le húsáid agus cuimsitheach i bhfeidhm, de réir mar a éilíonn reachtaíocht nua.

Tarraingíodh aird ar shábháilteacht feirme ag roinnt príomhimeachtaí a d'eagraigh Teagasc agus ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. D'eagraigh saineolaithe sábháilteachta feirme raon gníomhaíochtaí feasachta agus cuireadh oiliúint ábhartha ar fáil do thart ar 4,350 feirmeoir óg agus aosach. Ghlac saineolaithe páirt i ngníomhaíochtaí ar choiste comhairleach reachtúil ar shábháilteacht feirme an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta (HSA). Tá saineolaí ag feidhmiú mar chathaoirleach ar an gcoiste agus ar fhochoiste deartha innealtóireachta agus ionaid oibre.



SEIRBHÍS CHOMHAIRLEACH

In 2005, dhírigh an clár comhairleach timpeallachta ar éifeachtacht agus seachadadh seirbhísí do chliant REPS a fheabhsú, mar aon le cur leis an líon daoine a bhí páirteach sa scéim. Díríodh aird ar leith ar chaighdeán uisce a chosaint trí úsáid éifeachtúil cothaitheach a chur chun cinn mar aon le bainistíocht aoiligh níos fearr. Tugadh aird ar leith ar chothabháil agus barrfheabhsú bithéagsúlachta freisin.

Cé gur dhírigh seirbhísí ar chliant den chuid is mó, bhí clár suntasach ar mhaithe le leas an phobail freisin, clár a bhí dírithe ar fhaisnéis phraiticiúil a sholáthar faoi 'dhea-chleachtas talmhaíochta' agus cur leis an tuiscint atá ag feirmeoirí ar an timpeallacht. Baineadh é seo amach trí imeachtaí poiblí, an preas feirmeoireachta agus raidió áitiúil. Cuireadh saineolas timpeallachta Theagasc ar fáil do raon leathan eagraíochtaí rialtasacha agus neamhrialtasacha freisin.

REPS

I rith na bliana, thacaigh seirbhísí pleanála REPS le cliant chun thart ar €107 milliún in íocaíochtaí REPS a fháil. Bhain 23,000 cliant leas as dianseirbhísí timpeallachta, an méid is mó cliant riamh. Ghlac 19,800 duine páirt i REPS - méadú 2,000 i gcomparáid le 2004. D'ullmhaigh an eagraíocht 4,500 plean REPS 3 agus fuair 3,000 feirmeoir eile sainseirbhísí a bhain le bainistíocht chothaitheach agus aoiligh agus cosaint na hoidhreacht ná dúrtha. D'fhreastail níos mó ná 4,000 cliant ar os cionn 130 cúrsa oiliúna REPS a mhair 20 uair.

Reáchtáladh an chomhdháil náisiúnta REPS i mí na Samhna agus dhírigh sí ar an bpróiseas comhairliúcháin a mbeidh REPS 4 ag brath air. Tá REPS 3 le críochnú ag deireadh 2006. Beifear ag súil go mbeidh REPS 4 níos éifeachtaí i dtéarmaí na timpeallachta. Is léir go bhfuil gá le modh smaoineoireachta nua d'fhonn teacht ar bhearta nuálaíochta a gheobhaidh a dóthain maoinithe chun an leibhéal reatha suime a chothabháil i measc feirmeoirí. Thug Teagasc faoi mhórphróiseas comhairliúcháin inmheánaigh agus thug sé a aighneacht faoi REPS 4 don Roinn Talmhaíochta agus Bia i mí na Nollag.

Cuireadh tús le córas pleanála nua REPS ar an nGréasán – eREPS – i mí Meithimh. D'fhorbair Teagasc an córas i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia agus cuireadh oiliúint ar fáil do 140 ball foirne, atá ag baint úsáide as an gcóras anois.



Léargas á thabhairt ag Teagasc ar conas fáil a chur.

Bainistíocht Cothaitheach

Dhírigh clár 2005 ar chailteanais chothaitheach ó thalmhaíocht go huisce a laghdú. Próiseáladh níos mó ná 1,050 scéim Bainistíochta Dramháiola Feirme agus 500 scéim Sláinteachais Déiríochta, a raibh comhairle faoi dhearadh clóis feirme agus foirgnimh, bainistíocht aoiligh agus rialú pleanála i gceist leo. Chomh maith leis sin, ullmhaíodh 280 plean bainistíochta cothaitheach do chliant d'fhonn riachtanais na bhfodhlíthe talmhaíochta, coinníollacha pleanála na n-údarás áitiúil agus an scéim do liúntais chaipitil d'oibreacha rialaithe truailleithe a bhaint amach.

Thacaigh ullmhú na scéime Bainistíochta Dramháiola Feirme agus Sláinteachais Feirme le deontais ar fiú €15 milliún do chliant iad. Baineadh feabhas amach i gcaighdeán uisce abhann, ar thuairiscigh an EPA air ar dtús in 2000, i dtuarascálacha a foilsíodh le déanaí. In 2005 thug comhairleoirí comhairle faoi leasacháin do 5,000 feirmeoir REPS agus neamh-REPS de bhun anailíse saotharlainne a rinneadh ar níos mó ná 40,000 sampla ithreach.

SEIRBHÍS CHOMHAIRLEACH AR LEAN

Beidh impleachtaí ag traschomhlíonadh timpeallachta, an Treoir Níotráití san áireamh, ar fhorhóir na bhfeirmeoirí amach anseo. Príomhchuspóir a bhain leis an gclár ba ea an tuiscint atá ag feirmeoirí ar impleachtaí agus riachtanais timpeallachta nua agus sainchúnaimh a sholáthar. Fuair 120 comhairleoir gnó agus teicneolaíochta sain-oiliúint chun cur ar a gcumas plé ar na saincheistean seo a éascú ag siúlóidí feirme agus grúpaí plé. Bhí na gníomhaíochtaí seo ann mar bhonn d'obair níos críochnúla a theastaíonn chun cur ar chumas cliant leas a bhaint as an Scéim Bainistíochta Dramhaíola Feirme in 2006.

Tá suim ar leith ag feirmeoirí i bhforbairt córas ísealchostais gheimhrithe agus stórála sciodair, go háirithe na feirmeoirí ar mian leo cur le scála a ngnóthaí. Rinneadh monatóireacht ar leibhéal feirme ar chur i bhfeidhm na gcóras seo i gcomhar leis an Stiúrtóireacht Taighde.

Clár Bainistíochta Tuaithe

Tá aird tarraingthe ag an bPlean Bithéagsúlachta Náisiúnta ar an ngá atá le cosaint oidhreacht nádúrtha. Treisíonn na rannóga bithéagsúlachta éigeantacha i REPS 3 an méid seo ar bhealach praiticiúil. Thacaigh an clár, gníomhaíochtaí bainistíochta tuaithe san áireamh, le leanúint le feirmeoireacht inbhuanaithe trí ioncam comhlántach a chur chun cinn – gníomhaíochtaí a chruthú, rannpháirtíocht i REPS san áireamh.

I measc na ngníomhaíochtaí bainistíochta tuaithe a bhí i gclár 2005 bhí:

- Tionscadal LIFE na Boirne – Tionscadal timpeallachta ollmhóire cúig bliana atá anseo a bronnadh ar Sheirbhís na bPáirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF), agus ba é Teagasc an príomhpháirtí;
- Críochnaíodh Tionscadal Life Termoncarragh. I mí Mheán Fómhair rinne seimineár a raibh na páirtithe uile páirteach ann athbhreithniú ar thorthaí an chlár. Forbraíodh sé bhileog chomhairleacha;
- Críochnaíodh Staidéar Thalamh Calaidh na Sionainne ar chostálacha saintreoracha do SPNF;
- Bhí Teagasc páirteach i nGrúpa Oibre LINNET (Beart Forlíonach REPS);
- Ghlac Teagasc páirt i nGrúpa Stiúrtha Naisc faoin Nádúr chun Suirbhé a dhéanamh ar Fhál Sceach;



Áiríodh rannóga bithéagsúlachta éigeantacha i gClár REPS 3.

- Rinneadh monatóireacht ar chur i bhfeidhm Roghanna Bithéagsúlachta REPS ar leibhéal feirme;
- Reáchtáil ceithre Choláiste talmhaíochta Cúrsaí faoi Ghearradh Fál go Meicniúil do chonraitheoirí; agus,
- Oileadh foireann pleanála Theagasc ionas go dtuigfidís Scéim Cúitimh nua SPNF.

SPRIOC 4

INMHARTHANACHT TUAITHE

Forbairt geilleagair agus sochaí tuaithe bríomhaire a chur chun cinn agus bonn eolais eolaíoch fhónta a sholáthar d'fhorbairt beartais agraibhia.

Díríonn na straitéisí taighde ar anailís a dhéanamh ar na treochoitaí agus athruithe sna réimsí tuaithe, tionchar beartas forbartha tuaithe agus an méid a chuireann an earnáil agraibhia leis an ngeilleagar tuaithe.

Soláthraítear seirbhísí oiliúna d'aoisigh chun tacaíocht a sholáthar faoi na gnéithe uile a bhaineann le seirbhís chomhairleach d'fheirmeoirí.

I measc na straitéisí comhairleacha tá seirbhís anailíse roghanna le cabhrú le feirmeoirí athruithe a bhfuil tionchar acu orthu a athrú agus tacú leo roghanna agus modhanna chun inmharthanacht a aithint, lena n-áirítear fiontair eile.

GEILLEAGAR TUAITHE

Suirbhé Feirme Náisiúnta

Thaispeáin torthaí ón Suirbhé Feirme Náisiúnta gur mhéadaigh an meán-ioncam a bhí ag teaghlaiigh feirme ó €14,765 in aghaidh na feirme in 2003 go €15,557 in 2004, méadú 5.4%. Ach in 2004 mhéadaigh an tioncam ar fheirmeacha lánaimseartha 8% go €30,650. Mar a tharla roimhe seo, chruthaigh déiríocht na torthaí is airde, le meán-ioncam de €34,421 in aghaidh na feirme, i gcomparáid le €10,966 agus €7,286 faoi seach, in aghaidh na feirme ar fheirmeacha tógála caorach agus mairteola. Lean iocaióchtaí díreacha ag tacú le hioncain feirme, ag cur 87% le hioncam feirme teaghlaiigh in 2004. Bhí iocaióchtaí díreacha, mar chéatadán d'ioncam feirme, idir 31% ar shainfheirmeacha déiríochta, 137% ar fheirmeacha caorach agus 164% ar fheirmeacha le córais mhairteola eile. Mhéadaigh an méid fostaíochta taobh amuigh den fheirm ó 50% in 2003 go 52% in 2004, agus tríd is tríd, ar 78% d'fheirmeacha, bhí foinse ioncain eile ag an bhfeirmeoir agus/nó céile, rud a chiallaigh nach raibh ach 20% d'fheirmeacha ag brath ar fheirmeoireacht amháin dá slite beatha. Thaispeáin suirbhé 2004, ar meán, go gcuireann mná 12% le hionchur oibre iomláine i bhfeirmeoireacht, idir 5% ar fheirmeacha curaíochta agus 14% ar fheirmeacha déiríochta.

Iomaíochas

Léirigh torthaí ó thaighde leanúnach ar iomaíochas talmhaíochta in Éirinn go raibh an seasamh do tháirgeadh bainne thar a bheith dearfach i gcomparáid le tíortha AE agus tíortha táirgthe bainne idirnáisiúnta eile, nuair a rinneadh comparáid le costais airgid iomlána. Ach de bhrí nach n-áirítear deischoistais acmhainní faoi úinéireacht i ríomhanna 'costais airgid', ní féidir an seasamh iomaíoch a mheas bailí idir an ghearrthréimhse agus mheántréimhse. I ndáiríre ba cheart costais eacnamaíochta iomlána, a áiríonn muirir bharúlacha d'acmhainní faoi úinéireacht a mheas, chun scrúdú a dhéanamh ar an dearcadh fadtréimhseach d'iomaíochas san earnáil. Faoin mbeart, níor éirigh baileach chomh maith céanna le rangú iomaíoch na hearnála déiríochta Éireannaí i gcomparáid le tíortha eile. D'fhéadfaí féachaint ar na torthaí seo mar fholáireamh don fheidhmíocht iomaíoch a bheidh i measc na feirme déiríochta Éireannaí ar mheánmhéid amach anseo. Ach d'éirigh leis na feirmeacha déiríochta Éireannacha níos mó an seasamh iomaíoch atá acu a chothabháil fiú nuair a measadh costais eacnamaíochta iomlána.

Fiontair Tuaithe

Is é atá mar aidhm le beartas Rialtais eacnamaíochta tuaithe a thógáil a bheidh iomaíoch agus inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de. Tá sé mar aidhm leis an mbeartas pobail inbhuanaithe bríomhara a fhorbairt, le caighdeán maireachtála a chinnteoidh gur áiteanna iad seo go mbeidh tóir ag daoine orthu agus go mbeidh fonn orthu cur fúthu iontu. Theastaigh ó staidéar fadbheathnaitheachta a rinne Teagasc, i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Má Nuad agus Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, a aimsiú an raibh sé indéanta na spriocanna seo a bhaint amach bunaithe ar threochtaí reatha, agus

tionscnaimh a aithint a d'fhéadfaid cur ar chumas na hÉireann na cuspóirí seo a bhaint amach. D'aimsigh an taighde gur baol iad treochtaí reatha, go háirithe domhandú agus forbairt réigiúnach neamhchothromaithe, d'innmharthanacht eacnamaíoch agus inbhuanaitheacht fhadtréimhseach ceantar tuaithe. Is é a bheidh mar thoradh leis seo an t-íslíú leanúnach sa líon feirmeoirí lánaimseartha mar aon le hathstruchtúr na hearnála agraibhia. Is é a bheidh mar thoradh ar easpa deiseanna fostaíochta i gceantair tuaithe go mbeidh daoine atá ag cur fúthu faoin tuath i mbun cianchomaitéireachta chun a n-innmharthanacht eacnamaíoch a chothabháil. Ach beidh iarmhairtí sóisialta agus timpeallachta diúltacha ann mar thoradh ar an treocht seo. Mhol an tuarascáil gur cheart straitéisí reatha, an Plean Forbartha Náisiúnta agus an Straitéis Spásúil Náisiúnta, a chur i bhfeidhm go hiomlán.

Chomh maith leis sin, chuir an tuarascáil béim ar an riachtanas a bhaineann le Grúpa Cuir i bhFeidhm Beartais Tuaithe a fhorbairt d'fhonn úsáid éifeachtach acmhainní i ngeilleagar tuaithe iomaíoch agus inbhuanaithe a fhorbairt, córais nuála agus taighde réigiúnacha a fhorbairt d'fhonn tacú le forbairt geilleagair tuaithe eolais-bhunaithe agus soláthar clár oideachais agus oiliúna d'fhonn cur le cumais acmhainní daonna gnóthaí tuaithe agus pobail tuaithe go ginearálta.



Tharraing an staidéar fadbheathnaitheachta aird ar an ngá a bhí le soláthar clár oideachais agus oiliúna d'fhonn cur le cumais acmhainní daonna gnóthaí tuaithe.

Leasú WTO

Rinne eacnamaithe Theagasc anailís ar an tionchar a d'fhéadfaid a bheith ag comhaontú féideartha na hEagraíochta Domhanda Trádála (WTO) ar thalmhaíocht in Éirinn. Thaispeáin an anailís, nuair a dhéantar comparáid le leanúint le beartas reatha, gurbh éard a bheadh mar thoradh ar leasú WTO praghsanna aschuir talmhaíochta níos ísle, líon níos ísle d'aschur talmhaíochta agus titim in ioncam na hearnála talmhaíochta in Éirinn. Le leasú WTO, meastar go mbeidh luach iomlán an aschuir talmhaíochta a tháirgfear in Éirinn faoi 2015 8% níos ísle ná a bheadh seachas sin. Laghdódh luach aschuir earnáil na n-eallaí 13% agus laghdódh aschur na hearnála déiríochta Éireannaí 12%. Le leasú WTO, meastar faoin mbliain 2015 go mbeidh ioncam ón earnáil talmhaíochta ag brath níos mó ar fhóirdheontais. Bheadh ioncam na hearnála talmhaíochta Éireannaí laghdaithe 11% agus faoin tráth sin bheadh fóirdheontais cothrom le 84% den ioncam.

OILIÚINT FEIRMEOIRÍ AOSACH

Chríochnaigh 961 rannpháirtí cúrsa inmharthanachta tuaithe, agus mná ba ea 343 díobh seo. Sholáthair an tSeirbhís Chomhairleach roinnt laethanta oscailte, gearrchúrsaí, cúrsaí 25 uair, cúrsaí 50 uair, seimineáir agus grúpaí plé, a d'áirigh réimsí ilghnéitheacha lena n-áirítear: feirmeoireacht orgánach, turasóireacht tuaithe, planáil ghnó, éanlaithe clóis saor-raoin, táirgeadh capall rásaíochta, táirgeadh gabhar agus fianna, agus d'fhreastail os cionn 3,000 duine ar na himeachtaí seo.

Feirmeoireacht Orgánach

Díríodh ar 14 feirm orgánach taispeántais a fhorbairt. Reáchtáladh roinnt laethanta oscailte agus d'fhreastail 842 feirmeoir orgánach orthu nó feirmeoirí a bhfuil suim acu dul i mbun feirmeoireachta orgánaí.

Reáchtáladh trí chúrsa a mhair 25 uair i rith na bliana d'fhonn cabhrú le feirmeoirí córas orgánach a fhorbairt agus i gcás amháin, léargas a thabhairt agus modhanna níos fearr de tháirgeadh orgánach a mhúineadh. Foilsíodh leabhrán faoi fheirmeoireacht orgánach a dhéileáil le córais dhifriúla, cleachtais bhainistíochta agus orgánacha.



Sa ghrianghraf seo tá na daoine seo a leanas ag scrúdú seagaláí ilbhliantúla/scraithe seimre báine ar ardchaighdeán ar a bhfuil airí déiríochta orgánaí Jimmy Mulhall ar féarach (ó chlé): Ger Shortle, Caisleán Bhaile Sheonach; Fintan Monahan, Teagasc, Co. Laoise; Jimmy Mulhall, aoifheirmeoir (ina sheasamh); Eddie McAuliffe, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, an tAonad Orgánach, Caisleán Bhaile Sheonach agus John Twomey, Teagasc, Co. Chorcaí.

Turasóireacht Tuaithe

Tá athrú ollmhór ag teacht ar thurasóireacht tuaithe agus anois is iad na soláthróirí ar féidir leo táirge nideoige a sholáthar, cosúil le heispéiris nó siúlóidí ar fheirmeacha cearta atá ag forbairt. I rith 2005, ba é an príomhrud ar éirigh leis an

tseirbhís a bhaint amach, i gcomhar le LEADER agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlach, na heagraíochtaí uile atá ag déanamh ionadaíochta ar thurasóireacht tuaithe a thabhairt le chéile in aon eagraíocht amháin – an Chónaidhm Thurasóireachta Tuaithe. Reáchtáladh trí chúrsa 25 uair do sholáthróirí táirgí agus d'fhreastail 59 rannpháirtí ar na cúrsaí sin. Soláthraíodh ionchuir do go leor foirne LEADER agus foirne Fiontair Chontae.

Planáil Ghnó

Tionscnamh nua a bhí anseo i rith 2005 agus d'éirigh go breá leis. Dhírigh an tseirbhís ar theaghlach feirme a thug le fios i rith an Chláir Roghanna do Theaghlach Feirme gur theastaigh uathu tús a chur le gnó beag. Tugadh cuireadh do na teaghlach seo cúrsa 25 uair a dhéanamh áit a ndéanann gach teaghlach anailís ar a smaoineamh gnó agus áit a d'ugtar cabhair dóibh lena bplean gnó féin a chur le chéile. Reáchtáladh cúig chúrsa agus d'fhreastail 103 rannpháirtí orthu.

Mionfhiontair

Cuireadh dhá chúrsa 25 uair ar fáil do 26 duine ar theastaigh uathu fiontar éanlaithe clóis a bhunú. Cuireadh 4 ghearrchúrsa ar fáil do 32 feirmeoir le cur ar a gcumas cáiliú do mharc cáilíochta Bhord Bia agus táirgí a sholáthar do mhargáí feirmeoirí. Chomh maith leis sin sholáthair na Speisialtóirí Éanlaithe Clóis cuairteanna agus comhairliúcháin i gcáil chomhairleach do tháirgeoirí éanlaithe clóis, áit a raibh éileamh ar a leithéid.

Ba é an aidhm a bhain leis an gclár táirgthe eachaí feabhas a chur ar scileanna táirgeoirí agus luach a chur leis an táirge. Cuireadh 15 modúl 25 uair d'oiliúint ar bhainistíocht fiontar capall spóirt ar fáil do 348 feirmeoir. Reáchtáladh 3 chúrsa scileanna thar 50 uair áit ar thug 39 feirmeoir capaill chun scileanna nua a fhoghlaim agus beidh deis ag na feirmeoirí seo a gcapaill féin a thraenáil sna blianta amach anseo. Reáchtáladh ocht mórseimineáir agus d'fhreastail 1,200 feirmeoir orthu.

Dhírigh an clár táirgthe gabhar ar chuariteanna forbartha agus táirgeadh na dtrí nuachtlitir. Cuireadh cúrsa amháin 25 uair ar fáil ar chleachtais bhainistíochta do 25 duine.

Dhírigh an clár fianna ar 200 táirgeoirí fianna. Chríochnaigh ceithre ghrúpa, ar a raibh 39 feirmeoir fianna, an Clár Roghanna do Theaghlach Feirme. Chas naoi ngrúpa ar a chéile chun plé a dhéanamh d'fhonn cleachtais bhainistíochta a chur chun cinn agus rinneadh tréaniarracht, leis na trí asraonta próiseála agus margáíochta, táirgeadh fiafheola a fhorbairt. Tá táirgeoirí cláraithe leis an Scéim Dearbhaithe Cáilíochta Fiafheola anois.

SEIRBHÍS CHOMHAIRLEACH



Bhí 2,538 feirmeoir páirteach sa Chlár Roghanna do Theaghlaigh Feirme agus foinse spreagtha a bhí anseo féachaint ar mhalairt fiontar.

Thacaigh na straitéisí comhairleacha a rinneadh in 2005 le forbairt feirmeoireachta inbhuanaithe trí sholáthar seirbhísí pleanála agus tacaíochta REPS, seirbhísí pleanála bainistíochta cothaitheach/aoiligh ainmhithe agus aistriú teicneolaíochtaí timpeallachta ó thaighde.

Bhí 2,538 feirmeoir páirteach sa Chlár Roghanna do Theaghlaigh Feirme (ar a tugadh Clár Pleanála Iar-Fischler tráth), agus bhí plean gnó curtha le chéile ag 1,562 acu sin roimhe seo. Bhí sé beartaithe ag 25% de na feirmeoirí seo a mbainistíocht airgeadais a athrú nó a fheabhsú agus rinne 32% iarrachtaí chun éifeachtacht fiontar a fheabhsú. Roghnaigh 5% d'fheirmeoirí rannpháirteacha fiontar foraoiseachta a fhorbairt, agus bhí 27% de na feirmeoirí sin páirteach i REPS nó d'aontaigh siad a bheith páirteach i REPS. Thug 4% a bhí páirteach faoi shainfiontar forlónach feirme a fhorbairt agus d'aontaigh 7% iarracht a dhéanamh post lánaimseartha nó páirtaimseartha a lorg.

I gcomhfhiontair chomhoibríthe nua Thuaidh-Theas, cuireadh cúig chúrsa eile ar fáil do 150 teaghlach sna contaetha cois teorainn chun rannpháirtithe a ullmhú chun leas a bhaint as cúnaimh deontais do ghnóthaí beaga faoi Chlár Síochána agus Athmhuintearais an AE. Rinne 82 teaghlach ó chontaetha ar theorainn an deiscirt pleananna gnó do smaointe do ghnóthaí beaga agus tá siad ceadaithe le cúnaimh deontais a fháil. Cuirtear meantóireacht ar fáil maidir le tús a chur le gnó mar sheirbhís leantach don chúrsa gnó. Chomh maith leis sin, réachtáladh trí mhórsheimineár líonraithe chun gaolmhaireachtaí a bhunú ar an dá thaobh

den teorainn; agus d'fhreastail 600 duine ar na seimineáir seo. D'fhreastail pearsanra comhairleacha ó Phoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann ar shé imeacht chun níos mó rannpháirtíochta sa tionscnamh a spreagadh.

Caighdeán Saoil

Rinneadh taighde chun beart bonnlíne de cháilíocht saoil teaghlach feirme atá páirteach sa Chlár Roghanna do Theaghlaigh Feirme a bhunú agus chun comparáid a dhéanamh idir chaighdeán saoil teaghlach feirme agus caighdeán saoil teaghlaigh neamh-feirme. D'fhonn cur leis an taighde seo, tiomsaíodh sraith de 17 cás staidéir in 2005. D'áirigh siad seo staidéir faoi theaghlaigh feirme a bhfuil baint acu leis na príomh-fhiontair feirme, feirmeoireacht lánaimseartha agus pháirtaimseartha agus feirmeacha le gnóthaí forlónacha éagsúla. Sna staidéir seo rinneadh cur síos ar chás an teaghlaigh, na rudaí a bhí ag déanamh imní dóibh, a bpleananna agus a dtaithe ar an gclár.

SPRIOC 5

CUMAIS OIBRIÚCHÁIN AGUS NUACHÓIRIÚ

Acmhainní daonna agus fisiceacha mar aon le cumais oibriúcháin na heagraíochta a fhorbairt d'fhonn seachadadh seirbhísí ar ardchaighdeán do chustaiméirí Theagasc a chinntiú agus ag an am céanna beartas Rialtais maidir le nuachóiriú na seirbhíse poiblí agus rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm.

Tá tuilleadh forbartha ar fhoireann agus acmhainní fisiceacha na heagraíochta, mar aon lena córais bhainistíochta airgeadais, córais TFC agus raon de thacaíocht bainistíochta eagraíochta inmheánaí agus seirbhísí faisnéise i gceist leis seo.

Le linn obair a dhéanamh chun an sprioc seo a bhaint amach, tá Teagasc tiomanta do na straitéisí atá deartha chun clár oibre tacaíochta eagraíochtúla níos fearr de nuachóiriú na seirbhíse poiblí a chur chun cinn, clár oibre a thacaíonn le seachadadh seirbhísí ar ardchaighdeán do chustaiméirí. Déantar iarracht i gcónaí comhlíonadh le gnéithe uile an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit sna leibhéil uile.

STRAITÉIS ACMHAINNÍ DAONNA

Nuair a aistríodh an Phríomh-Oifig ó Bhaile Átha Cliath go Ceatharlach, d'atheagraigh Teagasc a Roinn Acmhainní Daonna (AD). Bhí an treoirphlean don atheagrú le fáil sa Straitéis AD a cuireadh le chéile in 2004.

Chuir an Roinn Acmhainní Daonna tús le clár um fheabhsú próisis ghnó AD, a d'áirigh próisis earcaíochta, conarthaí fostaíochta, monatóireacht ar incrimintí, sreabhadh oibre agus bainistíocht doiciméad. Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh an Roinn 'Iarratas ar Thairiscintí' do Chóras nuaimseartha comhtháite TFAD agus Córas Párolla.

Bhunaigh an eagraíocht Clár Cúnaimh Fostaithe (CCF) ag deireadh 2005. Cuirtear an tseirbhís seo ar fáil ar conradh trí sholáthóir seachtrach agus tá an tseirbhís ar fáil ar bhonn náisiúnta. Tríd an tseirbhís CCF, tá seirbhísí comhairleachta agus faisnéise gairmiúla saor in aisce ar fáil d'fhostaithe agus a dteaghlaigh.

I dtaobh caidreamh tionsclaíoch, bhí sé éisteacht sa Chúirt Oibreachais ar siúl i rith na bliana de thoradh athstruchtúró na heagraíochta agus seirbhísí ar leith agus cuireadh cásanna chuig an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais, na Coimisinéirí um Chearta agus an Binse Achomhairc Fostaíochta.

Comhpháirtíocht

Faoi théarmaí Ag Cothabháil an Dul Chun Cinn, tá Teagasc tiomanta don phróiseas comhpháirtíochta san ionad oibre a fhairsingiú agus a dhoimhniú. Is éard atá i gceist le comhpháirtíocht ionadaithe na mball foirne ag teacht le chéile, mar aon le bainistíocht agus ceadchumainn chun faisnéis a roinnt, saincheisteanna agus pleananna reatha agus pleananna agus saincheisteanna a bheidh ann amach anseo a phlé, teacht ar chomhaontú agus moltaí a dhéanamh faoi fhadhbanna a réiteach.

D'fhonn é seo a bhaint amach, bunaíodh Coiste Comhpháirtíochta náisiúnta agus é mar aidhm athrú a bhainistiú, ardfheidhmíocht a bhaint amach agus ionad oibre níos fearr a chruthú. Tá an próiseas dírithe ar Choiste Comhpháirtíochta agus Oifigeach Comhpháirtíochta atá i gceannas air. Oileadh an Coiste Comhpháirtíochta agus aontaíodh agus cuireadh plean gníomhaíochta i bhfeidhm. Bunaíodh naoi bhfoghruipa, mar a bhí ag teastáil, le déileáil le saincheisteanna. Reáchtáladh sraith chuimsitheach cruinnithe ar fud na tíre agus bhí deis ag baill den Choiste Comhpháirtíochta ról na Comhpháirtíochta san eagraíocht a mhíniú do bhaill foirne.

Bunaíodh Coiste Comhpháirtíochta agus é mar aidhm athrú a bhainistiú, ardfheidhmíocht a bhaint amach agus ionad oibre níos fearr a chruthú.

Oiliúint agus Forbairt Foirne

Bhunaigh Teagasc Aonad Oiliúna agus Forbartha Foirne nua ag tús 2005. Tá an t-aonad seo freagrach as monatóireacht agus tacú le hoibriú an Chórais Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) faoin gClár Oibre Nuachóirithe. Príomhchuspóir a bhí ag an Aonad in 2005 ba ea tacú le hoibriú níos iomláine agus níos cothroime de CBFF agus an próiseas CBFF a chomhtháthú ar bhealach níos fearr leis an bpróiseas oiliúna foirne. Mar thoradh air seo, tháinig 2,000 togra oiliúna chun cinn ón bpróiseas agus comhtháthaíodh iad sna pleananna oiliúna.

Tá gach ceann de na sé stiúthóireacht freagrach as forbairt plean oiliúna foirne dá réimse freagrachta féin. Áiríonn na pleananna seo riachtanais oiliúna na stiúthóireachta a mbaineann tábhacht straitéiseach leo mar aon leis na riachtanais oiliúna a tháinig chun cinn ón bpróiseas CBFF.

Is éard atá sna pleananna oiliúna meascán d'oiliúint sa mheántréimhse agus san fhadtréimhse agus scileanna nua a thabhairt do bhaill foirne. Is ann dó seo le cinntiú go gcomhlíonann pleananna na riachtanais a bheidh ag an eagraíocht amach anseo, mar aon le sealbhú scileanna agus oiliúint a fháil d'fheidhmchláir agus córais nua atá riachtanach chun gnáthdhualgais a dhéanamh níos éifeachtaí.

Bhí oiliúint ionductaithe, eagrú oibre, forbairt bainistíochta, éascú CBFF, oiliúint TF, sláinte agus sábháilteacht, cúraim chustaiméirí agus bainistíocht airgeadais/dea-rialachas le fáil sna cláir oiliúna uile. Tacaíodh le cúrsaí tríú leibhéal ar leibhéal céime agus dioplóma do os cionn 50 ball foirne.



SEIRBHÍS AR ARDCHAIGHDEÁN DO CHUSTAIMÉIRÍ

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis an tionscnamh a fhorbairt, lena n-áirítear Cairt Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochta Seirbhíse Custaiméirí a fhoilsiú. Tá cur síos sa chairt ar na tiomantais atá á ndéanamh ag an eagraíocht dá chustaiméirí maidir leis na caighdeáin seirbhíse ar féidir leo a bheith ag súil leo. San áireamh sa Plean Gníomhaíochta tá na bearta atá á ndéanamh ag an eagraíocht le cinntiú go bhfuil ag éirí leo freisin na tiomantais seo a bhaint amach.

In 2005, bunaíodh 13 foireann tráchtearraí, ar a raibh feirmeoirí agus ionadaithe tionscail, chun réimsí cosúil le déiríocht, caoirigh, curaíocht, eallaí, an timpeallacht, forbairt tuaithe, bainistíocht agus teicneolaíocht, muca, foraoiseacht,

torthaí, beacáin, stoc plandlainne agus glasraí a áireamh. Soláthraíonn na foirne seo ionchur ó pháirtithe leasmhara i gclár forbartha na heagraíochta agus próisis athbhreithnithe i dtaighde talmhaíochta agus seirbhísí comhairleacha. Dá bhrí sin, tá tionchar acu ar threoir straitéiseach pleananna gnó, ábhar agus seachadadh clár, luacháil agus caighdeán seirbhíse custaiméirí.

D'fhreastail 1,300 ball foirne ar cheardlanna Seirbhísí Custaiméirí ar Ardchaighdeán, ag soláthar aiseolais maidir leis an gcaoi ar féidir seirbhís custaiméirí a fheabhsú. Tá Aonaid Bhainistíochta Ceantair ag cur an aiseolais seo san áireamh ina bpleananna gnó do 2006.

PLEANÁIL GHNÓ

Cuireann Teagasc próiseas pleanála gnó inmheánaigh i bhfeidhm. D'ullmhaigh na stiúrthóireachtaí agus aonaid bhainistíochta uile pleananna gnó in 2005; pleananna a bhí bunaithe ar Ráiteas Straitéise 2005-2007 na heagraíochta. Rinneadh anailís ar na pleananna seo agus athbhreithníodh na teimpléid ar a raibh siad bunaithe do 2006 chun formáid

níos comhsheasmhaí a bhaint amach, comhtháthú feabhsaithe cuspóirí gnó leis an Ráiteas Straitéise agus gníomhaíochtaí a áireamh chun treoirlinne rialachais reachtúil agus chorparáidigh a bhaint amach. Oileadh na bainisteoirí uile maidir le húsáid na dteimpléad athbhreithnithe.

BAINISTÍOCHT RIOSCA

Den chéad uair áiríodh bainistíocht riosca i bpleanáil ghnó do 2005. Thiomsaigh gach aonad gnó clár riosca, a d'aithin na príomhrioscaí a bhain lena chuspóirí beartaithe a bhaint amach. Taifeadadh na bearta bainistíochta riosca a bhí i bhfeidhm i ndoiciméad agus aithníodh bearta breise chun na rioscaí a bhainistiú níos fearr.

D'aithin an Coiste Bainistíochta na rioscaí is dáiríre ar leibhéal corparáideach a bhí os comhair na heagraíochta mar aon leis na gníomhaíochtaí rialaithe straitéiseacha atá le cur i bhfeidhm. Cheadaigh an tÚdarás an clár riosca ar leibhéal corparáideach.

AIRGEADAS

Cuireadh ráitis airgeadais 2005 ar fáil roimh an spriocdháta den 28 Feabhra agus thug an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste tuairisc iniúchta saor ó locht. I rith na bliana athlonnáiódh seirbhísí párolla ó Chionn Sáile chuig an bPríomh-Oifig nua i bPáirc na Darach. Tháinig méadú ar an líon foirne agus soláthróirí a bhí á n-íoc go leictreonach tar éis feachtais ollmhóir a eagraíodh sa ráithe dheireanach den bhliain.

Bhí ról ceannaireachta ag foirne airgeadais i bhforbairt an ghné phárolla den tionscadal nua AD agus párolla, gné ar cuireadh tús léi in 2005.

CLÁR TÓGÁLA



Na háiseanna nua comhdhála agus oiliúna ag Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh.

Tá punann maoinne forleithne ag Teagasc, agus níl cuid di ag teastáil a thuilleadh dá phríomhchláir. I rith 2005 díoladh an fheirm agus oifigí taighde ag Béal an Átha Móir, Co. Liatroma mar aon le hoifigí ag Coill an Chollaigh, Co. an Chabháin, Cathair Chorcaí, Cill Mhantáin agus Baile Locha Riach. Fuair Teagasc €6.5 milliún ó na maoinne seo a dhíol, airgead a athinfheistíodh in áiseanna agus infrastruchtúr feabhsaithe in áiteanna eile san eagraíocht d'fhonn seirbhísí a fheabhsú.

Cuireadh ciste de os cionn €8 milliún ar fáil ó Dheontas i gCabhair an Stáit (€4.5 milliún) agus ó dhíol sócmhainní chun áiseanna a fheabhsú. Chuaigh formhór an airgid (€6.5 milliún) i dtreo áis nua comhdhála agus oiliúna ag ITBBÁ, áiseanna oifige ag Caisleán Bhaile Sheonach, áiseanna breise oifige do sheirbhísí taighde agus comhairleacha i mBaile Átha an Rí, áiseanna oifige agus saotharlainne nua d'fhoirne taighde barr ag Páirc na Darach agus áiseanna taighde bleáin agus coimhdeacha nua ag Páirc Uí Mhórdha. Leithdháileadh €0.5 milliún ar choláistí príobháideacha

comhlachaithe ar mhaithe le háiseanna oiliúna a fheabhsú. Caitheadh an €1 milliún a bhí fágtha ar 50 tionscadal beag forbartha caipitil agus cothabhála.

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE

Nuair a chríochnaíodh straitéis TFC in 2002, d'fhorbair Teagasc plan TFC a bhí dírithe ar aghaidh ar thabhairt ar na heaspaí dáiríre a aithníodh. In 2005, mar chuid den phlean seo, caitheadh €4.5 milliún ar sheirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) agus infheistíocht chaipitil. Tá dlúth-ghaolmhaireacht oibre ag an Aonad TFC le réimsí eile na heagraíochta. Tuairiscíonn an tAonad do Choiste TFC, a fhéachann i ndiaidh agus a cheadaíonn na mórthionscadail uile, mar aon le Fóram Bainisteoirí TFC, a chinníonn go n-aithnítear riachtanais uile na ngrúpaí difriúla laistigh den eagraíocht. I measc na bpríomhthionscadal a cuireadh chun cinn i rith na bliana bhí:

- Dearadh agus forbairt infrastruchtúir láidir agus dhaingin, ag baint úsáide as comhchodanna ar chaighdeán tionscail, le freastal ar riachtanais foirne na heagraíochta, mic léinn agus taighdeoirí iarchéime atá lonnaithe i 100 oifig agus ionad ar fud na tíre.
- Rinneadh an chéad chéim den infrastruchtúr a chur i bhfeidhm trí thionscadail phíolótacha trí nuashonrú an infrastruchtúir TFC a chríochnú ag Cionn Sáile agus Páirc Uí Mhórdha. Críochnaíodh iad seo i rith na bliana.
- Soláthraíonn mórchórais TFC i réimsí gnó, lena n-áirítear Córas Bainistíochta Faisnéise Saotharlainne (CBFS) in Ionaid Taighde na Gráinsí agus Caisleáin Sheonaigh, tacaíocht TFC do roghnú córas comhtháite AD agus párolla, roghnú páirtí gnó d'athfhorbairt na láithreán Gréasáin corparáideach agus cur chun cinn an Chórais um Shuirbhé Feirme Náisiúnta nua.
- Gné shuntasach amháin ba ea córas leictreonach nua a chríochnú le tacú le planáil REPS (eREPS), a bhí faoi stiúir Theagasc agus bhí á mhaoiniú ag an Roinn Talmháiochta agus Bia. Rolladh an córas seo amach i mí Iúil 2005 agus cabhair mhór a bhí anseo do phleanálaithe REPS Theagasc agus planálaithe príobháideacha REPS.



CAIDREAMH POIBLÍ AGUS CUMARSÁID LE CUSTAIMÉIRÍ

Thacaigh agus chuir an Roinn Caidreamh Poiblí agus Cumarsáide raon leathan imeachtaí agus gníomhaíochtaí a réachtáladh i rith na bliana chun cinn. Feabhsaíodh an dea-ghaolmhaireacht atá forbartha ag Teagasc leis an bpreas talmhaíochta, gnó agus bia le tuairisciú maith déanta ar os cionn 50 imeacht agus 99 preaseisiúint eisithe. Thacaigh cumarsáid rialta duine le duine leis na príomhdhaoine sna meáin leis seo.

Bunaíodh grúpa grianghrafadóirí ar fud na tíre chun na himeachtaí éagsúla a bhí eagraithe ag baill foirne ar fud na tíre a chlúdach.

Bhí ról tábhachtach ag comhdhála, siúlóidí feirme agus imeachtaí poiblí eile in eolas mionsonraithe a fháil chomh fada lenár spriocluacht féachana agus sholáthair siad fóram ionas go mbeadh aiseolas ag teacht ar ais ónár gcustaiméirí.

D'fhreastail go leor daoine ar an gcomhdháil curaíochta náisiúnta agus an dá chomhdháil déiríochta agus cuireadh teachtaireachtaí tábhachtacha in iúl dár gcustaiméirí. In 2005 réachtáladh dhá mhórfheachtas faisnéise faoin Íocaíocht Feirme Singile agus an Clár Roghanna do Theaghligh Feirme. Coincheapa nua do chustaiméirí a bhí iontu seo agus theastaigh mórfheachtais chumarsáide ón dá choincheap chun príomhtheachtaireachtaí a chur in iúl.

Bhí comhairle theicniúil ábhartha do na cliaint uile faoi na frontair feirme éagsúla le fáil san irisleabhar *Today's Farm*. Cuireadh sé eagrán ar fáil i rith na bliana. Áis taispeána a bhí sa láithreán Gréasáin phoiblí do phreasráitís uile na heagraíochta mar aon le príomhfhoilseacháin chorpóraideacha. Tá an-tóir ar an láithreán Gréasáin mar mhodh cumarsáide agus tá tús curtha leis an obair a bhaineann leis an láithreán Gréasáin a nuashonrú.



LUACHÁIL FEIDHMÍOCHTA

Chríochnaigh an tAonad Luachála dhá thionscadal luachála in 2005. Is éard a bhí sa chéad thionscadal a rinne comhairleoir seachtrach, luacháil ar an gclár infheistíochta i mbiteicneolaíocht idir an tréimhse 2000 agus 2005. Is éard a bhí sa dara thionscadal luacháil ar an gclár taighde cothaitheach. I measc na dtionscadal leanúnach bhí

tuarascáil luachála clár don Teastas Gairmoiliúna i dTalmhaíocht, Clár Oideachais Leibhéal II, luacháil ar éifeachtúlacht na Teicneolaíochta Comhairle agus na Seirbhíse Comhairlí Gnó mar aon le freagairt ar iarraidh ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar nuashonrú don Scrúdú Luach ar Airgead a rinneadh i 1999.

INIÚCHADH INMHEÁNACH

In 2005 reáchtáladh trí chruinniú den Choiste Iniúchta agus críochnaíodh tuarascálacha iniúchta sna réimsí a bhaineann le taighde, comhairle agus riarachán/airgeadas.

Coimisiúnaíodh dhá thasc iniúchta agus iniúchóirí comhairleacha seachtracha a rinne an dá thasc sa réimse oiliúna, ceannaigh agus soláthair.

SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TAIGHDE

Críochnaíodh agus cheadaigh lucht bainistíochta dréacht-Bheartas um Maoin Intleachtúil i rith na bliana. Leagann an beartas seo amach seasamh na heagraíochta maidir le cosaint agus tráchtáilú fionnachtana a thagann chun cinn ó thaighde a rinne baill foirne agus sonraí na sochar agus freagrachtaí i leith na heagraíochta agus na mball foirne.


Cumarsáid Eolaíochta

Earcaíodh ball foirne nua don ról Scríbhneoir/Eagarthóir Eolaíoch, a sholáthróidh raon leathan seirbhísí scríbhneoireachta agus eagarthóireachta eolaíche d'fhonn tacú le scaipeadh gníomhaíochtaí na heagraíochta. I measc an iliomad dualgas, tá freagracht as táirgeadh an Irish *Journal of Agricultural and Food Research* agus forbairt foilseacháin taighde nua le teacht in ionad *Farm and Food*.

Seirbhísí Leabharlainne

Tá seirbhísí leabharlainne ar fáil ag na príomh-ionaid taighde uile. In 2005, cuireadh córas catalógaithe i bhfeidhm agus chuir nó nuashonraigh baill foirne leabharlainne ag na hionaid taighde os cionn 250 taifead nua. Rinneadh teagmháil le soláthróirí na n-irisí leictreonacha agus seirbhísí

bainistíochta suibscríbhíne agus rinneadh triail ar a gcuid seirbhísí. Roghnófar soláthróir in 2006.



PRÍOMHNAISC

Tá Teagasc tiomanta de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht leis na hearnálacha uile den tionscal talmhaíochta agus bia sa bhaile agus thar lear maidir lena sheirbhísí a sheachadadh. Cinníonn an cur chuige comhpháirtíochta seo go n-úsáidtear acmhainní na heagraíochta ar an mbealach is éifeachtaí agus is féidir. Tá Roinn ghníomhach Caidreamh Poiblí agus Cumarsáide Custaiméirí ag an eagraíocht, a chinntíonn scaipeadh faisnéise eolaíche, réachtáil imeachtaí poiblí agus soláthar faisnéise do na meáin agus don phobal. Tá láithreán Gréasáin ag an eagraíocht (www.teagasc.ie), mar aon le láithreán Gréasáin do chliant (www.client.teagasc.ie) agus láithreán inlín le cumarsáid a dhéanamh le baill foirne (www.tnet.teagasc.ie). I rith 2005, leanadh le naisc a chruthú agus a fheabhsú leis na heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí seo a leanas.



An Roinn Talmhaíochta agus Bia

D'oibrigh Teagasc i gcomhar leis an Roinn le cinníú gur fhreastal a chlár gníomhaíochtaí ar riachtanais na hearnála agus go raibh siad comhsheasmhach le beartas Rialtais. Mar shampla, d'oibrigh an Stiúrthóireacht Chomhairleach leis an Roinn maidir leis an Áocaíocht Feirme Singile, comhpháirtíochtaí feirme, leasú an réimis síúcra agus saincheisteanna a tháinig chun cinn ón Treoir Níotráifí.



Ranna Rialtais Eile

Áiríonn mandáid Theagasc réimsí atá faoi chúram ranna Rialtais éagsúla. I gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus LEADER (tionscnamh d'fhorbairt tuaithe atá á mhaoiniú ag an AE), d'éirigh leis an eagraíocht na heagraíochtaí atá ag déanamh ionadaíochta ar thurasóireacht tuaithe a thabhairt le chéile faoi aonán amháin, ar a dtugtar an Chónaidhm Thurasóireachta Tuaithe.

Réachtáil Teagasc comhdháil náisiúnta ar stoc plandlainne i gcomhar le Bord Bia agus d'fhreastail os cionn 200 duine ar an gcomhdháil seo. Cothaíonn an tAonad Forbartha Muc a naisc le monarchana feola, Bord Bia agus an Roinn Talmhaíochta agus Bia.

Bhí baill foirne na Stiúrthóireachta Taighde Bia páirteach go gníomhach i gcoisí teicniúla sna heagraíochtaí seo a leanas: ÚCNÉ, ÚSBÉ, FÁS, Bord Bia agus Fiontraíocht Éireann. Ghlac an Stiúrthóireacht Bia páirt gníomhach i bhforbairt straitéise náisiúnta do nuáil bianna feidhmiúla i gcomhar le Fiontraíocht Éireann.

Naisc Idirnáisiúnta

In 2005 d'éirigh le hiarratas a rinne cuibhreannas a raibh baint ag Teagasc leis, iarratas chun seirbhísí comhairleachta a sholáthar chun Córas Clárúcháin um Fhorbairt Tuaithe a fhorbairt don tSeirbia agus Montainéagró.

Rinneadh roinnt comhthionscadal taighde idirnáisiúnta in 2005. Mar shampla, rinneadh staidéar ar dhrochrátaí fais muc ar fheirmeacha tráchtála i gcomhair le INRA (Institute National de la Recherche Agronomique) sa Fhrainc agus rinneadh tionscadal leis an Royal Veterinary College i Londain ar bheathú a athrú d'fhonn tionchar a imirt ar líon

PRÍOMHNAISC AR LEAN

na snáithíní matáin ag am breithe, agus dá bhrí sin tionchar a bheith aige ar chaighdeán feola.

Cuireadh tús le tionscadal taighde ag ITBBÁ i gcomhar le Coleg Menai sa Bhreatain Bheag agus tá sé á mhaoiniú ag Clár IIIA Interreg na hÉireann/na Breataine. Déanfaidh an tionscadal seo iniúchadh ar an margadh do shainfheolta agus saincháiseanna nideoige, sa Ríocht Aontaithe go háirithe.

Tá ollscoil san Iodáil ag baint úsáide as cáis le CLA ard a táirgeadh i bPáirc Uí Mhórdha sa chéad mhórhriail dhaonna dá chineál chun iniúchadh a dhéanamh ar na héifeachtaí sláinte a bhaineann le CLA.

Forbraíodh naisc leis an Technical University of Munich áit a bhfuil saineolaithe bianna atá dírithe ar dhaoine murtallacha. Cuireadh tús le tionscadal nua sa réimse seo i rith na bliana.

Comhoibriú Thuaidh-Theas

I gcomhfhiontair chomhoibríthe nua Thuaidh-Theas, d'oibrigh comhairleoirí ó thuaidh agus ó dheas den Teorainn le chéile le cabhrú le teaghlach i gcontaetha cois teorainn le hiarratais do chúnadh deontais do ghnóthaí beaga faoi Chlár Síochána agus Athmhuintearais an AE.

Comhaontaíodh ar thionscnamh taighde nua a d'aithin na príomhfhachtóirí a bhfuil tionchar acu ar fheirmeoireacht déiríochta idir an tSeirbhís Chomhairleach, Ionad Taighde Déiríochta Pháirc Uí Mhórdha, Institiúid Taighde Talmhaíochta Thuaisceart Éireann, Coláiste Greenmount, Scoil Talmhaíochta, Bia-Eolaíochta agus Tréidliachta Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.

Ardoideachas

Lean Scéim Comhaltachta Walsh le gaolmhaireachtaí a chruthú idir Theagasc agus institiúidí ardoideachais. Soláthraíonn an scéim deontais do mhic léinn iarchéime roghnaithe a bheith ag obair ar thionscadail a bhaineann le Clár Taighde Theagasc fad is atá siad i mbun staidéir d'ardchéim. Ní hamháin go soláthraíonn na comhaltachtaí seo deiseanna oiliúna taighde d'eolaithe óga, ach éascaíonn siad idirchaidreamh le coláistí trí leibhéal, cuireann siad tús le heolaíocht nua i dTeagasc agus cuireann siad le hacmhainn taighde na heagraíochta.

Ag deireadh 2005, bhí 155 mac léinn ag tabhairt faoi thionscadail taighde faoin scéim. Astu seo, bronnadh 71 comhaltacht nua in 2005 agus tá 84 comhaltacht fós ag leanúint ar aghaidh. Chríochnaigh 25 mac léinn a gcuid taighde in 2005.

Lean Teagasc ar aghaidh ag obair le páirtithe taighde san Ionad Cógasbhitheach Cothaitheach i UCC.

Tá nasc idir Ríomhcholáiste Theagasc agus Coláiste Carmarthenshire sa Bhreatain Bheag, a sholáthraíonn Timpeallacht Foghlama Fíorúla (TFF) do na cúrsaí uile atá ar líne anois.



Stephen Kildea, Comhalta Walsh ag Ionad Taighde Barr Pháirc na Darach, i mbun measúnuithe galair.

Comhlachtaí Ionadaíochta Tionscail

Lean Teagasc le hidirchaidreamh leanúnach leis na comhlachtaí ionadaíochta éagsúla san earnáil agraibhia. Chuir an eagraíocht leis na grúpaí oibre tráchtearraí, a dhéanann ionadaíocht ar pháirtithe leasmhara agus baill foirne agus chabhraigh leo a bheith páirteach i bhforbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar chláir taighde, oideachais/oiliúna agus aistriú teicneolaíochta dá réimsí tráchtearraí.

Comhchlár leis an Tionscal

Lean an tseirbhís chomhairleach le bheith ag obair le páirtithe sa tionscal trí naisc fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla.

Agus chuir taighdeoirí i bPáirc Uí Mhórdha le forbairt an Innéacs Póraithe Eacnamaíoch (IPE) athbhreithnithe a sheol ICBF.

Gníomhaireachtaí Forbartha Áitiúla

Chomhoibrigh agus thacaigh Teagasc le gníomhaireachtaí réigiúnacha agus áitiúla chun forbairtí nua a chur i bhfeidhm i gceantair tuaithe.

CUR I BHFEIDHM, MONATÓIREACT AGUS TUAIRISCIÚ

Tá misean, mandáid, spriocanna agus cuspóirí ardleibhéil Theagasc le fáil sa Ráiteas Straitéise mar aon le straitéisí leathana atá le cur i bhfeidhm. Nuair a bhí an ráiteas seo á ullmhú, cuireadh dearcaí agus tuairimí na bhfoirne san áireamh ionas go mbainfear comh-úinéireacht amach agus a chinntiú gur féidir na straitéisí leathana a aistriú go gníomhartha agus gníomhaíochtaí níos mionsonraithe i bpleananna gnó na n-aonad bainistíochta éagsúil.

San áireamh sna plananna gnó, a d'ullmhaigh na haonaid bhainistíochta chomhlachaithe agus atá bunaithe ar an Ráiteas Straitéise, tá clár bliantúil daingean de ghníomhaíochtaí chun ár gcuspóirí a bhaint amach. Dá réir sin, leathnaíonn na plananna gnó seo amach i gcláir oibre aonair ball foirne don Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF). Tá na cuspóirí agus gníomhartha atá sonraithe sna plananna gnó leagtha amach chun caighdeáin mheasúnaithe sainiúla, intomhaiste, indéanta, réalaíocha agus teoranta ag am (SIIRTA) a bhaint amach. Dá bhrí sin cuireann na plananna gnó bliantúla ar chumas na heagraíochta féachaint ar straitéis agus planáil mar chleachtadh leanúnach.

Chruthaigh gach rannán agus aonad bainistíochta comhlachaithe sonraí faoina ghníomhaíochtaí gnó agus gnóthachtáil a chuspóirí gnó. Thacaigh gníomhaíochtaí/spriocanna na Seirbhíse Bainistíochta Riosca agus Caighdeáin Chustaiméirí a áireamh inár bpleananna gnó le cur i bhfeidhm spriocanna agus straitéisí. Soláthraíonn cur i bhfeidhm plan luachála rothaí príomhfhaisnéis faoi ghnóthachtáil spriocanna cláir agus na buntáistí atá le fáil ag custaiméirí ónár seirbhísí. Lena chois sin, cabhraíonn an próiseas luachála seo linn feabhsuithe a aithint i ndearadh agus seachadadh na seirbhísí seo dár sprioclucht féachana agus rialachas eagraíochtúil feabhsaithe a bhaint amach.



Baill den ghrúpa Seirbhísí ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí, An Dr Lance O'Brien, Stephen O'Connell, Catherine McGrath, Paddy Browne, Mary Quinn agus Sheila Quinn.



COMHLÍONADH LE HOIBLEAGÁIDÍ REACTÚLA

Comhionannas

Tá Teagasc tiomanta do chomhionannas deiseanna a chinntiú dá phearsanra agus tá cláir forbartha foirne dírithe ar an gcuspóir seo a bhaint amach. Chomh maith leis sin táimid tiomanta do chur i bhfeidhm beartais Rialtais ar fhostú daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí. Tá beartais faoi bhulaíocht, imeaglú agus gnéaschiapadh forbartha agus curtha i bhfeidhm ag an eagraíocht le tacú le agus dínit gach ball foirne a chosaint.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus An tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001

De réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001, chuir baill d'Údarás Theagasc ráiteas leasanna ar fáil do Rúnai an Údarais agus tugadh cóip don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí. Lena chois sin, chomhlíon baill foirne Theagasc a bhfuil poist ainmnithe acu leis an dá Acht.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989, tá ráitis sábháilteachta ullmhaithe ag Teagasc a áiríonn na fachtóirí uile a bhfuil tionchar acu ar leas foirne agus cuairteoirí. Athbhreithníodh Ráitis Sábháilteachta do shuíomh uile Theagasc in 2005 agus foilsíodh iad ar an láithreán Inlín (Tnet). Ag leanúint athbhreithnithe ar shampla de na ráitis seo, mhol an Coiste Stiúrtha Sláinte agus Sábháilteachta go gcuirfead aiseolas aonair ar fáil do bhainisteoirí le linn dóibh a ráitis do 2006 a ullmhú. Eagraíodh seisiún faisnéise do bhaill foirne faoi Ráitis Sábháilteachta agus i mí na Samhna eagraíodh seimineár do bhainisteoirí sinsearach faoina bhfreagrachtaí faoin Acht Sláinte agus Sábháilteachta 2005.

Rinneadh iniúchtaí sábháilteachta sna súimh agus ar bheartais agus nósanna imeachta agus ar úsáid Feithiclí Uile-Tír-Raoin agus foilsíodh iad ar an Tnet.

An tAcht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1988

Tá struchtúir chomhairleacha fochoiste curtha i bhfeidhm d'fhonn tacú le próisis chumarsáide agus chomhairleacha na heagraíochta. Bunaíodh Coiste Comhpháirtíochta Náisiúnta in 2005.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997

Cuireadh an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Samhain, 2002. Bunaíonn an tAcht 3 cheart reachtúla nua:

- ceart dlíthiúil ag gach duine rochtain a bheith acu ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí
- ceart dlíthiúil ag gach duine faisnéis oifigiúil atá ag comhlacht poiblí, faisnéis a bhaineann leis/léi féin a leasú áit a bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach, agus
- ceart dlíthiúil cúiseanna a fháil do chinntí a bhaineann leis an duine féin, cinntí a rinne comhlacht poiblí.

Déileáladh le naoi n-iarraidh faoin Acht seo i rith na bliana.

Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, Deireadh Fómhair 2001

Ghlac Teagasc leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, a cheadaigh an Rialtas i mí Dheireadh Fómhair 2001, agus tá socrúithe déanta le cinntiú go gcomhlíonann an eagraíocht leis an gCód i ngnéithe uile a n-oibriúcháin.

RÁITIS AIRGEADAIS - DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2005

CLÁR NA NÁBHAR

	Leathanach
TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	58
RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNAIGH	59
RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS	60
BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA	61-62
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS	63
RÁITEAS AR GHNÓTHACHAIN AGUS CAILTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA	63
CLÁR COMHARDAITHE	64
RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID	65
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	66-76

TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

Tá Ráitis Airgeadais Theagasc don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2005 iniúchta agam faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oilúint agus Comhairle), 1988.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, Ráiteas Gnóthachan agus Cailteanas Aitheanta Iomlán agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí faoi seach Bhail an Údaráis agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta Talmhaíochta (Taighde, Oilúint agus Comhairle), 1988, agus as rialacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an tÚdarás na ráitis airgeadais de réir Cleachtas Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Bhail an Údaráis leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Údaráis.

Is í an fhreagracht atá ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na gceanglas ábhartha dlíthiúil agus rialála agus Caighdeán Iniúchta Idirnáisiúnta (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorheart de réir Cleachtas Chuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chúí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtugann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe riachtanacha ar fad faighte agam chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtugann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráiteas airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an glúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun feidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Iniúchta Idirnáisiúnta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtas Iniúchta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainistíochta agus oibriúcháin chomhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus nochtá agus rialacht na n-idirbheart airgeadais a áirítear sna ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin áiríonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breithiúnais shuntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais a n-ullmhú, mar aon le measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Údaráis, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh a dóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. Le linn dom teacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorheart, de réir Cleachtas Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Údaráis ag an 31 Nollaig 2005 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chúí coinnithe ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



John Purcell
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
27 Meitheamh 2006

RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS

Thar ceann Údarás Theagasc, is mian liom aitheantas a thabhairt dár bhfreagracht i leith a chinntiú go gcothabháiltear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach de rialú airgeadais inmheánaigh.

Ní féidir le haon chóras de rialú airgeadais inmheánaigh ach dearbhú réasúnach a sholáthar agus ní dearbhú absalóideach in aghaidh earráide ábhartha, míráitis nó caillteanais. Nuair a bhíonn éifeachtúlacht rialuithe airgeadais inmheánacha á meas, beidh meas ag an Údarás agus a Choiste Iniúchta, i measc rudaí eile, ar cheanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Tá obair déanta ag an Údarás le cinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe iomchuí i bhfeidhm trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- freagrachtaí bainistíochta, údaráis agus cuntasachta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní Theagasc a chosaint;
- cultúr de chuntasacht a fhorbairt i leibhéal uile na heagraíochta.

Tá nósanna imeachta bunaithe ag an Údarás chun rioscaí gnó laistigh de Theagasc a aithint trí na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- nádúr, méid agus impleacht airgeadais rioscaí atá os comhair Theagasc a aithint lena n-áirítear an méid agus na catagóirí atá inghlactha;
- an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta a mheas;
- cumas Theagasc chun na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- na costais a bhaineann le rialuithe ar leith a bhaineann leis an sochar faighte a mheas.


Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat de thuirisciú bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear roinnt dualgas agus córas tarmilgín agus cuntasachta lena n-áirítear:

- córas buiséadaithe bhliantúil agus córas tuairiscithe airgeadais chuimsithigh, córas a ndéanann an tÚdarás athbhreithniú air agus a cheadaíonn sé;
- go ndéanann an tÚdarás athbhreithnithe rialta ar na straitéisí trí chéile, pleananna gnó agus airgeadais agus athraithe i gcomparáid le buiséid oibríocháin agus chaipitil.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag Teagasc, feidhm a oibríonn de réir na gceanglas atá sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit agus de réir na gcritéar éifeachtúlachta atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise Theagasc a foilsíodh in 2005. Anailís ar na rioscaí atá os comhair Theagasc mar aon le pleananna iniúchta inmheánacha bliantúla a chuireann an t-eolas ar fáil don iniúchadh inmheánach. Is é an Coiste Iniúchta a cheadaíonn na pleananna iniúchta inmheánacha. In 2005, choimeád an tÚdarás saineolaí seachtach chun comhairle a chur ar an gCoiste Iniúchta agus mar aon leis sin rinne gnólacht iniúchta chomhairligh iniúchadh soláthair ar fud na heagraíochta ar na hiniúchtaí a rinne an t-iniúcháir inmheánach. Mar thoradh ar an iniúchadh seo agus iniúchadh ar chostais taistil agus cothabhála chuir an tÚdarás tús le hathbhreithniú ar na rialuithe sna réimsí seo.

Is é obair an iniúcháir inmheánaigh a sholáthraíonn eolas do mhonatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh. Tá an Coiste Iniúchta i gceannas ar obair an iniúcháir inmheánaigh agus tá na bainisteoirí feidhmeannacha laistigh de Theagasc freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais agus tráchtanna a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta.

Dearbhaím sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2005 go ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtúlacht na gcóras rialaithe airgeadais inmheánach.




An Dr Tom O'Dwyer
Cathaoirleach
22 Meitheamh 2006

RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS

Faoi Alt 12(1) den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oilíúint agus Comhairle), 1988, éilítear ar an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú ar bhealach ar féidir leis an Aire Talmhaíochta agus Bia a cheadú le comhthoilíú an Aire Airgeadais. Le linn na ráiteas airgeadais sin a ullmhú, éilítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta feiliúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn leanúnach ach amháin mura bhfuil sé feiliúnach glacadh leis go leanfaidh Teagasc de bheith i mbun oibre;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuntais cearta a choimeád a nochtann, le cruinneas réasúnach ag am ar bith, seasamh airgeadais Theagasc agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais le ceanglais reachtúla. Coinnítear na leabhair chuntais i gceanncheathrú an Údaráis i bPáirc na Darach, Ceatharlach. Ina theannta sin tá an tÚdarás freagrach as sócmhainní Theagasc a chosaint agus an méid is gá a dhéanamh chun calaíoch agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhraith.



An Dr Tom O'Dwyer
Cathaoirleach
22 Meitheamh 2006



James Brett
Ball den Údarás

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Bonn cuntasaíochta

Tá na Ráitis Airgeadais ullmhaithe de réir an choinbhinsiúin chostais stairiúil, faoi réir sócmhainní ar leith a áirítear i luacháil (féach thíos).

Maoiniú stáit

Áirítear maoiniú Stáit don earnáil bia agus don chomhchlár taighde Spreagtha ar bhonn fabhráithe. Áirítear an maoiniú Stáit ar fad eile ar bhonn admhálacha airgid thirim.

Ioncam AE

Áirítear deontais AE ar bhonn fabhráithe.

Ioncam oibriúcháin

Áirítear ioncam oibriúcháin ar bhonn fabhráithe.

Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímhéas

Tógadh sócmhainní ón gComhairle Oiliúna Talmhaíochta agus An Foras Talúntais ar an 8 Meán Fómhair 1988 ag na luachanna deiridh a bhí i gCláir Chomhordaithe na gcomhlachtaí sin. Luaitear breiseanna ag costas.

Ní dímhéastar talamh. Díscríobhtar costas nó luacháil sócmhainní seasta faoi úinéireacht eile trí thráthchodanna cothroma thar an saol úsáideach a mheastar a bheidh acu mar seo a leanas:

Foirgnimh Feirme	20 bliain
Foirgnimh Eile	50 bliain
Gléasra agus Feithiclí	5 bliana
Trealamh Ríomhaireachta	3 bliana
Trealamh Saotharlainne agus Oifige	10 mbliana

Dímheastar sócmhainní a shealbháitear faoi léasanna airgeadais thar théarma an léasa áit a bhfuil sé seo níos giorra ná an saol úsáideach a mheastar a bheidh acu.

Gearrtar dímhéas leathbhliana sna blianta a fuarthas agus a diúscaíodh na sócmhainní.

Léasanna

Déileáiltear le sócmhainní seasta a fhaightear faoi léasanna airgeadais de réir an bheartais thuasluaite faoi sócmhainní seasta. Áirítear an ghné chaipitiúil de na hoibleagáidí cíosa gaolmhara faoi dhliteanais, agus gearrtar an ghné úis ar chaiteachas thar théarma na buntréimhse léasa.

Gearrtar cíosanna ar léasanna oibriúcháin sa chuntas caiteachais de réir mar a thabhaítear iad.

Cuntas caipitil

Is ionann an t-iarbhéid ar an gcuntas seo agus luach neamhamúchta cistí a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach.

Stoic

Oifigigh ó Theagasc a chur luach ar na stoic. Cuirtear luach ar bheostoc agus táirgí feirme ag glanluach inréadaithe. Cinntear glanluach inréadaithe bunaithe ar na hainmhithe a díoladh chun iad a sléachtadh. Léirítear gnóthachain agus caillteanais a thagann chun cinn ó na luachálacha san ioncam oibriúcháin. Cuirtear luach ar na stoic eile ar fad ag an raon is ísle costas agus glanluach inréadaithe.

Féichiúnaithe

Díscríobhtar drochfhiacha atá ar eolas de réir mar a thagann siad chun cinn agus déantar foráil ar leith áit nach cosúil go dtarlóidh gnóthú.

Pinsin

Tá scéimeanna pinsin sochair shainithe ag Teagasc a fhaigheann maoiniú go bliantúil ar bhonn íoc mar thuilleann tú ó airgead atá ar fáil do na scéimeanna seo, lena n-áirítear airgead a chuireann an Roinn Talmhaíochta agus Bia ar fáil, agus airgead a asbhaintear ó thuarastail bhall foirne.

Tugann na costais phinsin léargas ar na sochair phinsin a thuilleann fostaithe sa tréimhse agus taispeántar na costais saor ó ranníocaíochtaí pinsin foirne, ranníocaíochtaí a choinníonn Teagasc. Aithnítear méid atá cothrom leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid gur féidir é a aisghabháil, agus fritháirítear deontais a fhaightear sa bhliain chun na híocaíochtaí pinsin a dhíscaoileadh.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a tháinig chun cinn ó dhliteanais scéime sa Ráiteas de Ghnóthachain agus Cailteanais Aitheanta lomlána agus aithnítear coigeartú

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA AR LEAN

comhfhreagrach sa mhéid inghnóthaithe ón Roinn Talmhaíochta agus Bia.

Is ionann dliteanais phinsin agus luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin todhchaíochta atá tuillte ag baill foirne go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil amach anseo ón Roinn Talmhaíochta agus Bia.

Den chéad uair glacadh in iomlán le forálacha FRS17 ar chuntasáocht do shochair scoir. Nochtar tionchar an Bheartais Chuntasáochta seo i Nóta 9.

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
AN BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2005


	Nótaí	31 Nollaig 2005 €'000	31 Nollaig '000 €'000
Ioncam			
Maoiní Stáit	2	125,392	119,487
Maoiní AE	3	933	1,261
Ioncam Oibriúcháin	4	25,290	24,934
Maoiní iarchurtha do phinsin	9	11,883	11,583
Barrachas ar dhiúscairt sócmhainní seasta		5,796	68
Deontais, deonacháin agus tobhaigh dheonacha eile	68	4,079	1,950
		173,373	159,283
Caiteachas			
	5	176,201	163,912
		(2,828)	(4,629)
Aistriú chuig Cuntas Caipitil	12	(5,147)	(4,994)
		(7,975)	(9,623)
Easnamh don bhliain airgeadais			
		6,312	15,935
Iarmhéid ag deireadh na bliana			
		(1,663)	6,312

RÁITEAS AR GHNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA


	Nótaí	31 Nollaig 2005 €'000	31 Nollaig '000 €'000
Easnamh don bhliain airgeadais			
		(7,975)	(9,623)
Caillteanas ar dhliteanas scéime pinsin	9	(24,203)	(11,017)
Athruithe i mbuntoimhdé de luach reatha dliteanas pinsin	9	(138,630)	(67,967)
Caillteanas achtúireach ar dhliteanas pinsin		(162,833)	(78,984)
Maoiní pinsin iarchurtha		162,833	78,984
Caillteanas Aitheanta Iomlán don bhliain		(7,975)	(9,623)

Baineann na cuntais thuas le hoibriúcháin atá fós ar siúl.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 24.



Dr. Tom O'Dwyer
Cathaoirleach



Jim Flanagan
Stiúrthóir

CLÁR COMHARDAITHE
AN BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2005

	Nótaí	31 Nollaig 2005 €000	31 Nollaig 2004 €000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	13	79,627	74,520
Sócmhainní airgeadais	14	2	2
		79,629	74,522
Sócmhainní reatha			
Stoic	15	4,475	5,849
Féichiúnaithe	16	8,362	4,107
Iarmhéideanna bainc		2,509	12,184
Taiscí gearrthréimhseacha		686	449
		16,032	22,589
Creidiúnaithe - Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin			
Creidiúnaithe agus fabhruithe	17	16,742	13,495
Ioncam iarchurtha	18	887	861
Oibleagáidí faoi léasanna airgeadais	19	4	38
Iasachtaí agus rótharraingt bhainc		60	1,913
		17,693	16,307
Glansócmhainní reatha		(1,661)	6,282
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha roimh phinsin		77,968	80,804
Maoiniú pinsin iarchurtha	9	932,138	753,564
Dlíteanais phinsin	9	(932,138)	(753,564)
		0	0
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		77,968	80,804
Lúide			
Creidiúnaithe – Méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin			
Oibleagáidí faoi léasanna airgeadais	19	0	4
Iasachtaí bainc		1	2
Dlíteanais fhadtréimhseacha eile		13	16
		14	22
Glansócmhainní		77,954	80,782
Arna léiriú trí			
Cuntas caipitil	12	79,617	74,470
Cuntas loncaim agus Caiteachais		(1,663)	6,312
		77,954	80,782

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an ráiteas ar bheartais chuntasáiochta agus nótaí 1 go 24.

T. O'Dwyer

An Dr Tom O'Dwyer
Cathaoirleach

Jim Flanagan

Jim Flanagan
Stiúrthóir

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID
AN BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2005

	Nótaí	31 Nollaig 2005 €000	31 Nollaig 2004 €000
Réiteach easnamh oibriúcháin le glan- insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Easnamh oibriúcháin		(7,975)	(9,623)
Dímheas	13	5,945	4,554
Aistriú chuig cuntas caipitil	12	5,147	4,994
Ús íoctha		1	7
Ús faighte		(136)	(310)
Brabús ar dhíol sócmhainní seasta		(5,796)	(68)
Laghdú/(méadú) i stoic		1,374	(110)
(Méadú)/laghdú i bhféichiúnaithe		(4,255)	811
Méadú i gcreidiúnaithe agus dliteanais fhadtréimhseacha		3,244	156
Méadú in ioncam iarchurtha		26	496
Glan (eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		(2,425)	907

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

**Glan (eis-sreabhadh) / insreabhadh airgid
ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin**

(2,425) 907

Aischur ar infheistíocht agus fónamh airgeadais

Ús íoctha		(1)	(7)
Ús faighte		136	310
Glan-insreabhadh airgid ó aischuir ar infheistíocht agus fónamh airgeadais		135	303

Gníomhaíochtaí infheistíochta

Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	13	(11,519)	(9,502)
Fáltais ó dhiúscairtí sócmhainní seasta inláimhsithe		6,264	128
Glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(5,255)	(9,374)

Airgeadas

Aisíocaíochtaí iasachta maoinne		(2)	(7)
Gné chaipitiúil d'íocaíochtaí léasa airgeadais	19	(38)	(106)
Glan-eis-sreabhadh airgid ó mhaoiniú		(40)	(113)

Laghdú in airgead tirim

22 (7,585) (8,277)

**Réiteach glan-sreabhadh airgid
le gluaiseacht i nglanchistí**

Laghdú in airgead tirim	22	(7,585)	(8,277)
Glanchistí an 1 Eanáir		10,721	18,998
Glanchistí an 31 Nollaig		3,136	10,721

T. O'Dwyer

Dr. Tom O'Dwyer

Cathaoirleach

Jim Flanagan

Jim Flanagan

Stiúrthóir

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1 Teagasc (an tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia)

Bunaíodh Teagasc (an tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia) faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oilíúint agus Comhairle), 1988. Faoi Alt 21 den Acht, aistríodh sócmhainní agus dliteanais na Comhairle Oilíúna agus Talmhaíochta agus An Foras Talúntais do Theagasc nuair a bunaíodh é.

Éilíonn Alt 12 den Acht go gcoinneofar Cuntais i cibé foirm ar féidir leis an Aire Talmhaíochta agus Bia a cheadú le comhthoilíú an Aire Airgeadais. Tugadh an ceadú seo ar an 14 Lúnasa 1998.

2 Maoiniú stáit

	2005 €'000	2004 €'000
Seo a leanas an méid atá le fáil faoin gceannteideal seo: Vóta 31: Talmhaíocht agus Bia		
Deontas i gcabhair do chostais ghinearálta (lena n-áirítear Deontas do chúiseanna caipitil, €4,500,000)	92,167	88,597
Deontas i gcabhair chun críche aoisliúntais	19,239	16,995
Deontas i gcabhair chun críche acmhainní daonna	11,693	11,238
Deontas i gcabhair do thaighde bia	1,512	1,873
Deontas do chomhchlár taighde Spreagtha	81	184
Deontas do phoiblíocht agus feasacht foraoiseachta	485	480
Deontas d'oilíúint foraoiseachta	215	120
	<hr/> 125,392	<hr/> 119,487

3 Maoiniú AE

	2005 €'000	2004 €'000
Clár Oibríúcháin do Thalmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus Foraoiseacht 1994 – 1999	0	33
Clár Creata V 1998 - 2002	933	1,154
Clár Creata VI	0	74
	<hr/> 933	<hr/> 1,261

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - AR LEAN

4 Ioncam oibríocháin

	Údarás, Ceanncheathrú agus Náisiúnta €000	Seirbhís Chomhairleach €000	Oiliúint agus Forbairt €000	Taighde ar Tháirgeadh Talmhaíochta €000	Taighde Bia €000	2005 €000	2004 '000
Táillí seirbhíse comhairlí	0	12,686	0	0	0	12,686	12,175
Táillí eile	7	925	1,484	1,909	2,549	6,874	7,034
Trádáil beostoic (Nóta 7)	0	0	1,066	1,020	4	2,090	2,346
Oibríocháin feirmeoireachta eile	0	0	532	1,543	10	2,085	2,216
Fáltais cheimín	0	0	145	139	138	422	389
Foilseacháin agus ilghnéitheach	733	70	206	111	13	1,133	774
	740	13,681	3,433	4,722	2,714	25,290	24,934

5 Caiteachas

	Údarás, Ceanncheathrú agus Náisiúnta €000	Seirbhís Chomhairleach €000	Oiliúint agus Forbairt €000	Taighde ar Tháirgeadh Talmhaíochta €000	Taighde Bia €000	2005 €000	2004 '000
Pá (Nóta 8)	4,559	33,884	12,598	21,042	8,860	80,943	80,228
Pinsin (Nóta 9)	43,626	0	0	0	0	43,626	39,565
Taisteal agus cothabháil	1,101	3,734	732	1,291	309	7,167	6,417
Costais oibríocháin ginearálta (Nóta 6)	6,975	5,206	5,315	8,968	5,385	31,849	26,457
Muirir úis agus léasa	13	32	31	0	0	76	63
Dímheas (Nóta 13)	444	1,162	893	2,125	1,321	5,945	4,554
Deontais do choláistí próbhaideacha	0	0	3,790	0	0	3,790	4,286
Deontais eile	153	23	776	1,164	689	2,805	2,342
	56,871	44,041	24,135	34,590	16,564	176,201	163,912

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - AR LEAN

7 Barrachas trádála beostoic

	2005 €'000	2004 €'000
Díolacháin	2,596	2,662
Deontais agus fóirdheontais	857	520
Ioncam iomlán ó thrádáil beostoic	3,453	3,182
Stoc oscailte	4,072	3,955
Ceannacháin	957	953
Lúide: Stoc deiridh	5,029 (3,666)	4,908 (4,072)
Costas iomlán díolachán beostoic	1,363	836
Barrachas ar an gCuntas loncaim agus Caiteachais (Nóta 4)	2,090	2,346

8 Foireann

	2005	2004
Seo a leanas an meánlón foirne a fostaíodh i rith na bliana:		
Gairmiúil	762	764
Teicniúil	221	232
Riarachán/cléireachas	279	273
Feirm/teaghlaigh	317	335
	1,579	1,604

9 Aoisliúntas

Forálann Alt 9 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988 do bhunú scéimeanna do dheonú sochar aoisliúntais maidir le baill foirne ceaptha ag Teagasc agus baill foirne aistrithe chuig Teagasc ón gComhairle Oiliúna Talmhaíochta agus An Foras Talúntais.

Ar feitheamh cheadú an Aire Talmhaíochta agus Bia, an Aire Airgeadais agus an Oireachtais do na dréacht-scéimeanna aoisliúntais, tá Teagasc i bhfeighil ar scéimeanna aoisliúntais ar bhonn riaracháin.

Lena chois sin tá Teagasc i mbun riaracháin dhá scéim aoisliúntais (Scéim Aoisliúntas Ball Foirne na gColáistí Talmhaíochta, 1985 agus Scéim Pinsin Ranníocaigh Thalmhaíochta Céilí agus Leanáí na gColáistí Talmhaíochta, 1985) i leith ball foirne ar leith a bhí fostaithe ag Coláistí Talmhaíochta agus Gairneoireachta faoi úinéireacht phríobháideach, agus is é an Státchiste atá freagrach as costas na dtuarastal sin trí ghníomhaireacht Theagasc.

Is scéimeanna aoisliúntais sochair shainithe iad na scéimeanna thuasluaite. Gearrtar teidlíochtaí aoisliúntais a thagann chun cinn faoi na scéimeanna ar an gCuntas loncaim agus Caiteachais sa bhliain ina dtabhaítear iad. Ní chothabháiltear ciste ar leith agus ní choinnítear sócmhainní ar bith chun íocaíocht pinsean agus aiscí a mhaoiniú. Taispeántar meastachán achtúireach dliteanas todhcháiochtaí atá ag fabhrú i leith sochar todhcháiochtaí sa Chlár Comhardaithe.

Costais aoisliúntais

Ba é an meánlón pinsean míosúil a íocadh i rith na bliana 1,326 (2004 – 1,228).

Sochair aoisliúntais

Tá an luacháil a úsáideadh do nochtáí FRS17 bunaithe ar luacháil achtúireach a rinne achtúire cáilithe neamhspleách chun ceanglais FRS17 a chur san áireamh d'fhonn dliteanas na scéime a mheas ag an 31 Nollaig 2005.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - AR LEAN

Seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun dliteanais a ríomh faoi FRS17:	2005	2004	
	% in aghaidh na bliana		% in aghaidh na bliana
Méadú sa ráta boilscithe	2.25	2.25	
Méadú sa ráta tuarastail	3.50	3.50	
Méadú sa ráta pinsin	3.50	3.50	
Ráta lascaine na ndliteanas scéime	4.10	4.66	
Bunaithe orthu seo agus toimhdí eile agus an modh aonaid réamh-mheasta luaithe i FRS17 a chur i bhfeidhm, seo a leanas luach reatha dhliteanais na scéime pinsin:	2005	2004	
	€'000	€'000	
Dlitéanais charntha i leith ball scéime gníomhach	429,013	390,980	
Dlitéanais i leith pinsinéirí reatha agus pinsin iarchurtha	503,125	362,584	
	932,138	753,564	
Anailís ar an méid a gearradh ar an gcuntas ioncain agus caiteachais:	2005	2004	
	€'000	€'000	
Costas seirbhíse reatha	7,669	5,730	
Ús ar dhlitéanais scéime	34,549	33,954	
Costas iarsheirbhíse, socruithe agus ciorrúcháin	5,513	4,147	
Ranníocaíochtaí foirne	(4,105)	(4,266)	
	43,626	39,565	
Seo a leanas an anailís a rinneadh ar ghluaiseacht easnamh i rith na bliana:	2005	2004	
	€'000	€'000	
Easnamh an 1 Eanáir	753,564	654,584	
Costas seirbhíse reatha	7,669	5,730	
Ranníocaíochtaí	(31,990)	(23,835)	
Costas iarsheirbhíse, socruithe agus ciorrúcháin	5,513	4,147	
Ús ar dhlitéanais scéime	34,549	33,954	
Caillteanas achtúireach	162,833	78,984	
	932,138	753,564	
Anailís ar an méid a aithníodh sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána	2005	2004	2003
	€'000	€'000	€'000
Gnóthachain agus caillteanais	(24,203)	(11,017)	(16,237)
Céatadán de luach reatha dliteanas scéime	3.2%	1.5%	2.5%
Athruithe i dToimhdí	(138,630)	(67,967)	(34,724)
Céatadán de luach reatha dliteanas scéime	14.9%	9.0%	5.3%
Caillteanas achtúireach aitheanta sa STRGL	(162,833)	(78,984)	(50,961)

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - AR LEAN

Sócmhainn maoinithe iarchurtha do phinsin

Aithníonn Teagasc sócmhainn mar mhéid comhfhreagrach don dliteanas iarchurtha neamhmaoinithe do phinsin bunaithe ar an sraith toimhdí a ndearnadh cur síos orthu thuas agus líon na n-imeachtaí a tharla roimhe sin. I measc na n-imeachtaí seo tá an bonn reachtúil do bhunú na scéimeanna aoisliúntais agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le maoiniú pinsean seirbhíse poiblí, ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil san áireamh. Níl fianaise ar bith ag Teagasc nach leanfaidh an beartas maoinithe seo lena leithéid de shuímeanna a bhaint amach de réir cleachtais reatha. Bhí an tsócmhainn maoinithe iarchurtha do phinsin cothrom le 932 milliún ag an 31 Nollaig 2005 (2004 - 754 milliún). Tá cainníochtú an dliteanais bunaithe ar na toimhdí airgeadais atá leagtha amach thuas. Tá na toimhdí a úsáidtear bunaithe ar ár gcomhairle achtúireach ghairmiúil agus insítear iad don Roinn Talmhaíochta agus Bia ach ní aontaítear orthu go foirmiúil leis an Roinn.

Athrú sa bheartas cuntasáíochta

Is í an éifeacht a bhaineann le tús a chur le FRS17 costas na sochar pinsin a thuilltear sa bhliain a aithint mar chaiteachas sa Chuntas loncaim agus Caiteachais. Roimh 2005 aithníodh an méid íocaíochtaí a rinneadh le pinsinéirí sa bhliain mar chaiteachas. Chomh maith leis sin aithnítear méid maoinithe na sochar pinsin a thuilltear sa bhliain sa Chuntas loncaim agus Caiteachais. Aithnítear an dliteanas carnach do phinsin tuille ag fostaithe amhail an 31 Nollaig 2005 sa Chlár Comhardaithe mar aon le sócmhainn maoinithe chomhfhreagraigh. Roimhe seo nochtaíodh dliteanais mar sin i nóta leis na cuntais.

10 Táille iniúchta

Áiríodh foráil de €49,500 sa chaiteachas i leith luacha saothair an iniúchóra do 2005 (2004 - 44,000).

11 Táillí agus luacha saothair an Údaráis

Íocadh na luacha saothair seo a leanas do bhaill den Údarás:	2005 €'000	2004 €'000
Cathaoirleach	15	15
Baill eile den Údarás	91	77
	106	92

Áirítear na méideanna seo sa chaiteachas pá iomláin faoi Nóta 5 thuas.

12 Cuntas caipitil

	2005 €'000	2004 €'000
Iarmhéid an 1 Eanáir	74,470	69,476
Aistrithe ón gcuntas ioncaim agus caiteachais		
Méid caipitilithe i leith sócmhainní ceannaithe	11,519	9,502
Glanmhéid scaoilte ar dhiúscairtí	(467)	(67)
Aisíocaíochtaí iasachta maoine	2	7
Gné chaipitil d'íocaíochtaí i leith sócmhainní léasaithe	38	106
	11,092	9,548
Lúide: Amúchta ar aon dul le dímhéas sócmhainní	(5,945)	(4,554)
	5,147	4,994
Iarmhéid an 31 Nollaig	79,617	74,470

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - AR LEAN

13 Sócmhainní seasta inlámhsithe

	Talamh	Foirgnimh	Gléasra & trealamh	lomlán
	€000	€000	€000	€000
Costas nó luacháil				
Breiseanna	5,810	75,745	47,216	128,771
Diúscairtí	0	7,411	4,108	11,519
Diúscairtí	0	(764)	(580)	(1,344)
Ag deireadh na bliana	5,810	82,392	50,744	138,946
Dímheas carntha				
Ag tús na bliana	0	24,530	29,721	54,251
Muirear don bhliain	0	1,913	4,032	5,945
Diúscairtí	0	(342)	(535)	(877)
Ag deireadh na bliana	0	26,101	33,218	59,319
Glanmhéideanna leabhair				
Ag tús na bliana	5,810	51,215	17,495	74,520
Ag deireadh na bliana	5,810	56,291	17,526	79,627

San áireamh sna hiarmhéideanna tosaigh tá 612.3 heicteár talún (1,513 acra) aistrithe ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia ag luachanna ainmniúla, agus athluacháladh sócmhainní áirithe eile ag an 31 Nollaig 1975 nó an 1 Iúil 1980.

Tá Teagasc ag baint úsáide as 85 heicteár (210 acra) talún faoi úinéireacht na Roinne Talmhaíochta & Bia, agus tá an Roinn ag baint úsáide as 16.2 heicteár (40 acra) atá faoi úinéireacht Theagasc. Níl muirear ar bith ar cheachtar páirtí de thoradh na socrúithe seo.

Tá sócmhainní seasta áirithe curtha ar iontaoibh do Theagasc arna gcosaint le reacht, agus dá réir sin ní féidir iad a dhíol.

Áiríonn glanluach leabhair na sócmhainní na méideanna seo a leanas i leith sócmhainní léasaithe:

	2005 €'000	2004 €'000
Gléasra agus trealamh: Iarmhaid an 31 Nollaig	0	39
Seo a leanas an muirear dímheasa ar na sócmhainní sin don bhliain:	39	132

14 Sócmhainní airgeadais

Tá sealúchas 57% ag Teagasc sa scairchaipiteal íoctha de Moorepark Technology Limited (5,100 scair ag €0.127). Is comhfhiontar atá sa Chuideachta, a ionchorpraíodh ar an 18 Eanáir 1991, idir Theagasc agus chomharchumainn talmhaíochta éagsúla.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - AR LEAN

Tá ráitis airgeadais ar leith ullmhaithe i leith na Cuideachta agus seo a leanas na torthaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2005:

	2005	2004
	€'000	€'000
Láimhdeachas	1,108	1,068
Brabús oibriúcháin roimh dhímheas, ús agus cáin	189	221
Dímheas (tar éis deontas amúchta)	(156)	(79)
Fáltais úis	8	5
Cáin	0	0
Brabús i ndiaidh cánachais	41	147
Caillteanais charntha go dtí an 31 Nollaig	(21)	(62)

Forálann Meamram Comhlachais na Cuideachta go bhfuil páirtithe leasmhara i dteideal leas a bhaint as seirbhísí na Cuideachta ag rátaí tosaíochta.

Seo a leanas na hidirbhearta trádála a bhí idir Theagasc agus Moorepark Technology Limited (a áiríonn comhairleacht, anailís agus úsáid áiseanna teicniúla agus áiseanna eile)

	2005	2004
	€'000	€'000
Díolacháin Moorepark Technology Limited do Theagasc (curtha san áireamh sa láimhdeachas)	101	234
Forchúitimh eile ó Theagasc (asbhainte ó chostas díolachán)	17	30
Iomlán	118	264
Iarmhéid neamhíochta an 31 Nollaig	39	81
Díolacháin Theagasc do Moorepark Technology Limited	159	122
Iarmhéid neamhíochta an 31 Nollaig	124	17

Faoi théarmaí Chomhaontú Tionscnóra Moorepark Technology Limited, tá gealltanais tugtha ag Teagasc a acmhainní féin atá sonraithe i gceanglais ball foirne i Moorepark Technology Limited, mar aon le fóntas, stórtha, cuntais agus forchostais eisiltigh na Cuideachta a fhrithghealladh. Seo a leanas na costais a bhí i gceist:

	2005	2004
	€'000	€'000
Foireann	180	170
Eile	112	118

Áirítear na hiomláin seo i gcaiteachas Theagasc faoi Thaighde Bia (Nótaí 5 agus 6).

	2005	2004
	€'000	€'000
Úsáideann Moorepark Technology Limited sócmhainní faoi úinéireacht Theagasc mar seo a leanas:	2005	2004
	€'000	€'000
Costais tosaigh	1,196	1,196
Glanluach Leabhair an 31 Nollaig	228	297

Áirítear na méideanna seo faoi Ghléasra agus Trealamh (féach ar Nóta 13 thuas).

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - AR LEAN

De réir Chomhaontú an Tionscnóra, tá a halla próiseála reatha ag Ionad Táirgí Déiríochta Pháirc Uí Mhórdha mar aon le súiomh tadhlach ar a bhfuil áiseanna breise tógtha ag an gCuideachta tugtha ar léas do Moorepark Technology Limited ag ainm-chíos de €127 in aghaidh na bliana.

Ní mheastar go bhfuil sé feiliúnach torthaí na Cuideachta a chomhdhlúthú.

Tá trí infheistíocht bheaga ag Teagasc i gcomharchumainn talmhaíochta atá cothrom le €1,243 ar fad (2004 - €1,243).

15 Stoic

	2005	2004
	€'000	€'000
Beostoc	3,666	4,072
Táirgí feirme, leasacháin agus stoic bheathaithe	497	511
Soláthairtí saotharlainne agus tréidliachta	0	60
Ábhair thógála	0	28
Soláthairtí ginearálta	312	1,178
	<hr/> 4,475	<hr/> 5,849

16 Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí

	2005	2004
	€'000	€'000
Féichiúnaithe trádála	2,761	2,550
Ioncam AE	0	279
Féichiúnaithe, réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe eile	5,601	1,278
	<hr/> 8,362	<hr/> 4,107

San áireamh sna féichiúnaithe in 2004 tá méideanna infhaighte ón AE i leith deontas oiliúna, méideanna atá cothrom le €278,502. Titeann na méideanna uile thuasluaite dlite laistigh d'aon bhliain amháin.

17 Creidiúnaithe - Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin

	2005	2004
	€'000	€'000
Creidiúnaithe trádála	5,984	4,361
Cáin ioncaim asbhainte ó ÍMAT	1,421	1,230
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	533	1,230
Cáin bhreisluacha	225	134
Cáin shiarchoinneálach	127	121
Creidiúnaithe agus fabhrúithe eile	8,452	6,419
	<hr/> 16,742	<hr/> 13,495
Tá creidiúnaithe do chánachas agus leas sóisialach san áireamh thuas	<hr/> 2,306	<hr/> 2,715

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - AR LEAN

18 Ioncam iarchurtha

Déantar taighde a fhaigheann maoiniú poiblí de réir conarthaí le hInstitiúidí Stáit eile, go háirithe an Roinn Talmhaíochta agus Bia. Faoi na conarthaí seo ní áirítear airleacain inaisíoctha san ioncam ag tús na dtionscadal go dtí go gcríochnaítear na tionscadail.

Ag an 31 Nollaig bhí foinsé agus méid an ioncaim iarchurtha cothrom le:

	2005 €'000	2004 €'000
An Roinn Talmhaíochta agus Bia – airleacain d'anailís	769	145
European Science Foundation – Feachtas Bolscaireachta Sábháilteachta Bia	118	716
	<hr/> 887	<hr/> 861

19 Léasanna airgeadais

Bhí na muirir airgeadais a tabhaíodh le linn na bliana faoi na léasanna airgeadais cothrom le €3,086 (2004 - €8,825).

	2005 €'000	2004 €'000
Seo a leanas na hoibleagáidí todhchaíochta atá dlite faoi léasanna airgeadais:		
Laistigh de bhliain amháin	4	38
Laistigh de dhá bhliain nó cúig bliana	0	4
Tar éis cúig bliana	0	0
	<hr/> 4	<hr/> 42

Ag an 31 Nollaig 2005 ní raibh aon tiomantais ag Teagasc a bheith páirteach i léasanna airgeadais ar bith eile (2004 - dada).

	2005 €'000	2004 €'000
Seo a leanas an ghluaiseacht a bhí in oibleagáidí léasa airgeadais:		
Oibleagáidí an 1 Eanáir	42	148
Léasanna airgeadais nua	0	0
Gné chaipitiúil d'íocaíochtaí léasa airgeadais	(38)	(106)
	<hr/> 4	<hr/> 42

20 Tiomantais chaipitiúla

Bhí tiomantais chaipitiúla gan íoc ag an 31 Nollaig 2005 cothrom le €3,390,000 (2004 - €3,682,455).

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - AR LEAN

21 Léasanna oibriúcháin

Ag an 31 Nollaig 2005 ní raibh aon tiomantais bhliantúla ag Teagasc faoi léasanna oibriúcháin nach féidir a chealú, mar seo a leanas:

	Talamh agus foirgnimh €'000	Gléasra agus innealra €'000	Iomlán €'000
Léasanna atá ag dul in éag:			
Laistigh de bhliain amháin	19	88	107
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	139	60	199
Tar éis cúig bliana	119	0	119
	<u>277</u>	<u>148</u>	<u>425</u>

22 Anailís ar athruithe sna glanchistí i rith na bliana

	1 Eanáir 2005 €'000	Sreabhadh Airgid €'000	31 Nollaig 2005 €'000
Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh	12,184	(9,675)	2,509
Rótharraingt bhainc	(1,912)	1,853	(59)
Taiscí gearrthréimhseacha	449	237	686
Ag deireadh na bliana	<u>10,721</u>	<u>(7,585)</u>	<u>3,136</u>

23 Baill den Údarás – nochtadh idirbheart

Tá glactha ag an Údarás le nósanna imeachta de réir na dtreoirilínte atá eisithe ag an Roinn Airgeadais i ndáil le nochtadh úis ó bhaill den Údarás agus chloígh an tÚdarás leis na nósanna imeachta seo. Ní raibh idirbhearta ar bith i rith na bliana i ndáil le gníomhaíochtaí an Údaráis a raibh suim ag baill boird iontu.

24 Ceadú ráiteas airgeadais

Cheadaigh an tÚdarás na ráitis airgeadais ar an 7 Meitheamh 2006.

AGUISÍN I: GIORRÚCHÁIN SA TÉACS

ITBBÁ	Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh
IS	Inseamhnú Saorga
ABC	Aonaid Bhainistíochta Ceantair
CBT	Comhbheartas Talmhaíochta
cDNA	Aigéad Dí-Ocsairibeanúicléasach Comhlántach
CLA	Aigéad Líonoiléach Comhchuingeach
TR	Tomagrafaíocht Riomhaire
RTB	An Roinn Talmhaíochta agus Bia
DNA	Aigéad Dí-Ocsairibeanúicléasach
CCF	Clár um Chúnamh d'Fhostaithe
IPE	Innéacs Póraithe Eacnamaíoch
EPA	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
AE	An tAontas Eorpach
EU FADN	Líonra Sonraí Cuntasáíochta Feirme an Aontais Eorpaigh
EU RAIN	Líonra Faisnéise Anailíse Riosca an Aontais Eorpaigh
FETAC	Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna
FRL	Bia atá Bainteach le Stíl Bheatha
ÚSBÉ	Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann
AD	Acmhainní Daonna
ICBF	Irish Cattle Breeding Federation
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
SÁGÉ	Scéim um Áirithiú Gráinní na hÉireann
INRA	Institute National de la Recherche Agronomique
BCL	Bainistíocht Chomhtháite Lotnaidí
MAP	<i>Mycobacterium avium paratuberculosis</i>
ITBPM	Ionad Taighde Bia Pháirc Uí Mhórdha
N	Nítrigin
NDC	An Diagnóslann Náisiúnta
SPNF	Seirbhís na bPáirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
ÚCNÉ	Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann
P	Fosfar
PRCDB	Pointe Rialúcháin Chriticiúil um Dhearbhú Blastachta
CBFF	Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta
REPS	An Scéim um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe
ITET	Ionad Taighde Eacnamaíoch Tuaithe
RNA	Aigéad Ribeanúicléasach
RT-PCR	Trascriptáis Freaschuirthe-Imoibriú Slabhrúil Polaiméaráise
CCS	Comhaireamh Ceall Sómach
ÍFS	Íocaíocht Feirme Singile
SIIRTA	Sainiúil, Intomhaiste, Indéanta, Réalaíoch agus Teoranta ag Am
SME	Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide
CIB	Comhaireamh Iomlán Baictéarach
UCC	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
UCD	An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
TFF	Timpeallacht Foghlama Fíorúla
VTEC	<i>Escherichia coli</i> Véaratocsagaineach
WTO	An Eagraíocht Dhomhanda Trádála

AGUISÍN 2: TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA AGUS DUL CHUN CINN

SPRIOC 1: IOMAÍOCHAS AGUS NUÁIL I DTALMHAÍOCHT

Tacú le forbairt earnáil talmhaíochta iomaíche, nuálaíoch agus earnáil atá dírithe ar thomhaltóirí.

Uimhir	Gníomhaíocht Straitéiseach Seirbhís Chomhairleach	Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
1.1	Suas le 110 foireann comhairleach a ainmniú le dul i mbun sainghnó frontair agus cláir theicneolaíochta atá ag freastal ar thart ar 10,000 feirmeoir.	Líon comhairleoirí sa tseirbhís Gnó agus Teicneolaíochta.	Riachtanais chomhairleacha aitheanta.
1.2	Comhchlár thionscail phríomhshrutha, pléghrúpaí agus feirmeacha monatóireachta, mar aon le teagmháil chomhairleach feabhsaithe ar na cleachtais feirme is fearr sna hAonaid Bhainistíochta Ceantair uile agus ceantair do chlár chomhairleacha.	Líon comhchlár, feirmeacha monatóireachta, pléghrúpaí.	12 comhchlár déiríochta, 5 comhchlár stoic thirime; 100 feirm monatóireachta déiríochta, 40 feirm monatóireachta stoic thirim, 13 feirm monatóireachta curaíochta; 230 pléghrúpa déiríochta, 68 pléghrúpa eallai, 19 pléghrúpa caorach, 21 pléghrúpa curaíochta agus 9 bpléghrúpa fianna.
1.3	Córas faisnéise bainistíochta a úsáid, lena n-áirítear córas bainistíochta an Irish Cattle Breeding Federation (ICBF), monatóireacht ríomhbhrabúis agus pleanálaí rialú costais in úsáid ag thart ar 10,000 feirmeoir.	Líon cliant ag críochnú monatóireachtaí ríomhbhrabúis agus líon cliant cláraithe do láithreán faisnéise bainistíochta Theagasc/ICBF.	1,184 monatóireacht brabúis déiríochta, 303 monatóireacht brabúis eallai agus 109 monatóireacht brabúis chaorach; 3,200 feirmeoir déiríochta agus 2,000 feirmeoir diúil cláraithe le ICBF.
1.4	Cuspóirí Phlean Gnó na Seirbhíse Comhairlí a chur in iúl do chliant agus an pobal trí chéile trí shraith de 100 imeacht/gníomhaíocht.	Líon imeachtaí poiblí agus foilseachán.	198 siúlóid feirme le 8,028 duine ag freastal orthu; 1,813 cruinniú grúpa le 27,657 duine ag freastal orthu; 148 seimineár le 11,532 duine ag freastal orthu agus 13 lá oscailte/imeachtaí náisiúnta le 10,439 duine ag freastal orthu. Foilsíodh an iliomad alt agus tuarascálacha i bhfoilseachán Theagasc do chliant, Today's Farm, agus sna nuachtáin áitiúla agus náisiúnta. Cuireadh nuachtlitreacha míosúla le chéile do gach ceantar frontair.
1.5	Inniúlachtaí 5,000 feirmeoir a fhorbairt chun dea-chleachtas i leas ainmhithe, sláinteachas bia agus bithshlándáil a fhorbairt, rud atá riachtanach do thraschomhlíonadh AE.	Líon imeachtaí feasachta agus líon feirmeoirí a d'fhreastail orthu. Líon cúrsaí oiliúna a reáchtáladh. Líon cliant atá ag baint úsáide as láithreán Gréasáin Ar Líne Dearbhaithe Bia Theagasc.	D'fhreastail 12,600 feirmeoir ar 50 comhchruinniú poiblí idir Theagasc agus an Roinn Talmhaíochta agus Bia. D'fhreastail 1,244 duine ar chruinnithe Theagasc. Chríochnaigh 1,100 rannpháirtí cúrsaí modúil ar dhearbhu bia agus leas ainmhithe. D'fhéach 2,000 duine ar an láithreán Gréasáin dearbhaithe bia.
Oiliúint Feirmeoirí Aosach			
1.6	Raon cúrsaí dearbhaithe um oiliúint bhia a fhorbairt agus a chur ar fáil do tháirgeoirí príomhúla agus don tionscal bia.	Raon cúrsaí forbartha agus curtha ar fáil Líon rannpháirtithe Líon daoine a fuair dámhachtainí Leibhéal traschomhlíonta dearbhaithe bia	Féach ar 2.6.

AGUISÍN 2: TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA AGUS DUL CHUN CINN

SPRIOC 1: IOMAÍOCHAS AGUS NUÁIL I DTALMHAÍOCHT

Tacú le forbairt earnáil talmhaíochta iomaíche, nuálaíoch agus earnáil atá dírithe ar thomhaltóirí.

Uimhir	Gníomhaíocht Straitéiseach	Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
Forbairt Foraoiseachta/Gairneoireachta /Muc			
1.7	<i>Taighde Foraoiseachta:</i> Taighde a dhéanamh a mbeidh teicneolaíochtaí tanaithe, bainte agus margáíochta mar thoradh air a chabhróidh tacú le cleachtais foraoiseachta feirme atá inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de, inmharthana go heacnamaíoch agus inmhianaithe go sóisialta.	Cáilíocht agus cainníocht foilseachán agus tuarascálacha eolaíochta. Maoiniú iomaíoch faighte. Costas/buntáiste taighde bunaithe ar luacháil fhoirmiúil tionscadal agus clár.	1 póstaer, 3 chur i láthair, 1 tráchtas PhD. Tugadh maoiniú do 3 thionscadal. Glacadh na tuarascáil dheireanach ó 1 tionscadal mar aon 1 PhD.
1.8	<i>Comhairle/Oiliúint Foraoiseachta:</i> Forbairt foraoiseachta feirme a chur chun cinn agus tacú léi mar fhiontar feirme inmharthana agus inbhuanaithe.	Líon daoine a d'fhreastail ar shiúlóidí foraoiseachta feirme, cúrsaí oiliúna agus tráthnóna faisnéise foraoiseachta. Feabhas i gcaighdeán foraoisí feirme. Líon agus heicteáir feirme foraoise nua bunaithe go bliantúil. Leibhéal comhtháthaithe idir foraoiseacht Theagasc, REPS agus clár eile.	Líon daoine a d'fhreastail ar shiúlóidí feirme: 1,005; cúrsaí oiliúna: 590; cuir i láthair náisiúnta ar thanú: 750; cruinnithe faisnéise: 450. Tugadh comhairle do 1,188 úinéir talún maidir lena bplandálacha féin. Chuir thart ar 1,000 úinéir talún 10,050 heicteár in 2005. Fuair 4,218 duine a d'fhreastail ar chúrsaí REPS léargas ar fhoraoiseacht, fuair 810 duine a d'fhreastail ar chruinnithe Roghanna do Theaghlaigh Feirme léargas ar fhoraoiseacht agus fuair 1,300 mac léinn a bhí ag freastal ar chúrsaí FETAC 80- agus 100- uair oiliúint faoi fhoraoiseacht.
1.9	<i>Taighde Muc:</i> Clár taighde muc a dhéanamh a chuirfidh le hiomaíochas agus éifeachtacht ar leibhéal feirme, a fheabhsóidh caighdeán agus luach táirgí agus a laghdóidh droch-éifeacht ar bith ar an timpeallacht mar aon le leas muc i ndianchórais a chosaint.	Líon aschur taighde (páipéir eolaíochta mheasúnaithe, cuir i láthair comhdhála agus tuarascálacha eile). Treoirphleananna forbartha do dheachleachtas i mbainistíocht aonad táirgthe muc. Sonraí costais ó aonaid mhuc a chur le chéile d'fhonn tagarmharcáil inmheánach agus idirnáisiúnta a dhéanamh.	6 pháipéar measúnaithe, 12 cur i láthair comhdhála eolaíoch, 2 thuarascáil faoi thionscadal a críochnaíodh, 2 Thráchtas PhD, 1 Tráchtas MSc, 6 nuachtlitir theicniúla, 3 chomhdháil feirmeoirí, 8 gceardlann oiliúna. Treoirphleananna a ndearnadh cur síos orthu sna himeachtaí comhdhála muc. Anailís déanta ar chostais táirgthe do 110 aonad ag baint úsáide as PIGSYS.

AGUISÍN 2: TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA AGUS DUL CHUN CINN

SPRIOC 1: IOMAÍOCHAS AGUS NUÁIL I dTALMHAÍOCHT

Tacú le forbairt earnáil talmhaíochta iomaíche, nuálaíoch agus earnáil atá dírithe ar thomhaltóirí.

Uimhir	Gníomhaíocht Straitéiseach	Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
1.10	Taighde a dhéanamh ar ghlasraí, beacáin, torthaí agus stoc plandlainne ag baint úsáide as ionchuir íosta, CBBC (Córas Bainistíochta Barr Comhtháite) agus teicnící iomadaíthe chun plandaí sláintiúla agus táirgí ar ardchaighdeán a tháirgeadh.	Líon tuairiscí treoirphleananna forbartha. Leibhéal glactha sa tionscal. Líon saothróirí ag baint úsáide as CBBC. Líon tascanna taighde críochnaithe.	Cuireadh 1 treoirphlean faoi luach cothaitheach glasraí le chéile. Ghlac 300 táirgeoir tráchtála stoic phlandlainne, glasraí agus torthaí páirt ann. Tá 150 saothróir ag baint úsáide as CBBC. Críochnaíodh 4 thasc taighde.
1.11	Na seirbhísí foraoiseachta, muc agus gairneoireachta a athstruchtúrú go trí aonad forbartha nua, mar aon le comhairle, taighde agus oiliúint a chomhtháthú i struchtúir bhainistíochta singile faoi dheireadh 2005.	Líon foirne tráchtearraí bunaithe. Líon cliant ar conradh.	Bunaíodh 4 fhoireann tráchtearraí i ngairneoireacht (stoc plandlainne, beacáin, glasraí agus torthaí); 1 i bhforaoiseacht agus 1 i dtáirgeadh muc. 729 i ngairneoireacht (72% de na saothróirí tráchtála uile); 1,188 i bhforaoiseacht agus 205 i dtáirgeadh muc.
Oideachas agus Oiliúint			
1.12	Raon cúrsaí dearbhaithe cáilíochta ardoideachais agus oiliúna a fhorbairt agus a chur ar fáil do 800 fágálaí scoile gach bliain.	Raon cúrsaí forbartha agus curtha ar fáil. Líon rannpháirtithe. Líon daoine a fuair dámhachtainí.	Athbhreithniú agus forbairt leanúnach ar chlár reatha gairmoiliúna agus tríú leibhéal. Chríochnaigh 24 duine an tArd-Teastas nua i dTalmhaíocht – Bainistíocht Stoic Thirim, ar cuireadh tús leis i gColáiste Talmhaíochta an Ghoirtín in 2004. In 2005, rangaigh FETAC dámhachtainí gairmoiliúna uile Theagasc mar mhórdámhachtainí, dámhachtainí chun críche speisialta nó miondámhachtainí. Forbraíodh 2 leabhar saothair nua. Chláraigh 456 mac léinn ar chlár bhreisoiliúna do lucht fágála scoile agus bhí 2,640 duine ar fad páirteach iontu. Chláraigh 237 mac léinn ar chlár ardoiliúna do lucht fágála scoile agus bhí 670 duine ar fad páirteach iontu. Fuair 2,700 iarrthóir dámhachtainí FETAC.

AGUISÍN 2: TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA AGUS DUL CHUN CINN

SPRIOC 1: IOMAÍOCHAS AGUS NUÁIL I DTALMHAÍOCHT

Tacú le forbairt earnáil talmhaíochta iomaíche, nuálaíoch agus earnáil atá dírithe ar thomhaltóirí.

Uimhir	Gníomhaíocht Straitéiseach	Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
1.13	Oideachas agus oiliúint talmhaíochta a chur chun cinn agus gairmthreoir fheiliúnach a chur ar fáil.	Líon rannpháirtithe. Líon imeachtaí gairme. Líon daoine a d'fhreastail ar imeachtaí gairme. Leibhéal comhlíonta le beartas Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann faoi rochtain, aistriú agus dul chun cinn.	Chláraigh 3,087 duine do chúrsaí breisoideachais agus chláraigh 670 duine do chúrsaí ardleibhéal. Reáchtáladh 15 imeacht gairme in ocht gcoláiste. 2,200. Aontáíodh ar Chóras Dearbhaithe Caighdeáin Theagasc le FETAC. Áiríonn sé seo beartais ar rochtain, aistriú agus dul chun cinn.
1.14	An 40 moladh a rinne an Fóram Athbhreithnithe ar Sholáthar Oideachais agus Oilíuna Theagasc a chur i bhfeidhm faoi dheireadh 2006.	Céatadán de mholtaí an Fhóraithe Athbhreithnithe curtha i bhfeidhm.	Cuireadh 17 as an 40 moladh i bhfeidhm in 2005.
Taighde Talmhaíochta			
1.15	Tús a chur le 55 tionscadal taighde agus iad a chur i bhfeidhm (25 bliain eolaí) ar mhaithe le teicneolaíochtaí agus córais nua faisnéise a bhunú le tacú le hiomaíochas na hearnála beostoic.	Céatadán tionscadal taighde a críochnaíodh go sásúil. Líon foilseachán agus tuarascálacha eolaíoch. Líon treoirphleananna forbartha.	Críochnaíodh 12 tionscadal ón gclár leanúnach in 2005. Cuireadh 30 páipéar eolaíoch le chéile. Cuireadh 820 foilseachán teicniúil agus mórélímh le chéile. Cuireadh 4 threoirphlean nua le chéile.
1.16	Tús a chur le 20 tionscadal taighde agus iad a chur i bhfeidhm (10 mbliana eolaíoch) ar mhaithe le heolas nua a bhunú agus teicneolaíochtaí agus córais a fhorbairt le tacú le hiomaíochas na mbarr curaíochta d'úsáidí mar bhia agus fuinneamh.	Céatadán de thionscadail taighde a críochnaíodh go sásúil. Líon foilseachán agus tuarascálacha eolaíoch. Líon paitinní agus cearta póraitheoirí. Líon treoirphleananna forbartha.	Cuireadh 4 tionscadal taighde ón gclár leanúnach i bhfeidhm go sásúil. Cuireadh 14 foilseachán eolaíoch le chéile, 71 tuarascáil teicniúil agus mórélímh le chéile. Cuireadh 2 chineál práta nua ar Liosta Náisiúnta na hÉireann. Dada.

AGUISÍN 2: TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA AGUS DUL CHUN CINN

SPRIOC 1: IOMAÍOCHAS AGUS NUÁIL I DTALMHAÍOCHT

Tacú le forbairt earnáil talmhaíochta iomaíche, nuálaíoch agus earnáil atá dírithe ar thomhaltóirí

Uimhir	Gníomhaíocht Straitéiseach	Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
1.17	Tús a chur le 11 tionscadal taighde (7 mbliana eolaíoch) ar mhaithe le húsáid a bhaint as forbairtí sna heolaíochtaí bitheacha d'fhonn cur le hiomaíochas agus nuáil san earnáil talmhaíochta.	Céatadán de thionscadail taighde a críochnaíodh go sásúil. Líon foilseachán agus tuarascálacha eolaíoch.	Críochnaíodh tionscadal taighde amháin go sásúil in 2005. Cuireadh 14 foilseachán eolaíoch le chéile, mar aon le 20 tuarascáil teicniúil agus móréilimh.
1.18	Eolas nua a chruthú (19 tionscadal ag baint úsáide as 6 bliana eolaí) a cheadóidh anailís agus réamh-mheas na n-éifeachtaí a bheidh ag athruithe iarbhir agus molta ar mhargaí agus beartais ar leibhéal náisiúnta, earnála, feirme agus teaghlaigh agus comhairle taighde-bhunaithe a sholáthar do dhéantóirí beartais faoi fhorbairt roghanna beartais nua.	Céatadán tionscadal taighde a críochnaíodh go sásúil. Líon foilseachán agus tuarascálacha eolaíoch. Líon seisiún eolais do cheannairí gnó agus lucht déanta beartais.	Críochnaíodh 9 dtionscadal go sásúil in 2005. 8 bpáipéar measúnaithe agus 1 tuarascáil náisiúnta. Ullmhaíodh roinnt tuarascálacha faisnéise do pháirtithe leasmhara: <ul style="list-style-type: none"> • Buntáistí barr géinathraithe; • Tionchar WTO ar thalmhaíocht in Éirinn; • Tionchar leasú trádála ar tháscairí ilfheidhmiúlachta; • Ionchur i múnla astaíochtaí amóinia EU RAIN (Líonra Faisnéise Bainistíochta Riosca an Aontais Eorpaigh); • Tuarascáil ar iomaíochas idirnáisiúnta táirgthe déiríochta; agus • Impleachtaí scaradh íocaíochtaí díreacha ar threo CBT amach anseo.
1.19	Suirbhé bliantúil a dhéanamh ar fheirmeacha in Éirinn (3 bliana eolaí) d'fhonn comparáid a dhéanamh idir anailís fiontair laistigh d'Éirinn agus comparáid a dhéanamh idir fheirmeacha Éireannacha agus ballstáit AE eile.	Tuarascálacha suirbhé An méid úsáide atá á baint ag Teagasc agus eagraíochtaí eile as sonraí suirbhé chun anailísí eacnamaíochta a dhéanamh ar fheidhmíocht chomparáideach feirmeacha agus fiontar feirme. Líon seisiún eolais faoi thalmhaíocht in Éirinn d'fheirmeoirí, ceannairí gnó agus lucht déanta beartais.	Sonraí airgeadais agus bainistíochta bailithe agus anailís déanta orthu (1,242 feirm) mar chuid den Suirbhé Feirme Náisiúnta (SFN). Críochnaíodh suirbhé teaghlaigh An Phríomh-Oifig Staidrimh ar shampla d'fheirmeacha SFN. Cuireadh faisnéis faoi dhul chun cinn feirmeoireacht in Éirinn ar fáil do EU FADN (Líonra Sonraí Cuntasaíochta Feirme an Aontais Eorpaigh). Bhain eacnamaithe talmhaíochta a lán úsáide as bunachar sonraí SFN. Tugtar torthaí SFN do pháirtithe leasmhara ar bhonn bliantúil.

AGUISÍN 2: TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA AGUS DUL CHUN CINN

SPRIOC 1: IOMAÍOCHAS AGUS NUÁIL I DTALMHAÍOCHT

Tacú le forbairt earnáil talmhaíochta iomaíche, nuálaíoch agus earnáil atá dírithe ar thomhaltóirí

Uimhir	Gníomhaíocht Straitéiseach	Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
1.20	Clár réamhghníomhach aistrithe teicneolaíochta a dhéanamh ó thaighde do dtí an tSeirbhís Chomhairleach agus don tionscal (5 bliana eolaí).	<p>Líon seisiún eolais faoi thalmhaíocht in Éirinn Líon cúrsaí oiliúna a cuireadh ar fáil do chomhairleoirí.</p> <p>Líon laethanta oscailte, ceardlann agus siompóisiamáí don tionscal.</p> <p>Líon foilseachán móréilimh agus irisí coimriúcháin teicniúla.</p> <p>Líon tuarascálacha cinn thionscadal.</p>	<p>Reáchtáladh 9 gcúrsa oiliúna do chomhairleoirí in 2005.</p> <p>Reáchtáladh 10 lá oscailte mar aon le 15 ceardlann agus siompóisiam don tionscal.</p> <p>Cuireadh 500 foilseachán teicniúil agus móréilimh le chéile.</p> <p>Cuireadh 17 tuarascáil cinn bhliana le chéile.</p>

AGUISÍN 2: TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA AGUS DUL CHUN CINN

SPRIOC 2: IOMAÍOCHAS, NUÁIL, SÁBHÁILTEACHT AGUS CAIGHDEÁN BIA

Tacú le forbairt earnáil bia atá dírithe ar an margadh, atá iomaíoch agus nuálaíoch agus earnáil a chomhlíonann na caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta is airde, go háirithe san 'earnáil bianna ar mhaithe le sláinte' atá ag forbairt.

Uimhir	Gníomhaíocht Straitéiseach Taighde Bia	Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
2.1	Tús a chur le agus tionscadail taighde a sheachadadh d'fhonn tacú le caighdeán agus nuáil táirgí sa tionscal bia Éireannaigh.	Céatadán de thionscadail taighde ainmnithe críochnaithe go sásúil. Cáilíocht agus cainníocht foilseachán agus tuarascálacha eolaíoch.	100%: Críochnaíodh 10 dtriail feidhmiúcháin; cuireadh 20 táirge/próiseas ar tairiscint don tionscal; 13 táirge/próiseas déanta ag an tionscal. 49 foilseachán eolaíoch measúnaithe. 117 foilseachán eile.
2.2	Tús a chur le agus tionscadail taighde a sheachadadh d'fhonn úsáid a bhaint as forbairtí i dteicneolaíocht agus sna heolaíochtaí bitheacha ar mhaithe le nuáil i mbianna feidhmiúla a chur chun cinn.	Líon paitinní. Líon trialacha feidhmiúcháin/bailíochtaíthe píolótacha monarchan críochnaithe go sásúil.	1 paitinn sna heolaíochtaí bitheacha. 53 triail feidhmiúcháin.
2.3	Tús a chur le agus tionscadail taighde a dhéanamh chun tuiscint a sholáthar ar éileamh tomhaltóirí agus ceanglais chustaiméirí d'fhonn treoir a sholáthar do nuáil agus iomaíochas.	Líon táirgí/próiseas curtha ar tairiscint don tionscal. Méid maoinithe iomaíoch faighte. Líon foilseachán teicniúil agus eolaíoch agus tuarascálacha.	Dada. €80,000. 8 bhfoilseachán eolaíoch measúnaithe, 20 foilseachán eile.
2.4	Tús a chur le agus tionscadail taighde a sheachadadh faoi shábháilteacht mhicribhitheolaíoch agus cheimiceach táirgí bia Éireannacha.	Méid maoinithe tionscail a fuarthas. Líon foilseachán teicniúil agus eolaíoch agus tuarascálacha.	€110,000 taighde coimisiúnaithe ag an tionscal. 40 foilseachán eolaíoch measúnaithe, 96 foilseachán eile.
2.5	Clár réamhghníomhach a dhéanamh ar aistriú teicneolaíochta agus comhairle do chuideachtaí bia Éireannacha agus comhlachtaí rialála.	Méid taighde coimisiúnaithe ag an tionscal a bhfuil sonraisc curtha ina leith. Líon laethanta oscailte, ceardlann agus siompóisiamaí don tionscal. Glacadh le taighde i gcomparáid le gníomhaíocht tráchtála leanúnaí. Líon táirgí i dtástáil margaidh an tionscail. Líon SME bia ar tugadh cabhair dóibh.	€780,000. 7. 13 táirge/próiseas déanta ag an tionscal. 90. 45.

AGUISÍN 2: TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA AGUS DUL CHUN CINN

SPRIOC 2: IOMAÍOCHAS, NUÁIL, SÁBHÁILTEACHT AGUS CAIGHDEÁN BIA

Tacú le forbairt earnáil bia atá dírithe ar an margadh, atá iomaíoch agus nuálaíoch agus earnáil a chomhlíonann na caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta is airde, go háirithe san 'earnáil bianna ar mhaithe le sláinte' atá ag forbairt.

Uimhir	Gníomhaíocht Straitéiseach Oiliúint agus Comhairleacht Bia	Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
2.6	Cúrsaí oideachais agus oiliúna atá creidiúnaithe go náisiúnta a fhorbairt agus a sholáthar don earnáil bia agus comhlachtaí rialála.	Méid seirbhísí ar cuireadh sonraisc ina leith. Líon cúrsaí oiliúna nua creidiúnaithe go náisiúnta. Líon cúrsaí a réachtáladh. Líon daoine a d'fhreastail ar chúrsaí. Aiseolas ó chustaiméirí.	€745,000. 4. 114. 1,625. Dúirt 97% de na freagróirí gur baineadh cuspóirí cúrsaí amach.
2.7	Sainseirbhísí anailíseacha agus comhairleachta a sholáthar le tacú le sábháilteacht, iomaíochas agus nuáil bia.	Méid seirbhísí ar cuireadh sonraisc ina leith.	€430,000.

AGUISÍN 2: TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA AGUS DUL CHUN CINN

SPRIOC 3: CÓRAIS INBHUANAITHE TALMHAÍOCHTA

Córais talmhaíochta agus táirgthe bia atá inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta, leasa ainmhithe, sábháilteachta saothair agus timpeallachta oibre a fhorbairt.

Uimhir	Gníomhaíocht Straitéiseach Seirbhís Chomhairleach	Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
3.1	Seirbhís pleanála REPS a sholáthar do 20,000 feirmeoir.	Líon cliant Theagasc atá páirteach sa chlár REPS.	19,800 rannpháirtí.
3.2	Pleanáil bainistíochta cothaitheach agus seirbhísí pleanála dramháola feirme a sheachadadh do 500 feirmeoir d'fhonn tacú le feirmeoireacht inbhuanaithe agus traschomhlíonadh.	Líon plean bainistíochta cothaitheach agus plean bainistíochta dramháola feirme críochnaithe.	1,050 plean bainistíochta dramháola feirme críochnaithe.
3.3	Cur leis an tuiscint atá ag feirmeoirí ar riachtanais agus dea-chleachtas i leith sábháilteachta feirme i measc 6,000 rannpháirtí REPS, 1,200 feirmeoir tráchtála agus 3,000 feirmeoir eile.	Líon rannpháirtithe i gcúrsaí sláinte agus sábháilteachta agus líon gníomhaíochtaí feasachta a reáchtáladh.	<p>Chríochnaigh 131 aosach cúrsaí sláinte agus sábháilteachta.</p> <p>Áiríodh sláinte agus sábháilteacht mar chomhchuid de chúrsaí do 5,400 feirmeoir.</p> <p>D'áirigh cúrsaí uile gairmoiliúna agus tríú leibhéal Theagasc ceanglais reachtúla agus dea-chleachtas i ndáil le sábháilteacht cheirde.</p> <p>D'fhreastail 4,350 duine óg agus feirmeoir aosach ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta Theagasc.</p> <p>D'eagraigh nó bhí Teagasc páirteach i 62 imeacht feasachta sláinte agus sábháilteachta d'fheirmeoirí.</p> <p>Bhí modúil Sláinte agus Sábháilteachta san áireamh i 133 cúrsa REPS, imeachtaí ar fhreastal 3,701 feirmeoir orthu.</p>
Oideachas agus Oiliúint			
3.4	A chinntiú go bhfuil raon modúl creidiúnaithe faoi thraschomhlíonadh lena n-áirítear an timpeallacht, leas ainmhithe agus sláinte agus sábháilteacht cheirde ar fáil d'iontrálaithe óga agus feirmeoirí aosacha.	<p>Raon clár a cuireadh ar fáil.</p> <p>Líon rannpháirtithe.</p> <p>Líon daoine a fuair dámhachtainí.</p> <p>Leibhéal traschomhlíonta a bhaineann leis an timpeallacht, leas ainmhithe agus sláinte agus sábháilteacht cheirde.</p>	<p>Cuireann cúrsaí uile gairmoiliúna agus tríú leibhéal Theagasc cleachtas feirmeoireachta inbhuanaithe chun cinn agus áiríonn siad modúl ar fheirmeoireacht agus an timpeallacht. Cuireann na cúrsaí talmhaíochta uile dea-chleachtas i ndáil le leas ainmhithe chun cinn.</p> <p>Chríochnaigh 4,218 aosach cláir oiliúna REPS.</p> <p>Fuair 4,092 duine dámhachtainí.</p>

AGUISÍN 2: TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA AGUS DUL CHUN CINN

SPRIOC 3: CÓRAIS INBHUANAITHE TALMHAÍOCHTA

Córais talmhaíochta agus táirgthe bia atá inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta, leasa ainmhithe, sábháilteachta saothair agus timpeallachta oibre a fhorbairt.

Uimhir	Gníomhaíocht Straitéiseach Taighde Talmhaíochta	Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
3.5	Eolas nua a bhunú a chabhróidh le tacaíocht a thabhairt do chleachtais táirgthe talmhaíochta inbhuanaithe agus an timpeallacht tuaithe a chosaint (18 tionscadal taighde ag baint úsáide as 13 bliain eolaí).	<p>Céatadán tionscadal taighde a críochnaíodh go sásúil.</p> <p>Líon foilseachán agus tuarascálacha eolaíoch.</p> <p>Rannpháirtíocht i dtaighde mar fheabhsúithe ar leas ainmhithe.</p> <p>Treoirphleananna forbartha nua.</p> <p>Céatadán tionscadal taighde maoinithe go hiomaíoch.</p> <p>Líon páipéar beartais forbartha agus aistriithe do lucht déanta beartais.</p>	<p>Cuireadh tús le 12 tionscadal nua, tá 11 tionscadal ar siúl go leanúnach agus críochnaíodh 7 dtionscadal go sásúil.</p> <p>9 bhfoilseachán eolaíoch measúnaithe, 3 thuarascáil náisiúnta, 24 thuarascáil teicniúil.</p> <p>Tá laghdú ag teacht ar úsáid leasacháin P go náisiúnta agus tá sé seo ar cheann de na cúiseanna leis an bhfeabhas i gcaighdeáin uiscí dromchla in Éirinn, feabhas atá tugtha faoi dearach ag an nGníomhaireacht um Chosaint Chomhsaoil. Thaispeáin suirbhéanna go bhfuil gaol gairid idir an úsáid a bhaintear as N i dtalmhaíocht agus rátaí atá molta ag Teagasc do thalamh féaraigh agus barra. Tá tionchar tairbheach ag na fachtóirí seo ar an timpeallacht, agus ní chuireann siad isteach ar tháirgeadh.</p> <p>Dada in 2005.</p> <p>Mhaoinigh an Ciste Spreagtha (An Roinn Talmhaíochta agus Bia) 2 thionscadal agus mhaoinigh an EPA ceithre thionscadal. Muirir anailíse a mhaoiníonn an tsaotharlann.</p> <p>Luaigh lucht déanta beartais 2 pháipéar faoi bhithéagsúlacht a d'fhéadfaí a mheas.</p> <p>Glacadh le comhairle chothaitheach Theagasc do thalamh féaraigh agus barra nuair a bhí beartas REPS á fhoirmlíú agus i mbeartas a bhaineann le Clár Gnímh Náisiúnta na Treorach Níotráití.</p>
3.6	Taighde a dhéanamh a chabhróidh tacú le leas ainmhithe (5 thionscadal taighde ag baint úsáide as 2 bhliain eolaí).	<p>Céatadán tionscadal taighde a críochnaíodh go sásúil.</p> <p>Líon foilseachán agus tuarascálacha eolaíoch.</p> <p>Rannpháirtíocht i dtaighde mar fheabhsúithe ar leas ainmhithe.</p> <p>Céatadán tionscadal taighde maoinithe go hiomaíoch.</p> <p>Líon páipéar beartais forbartha agus aistriithe do lucht déanta beartais.</p>	<p>Tá 4 thionscadal ar siúl faoi láthair.</p> <p>3 fhoilseachán eolaíoch agus 5 fhoilseachán theicniúla.</p> <p>Ionchur eolaíoch ó Rialtas na hÉireann ar leas ainmhithe i dtionscnaimh iompair ainmhithe.</p> <p>Dada in 2005.</p> <p>Forbraíodh 2 pháipéar agus aistriúid chuig lucht déanta beartais iad.</p>

AGUISÍN 2: TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA AGUS DUL CHUN CINN

SPRIOC 3: CÓRAIS INBHUANAITHE TALMHAÍOCHTA

Córais talmhaíochta agus táirgthe bia atá inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta, leasa ainmhithe, sábháilteachta saothair agus timpeallachta oibre a fhorbairt.

Uimhir	Gníomhaíocht Straitéiseach	Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
3.7	Straitéisí a fhorbairt a chabhróidh le feabhas a chur ar tháirgiúlacht saothair agus coinníollacha oibre ar fheirmeacha (2 thionscadal ag baint úsáide as bliain eolaí amháin).	<p>Céatadán tionscadal taighde a críochnaíodh go sásúil.</p> <p>Líon foilseachán agus tuarascálacha eolaíochta.</p> <p>Líon treoirphleananna forbartha.</p>	<p>Críochnaíodh tionscadal amháin in 2005.</p> <p>3 chaibidil i leabhair. Páipéar amháin in imeachtaí comhdhála.</p> <p>2 thuarascáil theicniúla. Cuireadh CD-Rom amháin le chéile faoi úsáid saothair ar fheirmeacha Éireannacha.</p>
3.8	Clár réamhghníomhach a dhéanamh faoi aistriú teicneolaíochta idir taighde agus an tSeirbhís Chomhairleach agus an tionscal.	<p>Líon cúrsaí oiliúna a cuireadh ar fáil do chomhairleoirí.</p> <p>Líon laethanta oscailte, ceardlann agus siompóisiamáí don tionscal.</p> <p>Aiseolas ón tionscal.</p> <p>Líon foilseachán móréilimh agus irisí coimriúcháin teicniúla.</p> <p>Líon tuarascálacha cinn thionscadal.</p>	<p>Eagraíodh 3 chúrsa oiliúna inseirbhíse do chomhairleoirí faoi cheisteanna agraithimpeallachta agus úsáid leasacháin. Eagraíodh cúrsa Ard-Diplóma i gCaomhnú agus Bainistíocht na Timpeallachta Tuaithe freisin.</p> <p>Reáchtáladh 1 mionlá oscailte i gCaisleán Bhaile Sheonach agus eagraíodh 4 cheardlann agus siompóisiam d'údarais áitiúla, EPA agus baill foirne ollscoile a bhfuil baint acu leis an timpeallacht.</p> <p>Bhain an príomh-ionchur leis an Treoir Níotráití.</p> <p>Cuireadh 55 foilseachán teicniúil agus móréilimh le chéile.</p> <p>Chuir Caisleán Bhaile Sheonach 8 dtuarascáil cinn bhliana ar fáil in 2005.</p>
3.9	Seirbhísí teicneolaíochta agus anailíseacha a sholáthar don tionscal agraibhia agus úsáideoirí eile.	<p>Raon seirbhísí a cuireadh ar fáil.</p> <p>Aisghabháil costais ó úsáideoirí seirbhíse.</p>	<p>De bharr easpa foirne, laghdaíodh scóip na seirbhíse a bhí á cur ar fáil ag na saotharlanna anailíseacha chun anailís ithreach agus barr a sholáthar do chomhairleoirí agus anailís ithreach a sholáthar don tionscal amháin. Cuireadh seirbhísí anailíse uisce ar fáil d'fhoirne taighde.</p> <p>Bhí aisghabháil costais ón tionscal thar barr. Sholáthair anailís de 44,000 sampla ithreach ioncam €570,000 don tsaotharlann mar aon le €455,000 breise don tSeirbhís Chomhairleach.</p>

AGUISÍN 2: TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA AGUS DUL CHUN CINN

SPRIOC 4: INMHARTHANACHT TUAITHE

Forbairt geilleagair agus socháí tuaithe bríomhaire a chur chun cinn agus bonn eolais eolaíoch fóna a sholáthar d'fhorbairt beartais agraibhia.

Uimhir	Gníomhaíocht Straitéiseach Seirbhís Chomhairleach	Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
4.1	Cumas 15,000 teaghlach feirme a fhorbairt chun athrú a choigeartú.	Líon rannpháirtithe sa Chlár Anailíse Roghanna.	Tá 2,538 duine ag glacadh páirte sa Chlár Roghanna. Ullmháíodh 1,562 plean gnímh. D'aontaigh 789 duine fostaíocht a lorg nó seirbhís a sholáthar.
4.2	Inniúlachtaí a thabhairt do 500 teaghlach feirme chun leas a bhaint as deiseanna éagsúlaithe agus fiontair fhorlíonacha eile.	Líon feirmeoirí atá ag freastal ar oiliúint ar fhiontair fhorlíonacha mar aon leis an bpoitéinseal atá acu ioncam a thuilleamh.	Chríochnaigh 961 aosach modúil inmharthanachta tuaithe.
4.3	Rochtain éasca a sholáthar do os cionn 1,000 feirmeoir páirtaimseartha ar imeachtaí grúpa na Seirbhíse Comhairlí.	Líon imeachtaí/cúrsaí curtha ar fáil lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre.	Reáchtáladh 30% d'imeachtaí poiblí na Seirbhíse Comhairlí agus 25% de chúrsaí lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre.
Oiliúint Feirmeoirí Aosach			
4.4	Cúrsaí oiliúna a fhorbairt agus a sheachadadh d'fhonn riachtanais feirmeoirí agus oibríthe páirtaimseartha a bhaint amach.	Raon cúrsaí forbartha agus curtha ar fáil. Líon rannpháirtithe i gcúrsaí ríomhfhoghlama. Líon daoine a fuair dámhachtainí.	Sholáthair an tSeirbhís Chomhairleach meascán de laethanta oscailte, gearrchúrsaí, cúrsaí 25 uair, cúrsaí 50 uair, seimineáir agus pléghrúpaí a áiríonn réimsí ilghnéitheacha, lena n-áirítear: feirmeoireacht orgánach, turasóireacht tuaithe, pleanáil ghnó, éanlaithe clóis saor-raoin, táirgeadh capall rásaíochta, táirgeadh gabhar agus fianna, agus d'fhreastail os cionn 3,004 duine ar na himeachtaí seo. I rith 2005, chuir an Ríomhcholáiste leis an méid a bhí á chur ar fáil aige agus bunaíodh é mar choláiste ann féin i mí Mheán Fómhair 2005. Moladh in Athbhreithniú an Ghrúpa Chomhairligh um Oideachas agus Oiliúint gur cheart leasuithe a dhéanamh don Teastas Gairmoiliúna i dTalmhaíocht chun seachadadh d'fheirmeoirí páirtaimseartha a éascú. Chríochnaigh 161 rannpháirtí an cúrsa 100 uair ar líne. Chríochnaigh 127 rannpháirtí an cúrsa 80 uair ar líne. Ghlac 10 bhfeirmeoir páirt i bpléghrúpa ar líne. Cuireadh an Teastas Gairmoiliúna i dTalmhaíocht ar fáil d'fheirmeoirí páirtaimseartha i 14 ionad, agus ghlac 108 feirmeoir páirt i 4 chlár nua, rud a chiallaigh go raibh 447 feirmeoir ar fad páirteach ann.

AGUISÍN 2: TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA AGUS DUL CHUN CINN

SPRIOC 4: INMHARTHANACHT TUAITHE

Forbairt geilleagair agus sochaí tuaithe bríomhaire a chur chun cinn agus bonn eolais eolaíoch fóna a sholáthar d'fhorbairt beartais agraibhia.

Uimhir	Gníomhaíocht Straitéiseach	Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
4.5	Deiseanna éagsúlaithe a chur chun cinn agus tacú leo d'fheirmeoirí, capaill rásaíochta, feirmeoireacht orgánach agus fiontair fhorlíonacha eile san áireamh.	Líon daoine a d'fhreastail ar chúrsaí oiliúna nó a fuair meantóireacht. Rannpháirtíocht i bhfiontair fhorlíonacha.	Chríochnaigh 234 aosach modúil fiontair roghnacha. Ghlac 142 duine páirt i bhfiontair mhalartacha.
4.6	Deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil do theaghlach feirme agus daoine a bhfuil cónaí orthu faoin tuath a chur chun cinn agus a éascú.	Raon cúrsaí oiliúna forbartha agus curtha ar fáil. Líon rannpháirtithe. Líon daoine ar Chóras na gComhaltaí Breise agus líon daoine a fuair dámhachtainí.	I measc na gcúrsaí bhí: teicneolaíocht agus gnó, inmharthanacht tuaithe, sábháilteacht feirme, fiontair mhalartacha, timpeallacht/REPS, cúrsaí 100 uair agus 80 uair, cúrsaí Ríomhcholáiste 100 uair agus 80 uair, foraoiseacht, teicneolaíocht faisnéise agus úsáid shábháilte lotnaidí. Chríochnaigh 8,884 aosach modúil. Bronnadh teastais FETAC ar 5,782 aosach.
Taighde ar Fhorbairt Tuaithe			
4.7	Taighde a dhéanamh (9 dtionscadal ag baint úsáide as 4 bliana eolaí) a chuirfidh bonn eolais straitéisigh ar fáil le tacú le hinmharthanacht leanúnach ceantar tuaithe agus a thacóidh le bunú malairt fiontar agus deiseanna fostaíochta do cheantair tuaithe.	Céatadán tionscadal taighde a críochnaíodh go sásúil. Líon foilseachán agus tuarascálacha eolaíochta. Méid maoinithe iomaíoch faighte. Líon roghanna beartais forbartha agus aistriithe do lucht déanta beartais.	Tá 6 thionscadal ar siúl faoi láthair. Cleachtadh fadbhreathnaitheachta déanta maidir le todhchaí na tuaithe Éireannáí. Doiciméadú geografach de chórais feirme in Éirinn curtha le chéile. Tionscadail nua ullmhaithe do mhaoiniú Taighde Spreagtha (An Roinn Talmhaíochta agus Bia). Tá tionscadail fós ar siúl, agus críochnaíodh tuilleadh in 2005.

AGUISÍN 2: TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA AGUS DUL CHUN CINN

SPRIOC 5: CUMAIS OIBRIÚCHÁIN AGUS NUACHÓIRIÚ

Acmhainní daonna agus fisiceacha mar aon le cumais oibríúcháin na heagraíochta a fhorbairt d'fhonn seachadadh seirbhísí ar ardchaighdeán do chustaiméirí Theagasc a chinntiú agus ag an am céanna beartas Rialtais maidir le nuachóiriú seirbhíse agus rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm.

Uimhir	Gníomhaíocht Straitéiseach	Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
5.1	Leanúint leis an Straitéis Acmhainní Daonna a chur i bhfeidhm	<p>An lámhleabhar Foirne a chur le chéile faoi lár 2005.</p> <p>Próifílí inniúlachta a fhorbairt do na príomhréimsí fostaíochta faoi lár 2006.</p> <p>Beidh na boird agallaimh uile a bheidh ag súi i ndiaidh Eanáir 2006 oile go hiomlán i measúnacht inniúlachta.</p> <p>Clár cúnamh fostaithe i bhfeidhm faoi dheireadh 2005.</p> <p>Monatóireacht agus tuairisciú ráithiúil ar phríomhshonraí comhionannais faoi dheireadh 2005.</p>	<p>An lámhleabhar críochnaithe agus curtha faoi bhráid an Choiste Comhpháirtíochta.</p> <p>Grúpa Stiúrtha bunaithe. Tairiscint do chomhairleacht eisithe.</p> <p>Cur chuige oiliúna aontaithe. Taighde críochnaithe, ábhair ullmhaithe, cúrsa réidh le seachadadh in 2006.</p> <p>Tairiscint eisithe, soláthróir roghnaithe agus tús curtha leis i mí Dheireadh Fómhair 2005.</p> <p>Coiste Comhionannais bunaithe le dul i mbun oibre.</p>
5.2	Cur chuige comhpháirtíochta a bhunú d'fhonn teacht ar chomhaontú foirne/bainistíochta faoi shaincheisteanna eagraíochtúla.	Leanúint le feidmiú rathúil Coiste Comhpháirtíochta Náisiúnta gníomhaí.	<p>Oifigeach Comhpháirtíochta ceaptha. Coiste Comhpháirtíochta oile. Cruinnithe rialta, 9 bhfoghrúpa.</p> <p>Plean Gnímh curtha chun cinn. Cumarsáid chuimsitheach.</p>
5.3	Tabhair faoi chlár feabhais phróisis ghnó AD agus córas Teicneolaíochta Faisnéise Acmhainní Daonna (TFAD) a fhorbairt.	<p>Críochnú le hanailís ar phríomhphróisis ghnó agus riachtanais ghnó mhionsonraithe a aithint a chuirfidh le hullmhú cuireadh chun tairiscint a dhéanamh faoi dheireadh 2005.</p> <p>Go néireodh go breá le comhtháthú próiseas gnó feabhsaithe sa chóras TFAD de réir mar atá na gcéimeanna éagsúla á gcur i bhfeidhm i rith 2006 agus 2007.</p>	<p>Bainisteoir Tionscadail ceaptha. Staidéar Feabhsaithe Próisis Ghnó déanta le tacaíocht ó chomhairleoirí seachtracha, PricewaterhouseCoopers.</p> <p>Cur síos déanta ar phríomhtháirgí insoláthartha agus an próiseas a bheidh ann amach anseo míniú.</p> <p>Cás Gnó críochnaithe. Sonraíochtaí mionsonraithe críochnaithe, cuireadh chun tairisceana eisithe, tairiscintí faighte agus an próiseas luachála curtha chun cinn.</p> <p>Próiseas earcaíochta athbheithnithe, tuairisc gníomhaíochta curtha i bhfeidhm, bunachar sonraí conartha agus incriminte bunaithe agus dul chun cinn déanta in a lán réimsí eile.</p>

AGUISÍN 2: TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA AGUS DUL CHUN CINN SPRIOC 5: CUMAIS OIBRIÚCHÁIN AGUS NUACHÓIRIÚ

Acmhainní daonna agus fisiceacha mar aon le cumais oibriúcháin na heagraíochta a fhorbairt d'fhonn seachadadh seirbhísí ar ardchaighdeán do chustaiméirí Theagasc a chinntiú agus ag an am céanna beartas Rialtais maidir le nuachóiriú seirbhíse agus rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm.

Uimhir	Gníomhaíocht Straitéiseach	Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
5.4	An clár oibre nuachóiriúcháin curtha chun cinn trí chomhaontú ar Phleananna Gnímh faoi Ag Cothabháil an Dul Chun Cinn	Pleananna a chur i bhfeidhm, tuairiscí a chríochnú agus bailíochtú sásúil faoi na spriocdhátaí. Cruinniú rialta grúpa na gearrchumann agus faisnéis a thabhairt do bhainisteoirí.	Críochnaíodh céimeanna a 4 agus a 5 de Ag Cothabháil an Dul Chun Cinn agus rinneadh athbheithniú ar Phleananna Gnímh d'fhonn nuáil a spreagadh i gcomhthéacs an chéad chomhaontú náisiúnta eile. Reáchtáladh na cruinnithe a bhí beartaithe.
5.5	An córas airgeadais Integra a uasghrádú agus úsáid níos fearr a bhaint as an gcóras i mbainistíocht na heagraíochta.	Uasghrádaíodh an córas cuntasaíochta go Integra 3 faoi dheireadh 2007. Nuachóiríodh an córas párolla i gcomhar leis an gcóras nua TFAD faoi dheireadh 2006.	Bhí sé beartaithe tarlú le linn 2006. Fáiltíodh roimh thairiscintí agus tá luacháil á déanamh ar na tairiscintí faoi láthair.
5.6	Rialacháin agus treoracha Rialachais Corparáideacha a chur i bhfeidhm.	Tuairiscí sásúla ó C&AG faoin leibhéal comhlíonta. Tuairisceáin déanta in am gach bliain faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí. Chomh mór agus atá clár d'iniúchadh inmheánach á chur i bhfeidhm de réir an Phlean Iniúchta Inmheánaigh comhaontaithe. Tuarascáil dhébhliantúil don Údarás faoi chur i bhfeidhm cláir bhainistíochta riosca.	Tuarascáil iniúchta saor ó locht faighte. Tuairisceáin déanta in am. Plean Iniúchta bhliantúil aontaithe curtha i bhfeidhm. Tuairiscí tugtha don Údarás faoi dhó sa bhliain.
5.7	Buiséad bliantúil a leithdháileadh do chur i bhfeidhm cláir oiliúna agus forbartha foirne ar fud na heagraíochta bunaithe ar na riachtanais oiliúna a aithníodh i CBFF.	Pleananna oiliúna foirne ar fud na heagraíochta forbartha agus curtha i bhfeidhm gach bliain. An céatadán úsáide den bhuiséad oiliúna foirne bliantúla.	Forbraíodh pleananna oiliúna foirne, aontaíodh orthu agus fuarthas acmhainní i ngach Stiúirthóireacht. 1,953 togra oiliúna do 1,173 ball foirne curtha ar aghaidh ón bpróiseas CBFF. Úsáideadh an buiséad oiliúna chun an plean a chur i bhfeidhm.

AGUISÍN 2: TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA AGUS DUL CHUN CINN

SPRIOC 5: CUMAIS OIBRIÚCHÁIN AGUS NUACHÓIRIÚ

Acmhainní daonna agus fisiceacha mar aon le cumais oibríúcháin na heagraíochta a fhorbairt d'fhonn seachadadh seirbhísí ar ardchaighdeán do chustaiméirí Theagasc a chinntiú agus ag an am céanna beartas Rialtais maidir le nuachóiriú seirbhíse agus rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm.

Uimhir	Gníomhaíocht Straitéiseach	Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
5.8	Infrastruchtúr TFC láidir agus daingean a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ag baint úsáide as comhchodanna caighdeánacha sa tionscal.	<p>Athlonnú freastalaithe chuig ionad sonraí na dtríú páirtithe faoi lár 2005.</p> <p>Nuashonrú líonra achair fhairsing a chríochnú faoi dheireadh 2005.</p> <p>Tionscadal infrastruchtúir a chríochnú faoi dheireadh 2006.</p>	<p>Suiteáladh freastalaithe agus tá siad ag obair. Tá líon suntasach d'fhreastalaithe breise a tháinig chun cinn ó na tionscadail nua do chórais feidhmiúcháin mar aon le tionscadal Nuashonraithe Infrastruchtúir TFC suiteáilte san Ionad Sonraí freisin.</p> <p>Tá tionscadail phiólótacha curtha i bhfeidhm i gCionn Sáile agus Páirc Uí Mhórdha agus tá siad á meas faoi láthair. Tá an tionscadal le críochnú faoi dheireadh 2006.</p> <p>Cé is moite de líon beag oifigí nach bhfuil gá do nasc ardluais dá ngnóthaí, nó na hoifigí sin nach bhfuil línte leathanbhanda ar fáil dóibh go fóill, tá naisc ardluais ag na hoifigí eile ar fad.</p>
5.9	A dóthain tacaíochta TFC a chinntiú do bhaill foirne atá ag baint úsáide as feidhmchláir reatha agus feidhmchláir a bheidh ann amach anseo.	Foinsí allamuigh rathúil de thacaíocht úsáideora ar aon dul le rolladh amach an infrastruchtúir nua in 2005 agus 2006.	Roghnaíodh díoltóir chun Deasc Chabhreach agus Seirbhísí Tacaíochta Teicniúla a sholáthar agus tá na seirbhísí á rolladh amach ag an luas céanna leis an infrastruchtúr TFC nua.
5.10	Leanúint le forbairt ár gcórais TFC ar aon dul le Straitéis an Rialtais Leictreonaigh.	Feidhmiúcháin rithábachtacha a sheachadadh mar atá leagtha amach sa Phlean TFC.	<p>CBFS – Leanadh le forbairt ar an gCóras Bainistíochta Faisnéise Saotharlainne i rith 2005 agus chuaigh Ionad Taighde na Gráinsí agus Ionad Taighde Bhaile Sheonach beo i mí na Nollag 2005.</p> <p>Córas agus Párolla TFAD – Tá córas nua comhtháite AD agus córas Párolla roghnaithe.</p> <p>Athfhorbairt Láithreáin Ghréasáin – Táthar beagnach réidh le páirtí gnó a roghnú le tabhairt faoin tionscadal seo do Theagasc.</p> <p>Suirbhé Feirme Náisiúnta – Beidh an córas nua SFN i bhfeidhm go hiomlán faoi mhí Bealtaine 2006.</p> <p>eREPS – Tá an tionscadal seo críochnaithe agus chuaigh an córas nua beo i mí Iúil 2005.</p>

AGUISÍN 2: TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA AGUS DUL CHUN CINN SPRIOC 5: CUMAIS OIBRIÚCHÁIN AGUS NUACHÓIRIÚ

Acmhainní daonna agus fisiceacha mar aon le cumais oibriúcháin na heagraíochta a fhorbairt d'fhonn seachadadh seirbhísí ar ardchaighdeán do chustaiméirí Theagasc a chinntiú agus ag an am céanna beartas Rialtais maidir le nuachóiriú seirbhíse agus rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm.


Uimhir	Gníomhaíocht Straitéiseach	Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
5.11	Leanúint le forbairt an phróisis phleanála ghnó agus an Creat Faisnéise Bainistíochta (CFB).	Céatadán pleananna gnó curtha ar fáil in am. Creat Faisnéise Bainistíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm faoi dheireadh 2006.	D'ullmhaigh na hAonaid Bhainistíochta uile pleananna gnó in 2005. Athbhreithníodh an teimpléad pleanála atá le húsáid dó seo in 2006. Tá obair ullmhúcháin á comhordú ag an Aonad Luachála.
5.12	Leanúint le clár iniúchta inmheánaigh a chur i bhfeidhm.	Plean luachála a sheachadadh in am.	Críochnaíodh 3 thuarascáil luachála.
5.13	Leanúint le Tionscnamh Seirbhíse ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí a chur i bhfeidhm.	Céimeanna gníomhaíochta sa Phlean Gnímh um Sheirbhís Chustaiméirí a sheachadadh in am. Comhlíonadh le tiomantais Chairt Chustaiméirí Theagasc mar a léiríodh i suirbhéanna a rinneadh ar chustaiméirí.	Cuireadh céimeanna gníomhaíochta mar atá sa Phlean Gnímh um Sheirbhís Chustaiméirí i bhfeidhm in 2005 mar a bhí beartaithe. Tá doiciméid suirbhé, le críochnú ag rannpháirtithe sa raon cúrsaí atá á gcur ar fáil ag Teagasc, ar fáil le híoslódáil ó shuíomh Tnet Theagasc (inlíon). Déantar anailís ar cheistneoirí comhlánaithe agus úsáidtear iad chun athruithe a dhéanamh ar chláir agus acmhainní.
5.14	Seirbhísí tacaíochta taighde agus bainistíochta inmheánacha a sholáthar mar aon le forbairt córais bhainistíochta um maoin intleachtúil.	An Córas Bainistíochta Faisnéise Taighde a nuashonrú faoi dheireadh 2006. Beartas faoi mhaoin intleachtúil a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta de réir Cóid Chleachtais ICSTI faoi dheireadh 2006.	Cuireadh tús leis an nuashonrú in 2005. Cheadaigh an bhainistíocht an doiciméad beartais in 2005.

AGUISÍN 2: TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA AGUS DUL CHUN CINN

SPRIOC 5: CUMAIS OIBRIÚCHÁIN AGUS NUACHÓIRIÚ

Acmhainní daonna agus fisiceacha mar aon le cumais oibríúcháin na heagraíochta a fhorbairt d'fhonn seachadadh seirbhísí ar ardchaighdeán do chustaiméirí Theagasc a chinntiú agus ag an am céanna beartas Rialtais maidir le nuachóiriú seirbhíse agus rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm.

Uimhir	Gníomhaíocht Straitéiseach	Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn
5.15	Soláthar cláir chuimsithigh seirbhísí Caidreamh Poiblí agus Cumarsáide Custaiméirí.	<p>Uasghrádaíodh an láithreán Gréasáin poiblí faoi lár 2006.</p> <p>Líon preasráiteas/foilseachán eisithe agus an méid clúdaigh sna meáin mar thoradh air.</p> <p>Líon foilseachán nua curtha le chéile go bliantúil.</p>	<p>Tús curtha leis an bpróiseas. Críochnófar nuashonrú an ábhair faoi dheireadh 2006.</p> <p>Ar meán, tugadh 62,925 cuairt ar an láithreán Gréasáin in aghaidh na míosa.</p> <p>99 preasráiteas.</p> <p>6 eagrán de <i>Today's Farm</i> – foilseachán Theagasc do chliant.</p> <p>Foilsíodh 5 imeacht comhdhála.</p> <p>I measc na bhfoilseachán corparáideach bhí Tuarascáil Bhliantúil, Ráiteas Straitéise agus Cairt Chustaiméirí.</p> <p>Chlúdaigh na meáin fótagrafacha 50 imeacht/gníomhaíocht.</p> <p>Pig newsletter: 5; <i>Irish Journal of Agricultural and Food Research</i>: 2; Achoimrí feidhmiúcháin: 5; Tuarascálacha Taighde: 2; Staff Info: 3; Tuarascáil Bhliantúil (Béarla agus Gaeilge); Ráiteas Straitéise 2005-2007 (Béarla agus Gaeilge);</p> <p>Plean Gnímh um Sheirbhís Chustaiméirí (Béarla agus Gaeilge); Cairt Seirbhíse Custaiméirí (Béarla agus Gaeilge)</p> <p>Imeachtaí Comhdhála: 4; Leabhráin Laethanta Oscailte: 4; <i>Today's Farm</i>: 6;</p> <p>Foilseacháin eile, nuachtlitreacha, bileoga faisnéise agus leabhráin san áireamh: 27.</p>
5.16	Clár iniúchta inmheánaigh a chur i bhfeidhm.	Scála agus méid an chlár curtha i bhfeidhm i gcomparáid leis an bplean	<p>Bhí 3 chruinniú ag an gCoiste Iniúchta in 2005.</p> <p>Críochnaíodh tuarascálacha iniúchta sna réimsí taighde, comhairleacha agus riaracháin/airgeadais.</p> <p>Coimisiúnaíodh 2 thasc iniúchta agus iniúcháirí comhairleacha seachtracha a rinne an dá thasc sa réimse oiliúna, ceannaigh agus soláthair.</p>
5.17	Clár seirbhísí leabharlaine a chur i bhfeidhm.	Rochtain ar líne ar théacs iomlán irisí, ar fáil do bhaill foirne do gach clár.	Cás gnó do rochtain ar líne ullmhaithe agus ag fanacht chun ceadú a fháil an tionscadal a chur i bhfeidhm in 2006.
5.18	Clár tógála bliantúla a chur i bhfeidhm de réir an bhuiséid a cuireadh ar fáil.	Clár bliantúil beartaithe ullmhaithe in am agus de réir buiséid.	Clár tógála a bhfuil caiteachas de os cionn €8 milliún i gceist leis agus a críochnaíodh in 2005.



Páirc na Darach, Ceatharlach, Co. Cheatharlach.

Teileafón: (059) 917 0200

Facs: (059) 918 2097

Ríomhphost: info@teagasc.ie

Láithreán Gréasáin: www.teagasc.ie